hab, n. Hob. *Ar na ~annaí dubha S, in (the fires of) hell.*

habal, n. 1. Constriction. *Tá tú i / sa ~ SM,*

- you are caught, in a fix. *Tá se sa ~ ceart anis* S. *Tá ~ orm i ngeall air* S. *Chuir se sa ~ e héin* S. **2.** ~ *dros* (< dress), ~ *babal dros*, very tight and narrow dress formerly in fashion SM.
- habhns, hauns**, (< hounds) n. Uppermost part of mast. (Cf. LFRM) Fig. *Chuir me go ~ e* S, I put it very high.
- habláil**, v. Put in a difficulty. ~*álú e*, *Tá me ~te an péin*, ~ *tú thú héin i nganfhiós duit héin* S.
- hacsáil, haksáil** S, f. = HAICEÁIL S. **1.** Usage. ~ *mhaith bainte as an bpuíopa a'm*. **2.** Hardship. *Fuair me neart ~ 's a ghoil ann*. **3.** Pottering. *Ag imeacht ag ~ ó mhaidin*. **4.** Beating. ~ *mhaith bhualte* S.
- ha deaid**, 'hæ: 'dæ:ɔ, (Interj) (Calling for attention), watch (out)! *Aire dhó ~ ~ anis fan go bhfeice tú*, ~ ~ *anis tá an ropadh le bhe' ann*, ~ ~ *anis breathaigh 'mach anis* S.
- haiceáil, hæ:k'áil**, f. (As VN) **1.** Potter about, idle. *hæ:k'áil hæ:rt, hæ:k'áil f'æ:t, gæn mo:ra:n f'ε d'ín æd ax* ^ə *hæ:k'áil* ~ *thart*, ~ *leat*, *gan mórán le déanamh a'd ach a' ~*. **2.** Period (of use). *wæn' m'ε 'æ:n' ~ æs Mq bhain mé an~ as. Tá ~ mhaith bainte a'd as an seaicéad sin* S. *Tá go leor ~ bainte a'm as an treabhsar* S. **3.** Beating. *Fuair se ~ M*. Cp. *haicleáil* s.v. HAICILÉARA.
- haiciléara**, m. (Speaker in query uncertain of meaning. Possibly) *bean ag imeacht ag haicleáil léithi* Mq.
- haidheas**, (perhaps f.), M, (= FFG). Heat (in bitch).
- haidh for, haidhfear, hai for, haifær**, Interj. *Haighfear lá Mhic Dara is cacthaidh muid sa mbaile!* S. *Haidh for deireadh na hoíche!* S (said at 'time' (house party) so as to keep it going until morning). *Haidh for Jaice na Báine!* S.
- haighe deá, 'hai 'dæ:** SM. n. Ride (for child) on persons back or shoulders. Also ~ ~ *guaillí*, etc., cf. 1.264.
- haighe deó, 'hai'du:** M. 'hai'du: **43M**. n. **1.** High do, merriment. *Bhí an~ ~ ann* M. **2.** Nervous, crazy behaviour. *Bhí mé ar ~ ~ 43M. Bhí sí ar ~ ~ an vuicend [weekend] seo 43M*.
- haighdiacs, 'haiði:a:ks** M. Variant of FAIGHDÍACS.
- haighe dic, hai d'ik'**, (Interj inciting (adults, children) to fight) ~ ~, ~ ~, *hai d'ik' d'ik' d'ik'* S.
- haigheas**, n. **1.** Hoist. **2.** Jolt. *Bhain an carr ~annaí asainn* Mperm.
- haigheasáil**, v. **1.** Hoist. **2.** Jolt up and down. *Bhfuil do dhóthain ~ faighte anis a'd?* M (in car on bumpy road). *Bhfuil tú tinn le ~ na mbóithre seo?* **57P**.
- haighlindar, hai'l'in'dær** SM. (< highlander), m. Wild, sportive person, M. *Bod an ~ S* (meaning not known).
- haigh sodar**, m. High gallop. **g'im'æxt snə 'hai'sedərs** S87 *ag imeacht sna ~s*, galloping along. Cf. SODAR.
- hailí**, f. (Common in Ceantar Na nOileán according to **56Pe**.) **1.** Small handball, Mq. **2.** Any sport ball, including soccer ball (so used by **21Pt** according to **66N**).
- haindeáilteacht**, f. Utility. *Ag díonamh ~ (bhíodar)* S. A *-Nach bhfuil sé chomh haindeáilte ... ?* B *-Óra thú héin is do chuid ~ S*.
- hainséar**, m. (Cf. LFRM) (In) ~ *airgid* S, parcel, bundle of money.
- hairdeabaidheas, hæ:rdəbais**, pl. Spree, frivolity. *Tá sé ag imeacht sna ~ uilig le gairid* S. *'g imeacht ag snámh s 'g imeacht sna ~ S*.
- haiste**, n. **1.** Hatch. *Fuair me comhltha* [< comhla] ~ *faoi thú* M. **2.** Transom seat at the helm. *Shuígh me thiar ar an ~ gá góil* SM.
- hala, hála**, m. Gust. *há:lə gi:hə, há:li: gi:hə* Mq *hála gaoithe, hálaí gaoithe*. Also *há:lə/i:* Mperm, *halaí* FFG npl.
- halmadóir**, m. **1.** Helm. **2.** Shaft (used to turn a swing bridge). *Droichead atá le casadh faoi gcuairt, leihí an bád a ligan thart, síos agus aníos. ... Casann siad é le rud a dtugann siad an ~ air: píosa adhmaid isteach ann, agus an droichead a chuir thart ansin, ar an bpiléar san áit a bhfuil sé.* **889P** (of Droichead an Daingin).
- harae**, (Interj and noun). Hurrah. *v'í: n hæ:re: s əŋ gə:r' a:n* S *bhí an ~ is an gáire ann* (of fairies).
- haraeáil**, f. (As VN) Shouting (hurrah). *ə gə:r'hi:l' s ə hæ:re:al' S ag gáirthíl is ag ~*.
- haraicéin**, (< hurricane). n. Very strong wind. *Tá sé ina ~ anis* S.
- hara(r)s**, pl. Madness, hallucination. *Haras óil* S 'delirium tremens', *haras donacht, tá sé imithe sna harars, d'imi' se sna harars* S.
- he**, Interj. What (did you say)?

- hea**, (sea⁴). Yes. **1.** -ə'N'e: v'i: b'orðe: a:n S *Inné a bhí a beordé* (< birthday) *ann* -hæ **14M** *Hea*. **2.** (Sometimes in response to full verb). -ka:l'u: e jin' nar ka:l'u **66N** *Cailleadh é sin nar cailleadh?* -hæ **M** *Hea*. ~ ~ **05M**, yes, continue.
- héaram scéaram, he:rəm f'k'e:rəm**, (< harum-scarum). n. Giddy person. *Cheap me gur ~ ~ a bhí ann is ní hea ach duine deas socair* S.
- heictar**, m. **hek'dər**, (< Hector). Tall, hardworking woman. **s br'a: n ~ gə v'æ:n i** Mq *Is breá an ~ dhe bhean í*.
- heid, heđ**. n. Head, (in phrase) *chuala mé go raibh sé ag cuir ~ ar an bpínn, go raibh sé ag saothrú* S.
- heileabailiú, hel'əbəl'u:** (also perhaps **hil'**), (< hullabaloo). n. High spirits, hubbub, commotion. *D'ardaigh se ~, Bhí se ina ~ ann, D'ardaigh an ~ ann, Bhí ~ a'inn ann, D'éirigh ~ eidir iad* SM.
- héin, féin**, a, adv. Even. *Ní hin e héin e ach bhí sí biusaí* **18Bm**.
- héip**, m. (Large) heap. ~ *mór aoileach* M.
- híbh**, f. (< heave). Slant, asymmetry. **v'i: hi:v' əg' im'əxt er', v'i hi: v'og er'** Mq *bhí ~ ag imeacht air, he was lopsided, bhí ~ bheag air*.
- híbheáil**, (As VN) Sway, incline. **hi:v' a:l' o' hi:v' gə ti:v** M ~ *ó thaobh go taobh*.
- híbile haibile**, f. **hib'əl'ə hæ'b'əl'ə**. Slovenly, negligent thing or person. ~ ~ **wor: gə yin'ə** Mq ~ ~ *mhór dhe dhuine*. Cf. HUBAIRLE HABAIRLE.
- hí hoip**, **hi:(i) hep' / hop'**. (Interjection of effort or strain) *Hí* [while taking strain] *hoip* [while exerting effort] S. Cf. HOIP.
- híl**, f. (< heel). Slant, asymmetry. (= FFG20). Also heel of boat.
- híl ababhait, hi:l' ə'bauʃ**, (< heel about). n. Nautical turn. *Níl sí i ndan ~ ~ a dhíon-amh* **12J**.
- híleáilte**, a. **1.** Slanted, lopsided. (= FFG20 1.). **2.** Tipped. ~ *síar* (= FFG20 2.).
- hínteacac, hin' təkək**. (In) *go hínteacac*, as far as possible. *Chua' se go ~ S. Chuir me an scian isteach go ~ M.* Also **f'in' təkək** in *go finteacac* **49J**.
- hó**, Interj. ~ *Mhac Dé!* S.
- hóbair, (hobair 19B)**, adv. **1.** Almost. (a) (With negative) ~ *nar thit me* S, I almost fell. ~ *nar thit sé dhen teach. N'ir ho:bər' nar ma:ru: m'ijə* **01J** *nór ~ nar maraíodh mise*, I was almost killed. (b) (With positive) *Is mé thóbair dhianhach an feáll ...* **870B1**, I almost committed a treacherous deed (With subject pronoun) *Hobair* [sic] *sé é bheith míosáilte aige* **19B** (Doire an Locháin). **2.** Mind, watch out for. (Meaning and examples offered by Seán in query) ~ *thú héin!* ~ *an bhó!* ~ *é sin!* Sq.
- hó bha**, (Interj and noun) (Of sleep). ~ ~, ~ ~, *hó bhaighin, a stóirín, is tit i do chodladh ansin* S. 'se [sic, Tá sé] in *am a ghoil* ~ ~ S.
- hó bhó**, (Interj) Oho. **a: ha ha ho: wo: S** (as a half yawn).
- hoib**, n. Incomplete action, attempt. (Also *hob* S.) *Thug se hoib air* S, he was close to doing it. *Tá se ar (a) ~ a bheith réidh* S.
- hoip**, (Interjection of effort) ~!, ~ *anis, a bhfuil tu réidh?* (to take strain) S. Cf. HÍ HOIP.
- holcam halcam, holkəm hæ:lkəm, h-ha:-**. m. (In) ~ ~ a *dhéanamh*, to eat everything up, gulp down. **rin'ə fə ~ ~ er' / d'ə** Mq *rinne sé ~ ~ air / de*. Cp. HULCAM HALCAM.
- hops**, (Interj of disbelief) Nonsense! ~! S. ~, *a bhuaichail, is maith thú!* S.
- hórá, ho'ra:**. n. Commotion. *Bhí ~ ann, Bhí ~ acub* S.
- hóra-mhíle-grá**, m. (Type of extempore verse which has ~ in the refrain) **v'idər ə ra: ho:rə v'il'ə gra:əni:** S *bhíodar ag rá ~-annaí*. Also SÓRA-MHÍLE-GRÁ.
- horú**, (Interj driving sheep) ~ *'mach!* S.
- hubairle habairle**, m. Pap, mess, sloven. ~ ~ **gə yin'ə** ~ ~ *dhe dhuine*. ~ ~ *mór* Mq. Cf. HIBILE HAIBILE.
- huc, húc**, (< hook). n. (In phrase) ... *amach ar do huc héin is ...* **04Br**, independent, on one's own. *Bhí muid amach ar a húc héin*. **21Jq**, *bhí sé amach ar a húc héin* **27Mdq**, 'he was on his own'.
- hucste**, interj. (In) *Hucste 'Mhic ó* (rhyme) **894C9**.
- huga**, (Defective verb) Go away, move over. ~ *leat* M, off with you. *Hugaí lib, ~ muid linn*, SM.
- húirt háirt**, (húirte háirte). n. Hubbub. *Bhí ~ ~ hu:rt' ha:rt' ann, ag iarraidh iad a scaoileadh*. **892M**.
- húisteáil**, f. (In) *an darma ~*, second shift or bout of work. *Críochnaigh an féar inniú 's gan an dárna ~ a bheith air* M, ... have it finished. *Ná bíodh an dárna ~ air* SM.
- hulcam halcam**, n. Bustle, commotion.

Tháinic ~ ~ air le deifir is é ag gearradh féir S. *Bhí sé ina* ~ ~ air S. *Tháinic se ina* ~ ~ ar deireadh orm S. *Bhí* ~ ~ ann, *Bhí* ~ ~ ag an mbord acub SM (of children eating). Cp. HOLCAM HALCAM.

hump, n. (In phrase) *hump ná hamp*, (in negative) no strength, energy. *Níl* ~ *ná hamp ann* S, **43M**, *ní ro hump na hamp eg'ə* **43M** *ní raibh* ~ *ná hamp aige*.

hup, (In phrase) *hup ná hap*, (in negative) no energy. *Ní raibh* ~ *ná hap ann* S. *ní'í' hup na hup unəm*, *ní'ir an hup na hup inəm* M *níl* ~ *ná hap ionam*, *níor fhan* ~ *ná hap ionam*.

húp, (In phrase) *húp ná hap*, as HUP NÁ HAP. *Níl* ~ *ná hap ionam níl mé i ndan corraí* M.

húra hara, Interj. *hu:rə hæ:rə hugəx mid' er'*, *hu:rə hæ:rə hæ:rə ski:l'əg'i: hæ:ri: e*, *hurí: hæ:ri: e ski:l'əg'i: hæ:ri: e* S '~ ~' a thugadh muid air, ~ ~ hara scaoilgí tharaí é, *húraí haraí é*, *scaoilgí tharaí é!* Cf. FAICE.

húrta harta, n. Commotion. *Bhí se ina* ~ ~ ann M.

I

i, prp. In. **1.** (Pleonastic use with season and time nouns) **(a)** *Sa bhfúmhar a bhí ann* S. *Séard a bhí ann an lá seo san earrach, agus bhíodar ...* ARN4060, one day in Spring (Cp. *Ach an oíche seo séard a bhí ann, an-ghar dho Lá Nollag* ARN-5820.) *San earrach agus sa samhradh féin is fearr lena n-aghaidh* Clad115, *San oíche Dé Dúmhnaigh Oíche Shamhna* P, *Hallowe'en is on Sunday night*. Cf. ANN. **(b)** *Dúirt sé in aon uair amháin agus é ina shuí ar charnán cloch ...* ARN5048. **(c)** (With nouns of place) *Níl tu ag goil in aon áit* P. *Ní raibh tu in aon áit aréir* P. **ní wí: ga:jk' ə n'ə:n a:t' hu** **64Mt** *ní bhfuighidh gaisce in aon áit thú*. **2.** (In applying to, treating skin with) *Théis pabhdar na míola chur ann* M (of beast). *Cuirthidh me T.D.T. ann* M. **3.** (With possessive as function, status) *Ní raibh dáta ar bith ina chainteoir leis* FFG s.v. *dáta*, he was a marvellous speaker. **v'i: braiði: nə f'ær gəs nə b'æ:n** M *bhí Braidhái ina fear agus ina bean* (able to do both types of work). **ta istər mundə: nə v'æ:ŋk' ha:ləde:** M *tá 'Easter Monday' ina*

'bank holiday'. *Is féidir e sin a bhaint ina bhéileachaí* M, a sufficient amount for one meal can be harvested at a time.

í¹, (Pronoun) She, her. **ər i: nu: e: tɑ: ɑ:n** **43M** *Ar í nó é atá ann?* is it a he or a she? (of child).

í², n. (In phrases) **1.** *Ar ~ ar éigin* S, barely. **2.** *Gan ~ gan ó gan á gan achtaireacht* S, without any delay or procrastination. Cp. ÍN.

iallach, m. Obligation. **(a)** (With *dhe*). **tɑ g iələx orəm v'e mu ɑ:n** S *Tá dh'~ orm bheith amuigh ann* S. **(b)** (Of non-animate cause). *Sé an tae chuireanns ~ air e' dhíonamh* M.

iarann, m. **1.** Iron. ~ *greidil* **01J**, griddle trivet. **2.** Object made of metal. *Bhí an t~ bainte 'mach as an talthamh acú is chuile shórt* M (of iron railings). Metal. *Bó a raibh ~ inti* S, cow that had eaten metal object(s). *Tá ~ tóigthí aici* S. **3.** (In water) *Toibreachaí fíoruisce bhfuil an t~ ann, díonann se tae gorm, uisce ~ainn tá ann*.

iargúil, n. and a. Remote (place), SM.

iargúlach, a. Remote, S.

iargúltach, a. Remote, Mperm.

iarlacan, (As VN) accompanying. *Ag ~ an athar Peter* **!894C9** (in note = *tionlacan*. '~ na n-óinseach.').

ia(rmh), (iamh). n. (In phrase) **iə [iər ?] nə: ɑ:r:vəs, iərv nə: ɑ:r:vəs, iər nə: ɑ:r:vəs** S, without stop or stay. (Corresponds to *iamh ná foras* FGB).

iarmhais, n. Valuables, heirlooms. *Ní mórán ~ e* S, it is of little value.

iarr, v. **1.** Ask. **(a)** (With *muc* and *mada*, of strong exhortation) **(hug fɛ) iərə nə mik'ə ogəs iərə n wɑ:d er'** M *thug sé iarraidh na muice agus an mhada air. wel' ta m'e iərħə ogəs iərə nə mik'ə ogəs iərə n wɑ:də M *bhuel tá mé iarrtha, agus iarraidh na muice agus an mhada*. **(b)** Request. *Ní iarrthainn breathú go brách air mara mbeadh aon-nduine istigh* P (at television). **(c)** *-Bhfuil se chomh dona sin? -Tá se chomh dona is d'iarrthá* **12J** 'it is as bad as it gets'. **(d)** *Iarr ag, ask to come. Tá Nóra dho m'iarraidh ag bingó*, N. wants me to accompany her to bingo. **2.** Want. *Tá sé ag iarraidh thú fheiceáil*, he wants to see you.*

iarraidh, f. **1.** Request, plea. *Thugadar ~ na déirce orainn ag ~ orainn a ghoil síos* M, they pleaded with us *Chuir sé*

chuire ~ ortha ... go dtí ~ na déirce 11Ctn. *Tá ~ do chodach ionad. Tá ~ a chodach ann* S, he is not ashamed to ask. **2.** VN, Trying. *Go raibh sórt píosáí filíocht ag ~ bheith gá chumadh dho bhean eicínt acub. Ach bhíodh píosáí dhá chumadh is ní raibh sé ceart.* 11C. **3.** Blow, stroke. *Na hiarrantaí a bhí aige* M (pl; of teacher given to hitting). **4.** *Ar iarraidh*, over, past. *ta mē xud seʔəni er' iəə n'if* 40S *tá mo chuid soiteannaí ar ~ anois*, my set-dancing days are over.

iarraíocht, f. (From context) desire. *Níl aon ~ a'inn ort ... níl gean ar bith a'inn ort. Ach níl aon ghean a'inn ná aon ~ ar aon fhear* 866E Semr54.

iasacht, m. Borrowing. ~ *na n-~* S, lending or borrowing of a borrowed article.

iasc, m. **1.** Fish. *Teara aríst amáireach a dúirt an t-~* S (of a bad fishing day). ~ *e ~ e ~ e!* M (call of the seagull, also) ~ ~ ~! M. **2.** (More generally of marine life) ~ **30Ms** (referring to lobster). Cf. BREAC.

ifreann, m. Hell. *Tá díol ~ in aon-nduine amháin* M, one (of them) is enough trouble.

im, m. Butter. *Tá siad ag iarraidh ím ar chaon taobh acu* S, bread buttered on both sides.

imhne, (inmhe) n. Maturity. (In phrase) *in ~, (a) mature, (b) able. A' ra' tú in ímhne díona dhuit héin* 894C9 (explained, probably by 894C, as 'i ndán' (for *i ndan*)).

imeacht, m. (As VN) Leaving, going. *Ag imeacht*, there, about, available, in existence. *Maith an rud tá 'g ~ a'd tá iarraidh do chodach ort* S. *Bhí mearjaraín ag ~ álráidht* S. *Báiníní a bhí ag ~ san am. kəf'əm' (kaurur' ə v'i:ns' f'jəd' ɪg' 'im'əxt, they are rare) 46.827 coiln, corruair a bhíonn siad ag imeacht.*

imigh, v. Leave, go. *D'imi' sin ann héin* (as narrative device) that passed, thereafter. *Bhí mise sa ngeimhreadh gá mbeathú ... ach e- [filler] d'imi' sin ann héin 'gus e-san earrach ansin thosa' siad ag breith* S.

imigh amach. Run out, dry out. *g' im'əxt ə'max* M *ag imeacht amach.*

imir, v. Play. *Imir ar (a) ~ ar dhuine*, fool somebody. *Bhídís ag ~t orthub* S. **(b)** (Cards) play to beat. *Imrigí anís air sin tá sé ard* S. *Ag ~t ar an té tá ard* S. *Tá an bheirt agáí ag ~t orm* S.

imleacán, m. Navel. *im'əka:n ən er' br'if'ə* M ~ *an aer briste* (of very heavy

shower, rain; contrast FFG).

imleach, n. **1.** Marginal land, marshy shoreland. (= *imeallach*¹ FGB, *imlech*¹ DIL). *Soir ar an ~* M (of marshy shore near An Posta in Maínis). **2.** High ground. ~ *maith áit breá* [sic] *ard crochta, ' ~ breá talthúna aige' déarthaidís* S. **Iomlach imlax** [sic S85] spreading-ground. *Droch-~, ~ maith, ~ mína. ə ʔo:hən' imlə ʔo:* *a dhóthain ~ dhó. ~ a thabhairt dhon fhéar* S, spread hay out well. **3.** **Iomlach (Mór), an t-**, place-name in mountains S. 'muich [amuigh] *ar an ~* S. Cf. IONLACH.

imní, f. Worry. *Ringéail sí le ímrí dhúinn* M, she rang because she was worried about us, out of worry for us. *Tá ~ a'm di.*

ín, n. (In phrase) *ar ~ ar éigin* M, barely. (Also) *ar ~ éigin* S. Cp. í².

inbhearrtha, a. Capable of being shaved. Fig. *Níl se ~* S, he is in a bad humour.

inchinn, **in'hən'** M, P, **ihən'** S. f. Brain, (also) hollow of temple S.

inchúnta, a. Able to help, helping. *Bhí J ~ le B. Bhí sé ~ liom 'cuir isteach féir* S.

inghrásta, a. Fit, possible. *ə'ŋ'ra:stə, ə'n'ra:stə* S. *N'i:l' fe ~, níl sé ~. N'i:l' fe ~ ʔo'l' ə'max, níl sé ~ a ghoil amach. N'i: ro fe ~ a'm e thaobhachtáil* S.

ínín, f. Girl. *Narbh íontach an ~ í Ceaitlín!* M.

inné, adv. Yesterday. *Deabhal páirc a bheas i gCarna go dtíochtáidh an lá ~ ar ais* M, there will never be ...

innis, v. Prove, demonstrate. *D'insi' se dom gur bulsit* [< bullshit] *a bhí sa rud* S, it showed me that ...

intaobhaí(the), a. Dependable, reliable. (Often of bad weather) *Níl se ~ tada dhíonamh ar an aimsir seo* S. *Ní raibh se ~ a'd a ghoil amach* S. *Ní raibh sé intaobhaíthe (ghoil amach).* 20C.

intinn, f. **1.** Mind. *Thóigthead se ar ' ~ e sin, thóigthead se ro-mhór ar ' ~ e* M, that would distress him. *Tá mé eidir dhá ~.* **2.** Attention. *Nuair atá t'intinn in áit eile* S.

intruist, a. Trustworthy, reliable. *Ní raibh sé ~ nó bhí.* 892M, He certainly was (he was and he was not to be believed if he said otherwise).

íoc, v. **1.** Pay. *D'~ me leithchéad bearlí leithi* S, I paid her for *D'íoc na Gheaincs orainn*, the Yanks paid for us (covered our costs). **2.** Be worth while. *Ní ~that se ghoil soir ansin* M (to a party).

íochtaireach, a. Low. *Baile Íochtair, bhí se*

~ S.

íochtar, m. Bottom. (Of reef of sail) *Dhá ~ i gcónaí* ARN6062. *Ar ~ na fuinneoige* S, on the window-sill. *Stáid ... a dearnadh ... thíos in ~ an bhaile uilig.* **894Cs** (at shore).

iomaí, a. cf. IOMÚ.

iomaire, f. Ridge. **ta fjäd ə gol' ɣa: umər'ə** S *tá siad ag goil dhá ~*, they (potato stalks) are spreading over two ridges.

iomarbhá, n. (In phrase) *tháinic sé san iomarbhá*, it came to pass. *Nó go dtáinic sé san iomarbháidh go ra mé héin i ndán mo ghraith fhein a dhíona* **894C9**, *go dtiocait sé san ~ choidhchin go* **894C9**.

iomlacht, n. Ferrying. *Ag fáil ~ an duine uasail* S 'being brought about in great comfort'.

ionlaigh, **ionlaigh**, v. Ferry. *D'ionlaigh mé isteach iad* Mq.

iompaigh, v. **1.** Turn. **(a)** *Ní iompóidís sin ar a gcóis duit* S, they would not lift a finger for you. **(b)** *Níl iompú ar do chois a'd ann* S (of confined room). **(c)** *Níl iompú mo chois a'm ag an raicleach* S, I cannot move, have no comfort, have no freedom because of the hussy. **2.** *Balthaí [pl of baladh] eile d'iompóidís me* S, = *d'iompóidís mo ghoile*. **3.** With *ar*. *Go n-iompaíodh [recte] an ghrian dath dearg orthub* ARN1539, till the sun would turn them red.

iompaigh amach, *Tá tú iompaí amach i do ...* M, you've turned out (a right) *D'iompa' sí amach ar an ól* M, she turned to drink, took to drink.

iompaigh isteach, *Tá siad ag goil gá iompú isteach sa scoil* M, ... turn / change it into the school.

iompaigh suas, *Dho réir mar iompós an saol suas dho dhuine* S, ... life turns out

iompair, v. Carry. *Níor iompair mise fuacht ná fáitíos ariamh* S. *Bíonn sí ag iompar go maith bhfuil fhios a'd M*, she is well during pregnancy.

iompair ar, Except, grin and bear. **ta s eg' brain kal' fi: u:mpər' ort ə'n'if i:** M *tá fhios ag Braidhean cá bhfuil sí, iompair ort anois í!* (of the hag in cards). **kahə fe e u:mpər't' er' he:n' ə'n'if muʃ** M *caithidh sé é a iompairt air héin anois muis* (of upset child).

iomú, a. Many. **(a)** *Shíltheá gur h~ a*

leithide a thiúrthadh luach svuúts duit M, you would think that many of his kind would give you some money for sweets. **(b)** (With collective noun) *Nach ~ airgead bheadh a'd P*, wouldn't you have plenty of money. *Is ~ féar agus rud a bheas ite acub siud shála ...* M. *Is ~ allas a chuireadar* **04B**. Also **iomaí**.

ionann, **anən**. a. Same (uncommon with *le*). *Ní h~ í le carraigín ná le rud a bith dhen tsórt sin.* **889P**.

ionann's, **anəns**. conj. **1.** Although. *'Anann's nach fiú breán mise má tá chuile dhuine sásta go dtí me,' ba mhór an focal aige 'anann's'* S. **2.** (From the context) All the same, indeed, well. *'Anann's,' a deir Veail, 'ba cheart duit fear maith eicíneach a thraíáil le thú chur as aimhreas.'* *'Anann's' sin focal a bhí aige* P.

ionga, f. Nail (on finger). **1.** (Of small amount) *oiread t'ionga*, *Dheamhan oiread t'~ bhí sa lao sin* M. *Ní raibh oiread t'~ ann* M. **torəm er'əd t'ingə rən'** M *tabhair dhom oiread t'~ aráin*. **2.** *Ionga ná orlach*, *Níor tháinic ~ ná orlach air sin anis* M, it did not grow the least amount. *Ní dhearna sé ~ ná orlach ariamh* S, he didn't grow at all.

ionlach, n. **ɛ:nləx ɛ:nləx** **45C**. Spreading-ground (for turf, hay, etc.). *Tá droch-fúithi / faoi* **45C**.

ionlaigh, cf. IOMLAIGH.

iontaigh, v. Turn. *Iontaigh de*, turn (appliance) off. **u:nti:mʃə je e** **14M** *iontaímse dhe é.* **gə n' u:nti:n' fjäd je e** **14M** *go n-iontaíonn siad dhe é.*

iontas, m. Wonder. **ta i:ntəs am ə:n** **01J** *tá ~ a'm ann*, I am astonished by that. **-ta 'a:n'ʃt'ail' ort** *Tá an-steidhl [style] ort.* **-hi:l'hə: gər i:ntəs ta æd ə'n** S *Shíltheá gur ~ atá a'd ann! Ní hé mac Mhicil é sin isteach, tá iontas a'm gurb é S*, ... I'd be astonished if it was him. *Tá an-iontas a'm é imeacht.*

iontú, m. Turn, turning. *Ar ~ do bhoise* **01J**, in the blinking of an eye, suddenly.

Íosa, Jesus. (In interjection) *~ Mhaighdean!* M.

ioscaid, n. Small corner, wall S.

ioscaidín, n. Small amount. *~ beag dhe rud.* Small thing. *~ beag dhe ghamhainín* M.

is, cf. AGUS.

isín, f. Vulva. **to:r' er' ə'n' ifi:n'** Mq *tóir ar an ~*.

isteach, adv. **1.** In. **(a)** *Choinic me ~ í* **43M**,

I saw her in (through the window). **(b)** *Isteach is amach*, in and out. *Dúirt me go mbuailthin ~ is amach ann* P (I said (to myself) I would make a quick visit). *Ón uair nach bhfuil aon-nduine ag goil ~ ná amach aige teigheann se a chodladh luath* M. **(c)** (Of age) *Tá sé ag goil ~ sna chúig bliana déag* S, he will be fifteen next birthday. **2.** To table. *Go' ~ ag do bhéilí, Sheáin* M; *Go' ~, a Sheáin, ag braon tae* (to Seán who was at the hearth, a few feet from the table on both occasions). **3.** (In contrast with *amach*) **(a)** (From mainland) to island, peninsula. **fo:ná:l' f'i: f'æ:x i:** M *fónáil sí ~ í* (phoned from Carna to Máinis). **kin'á:l' er' ~ mi:n'əf** S *coinneáil air ~ Máinis. Bhful tú ag iarraidh tada ~, a Mháire?* **23B** (from Carna to Máinis). *Bhíodh muid ag goil ~ ar na hoileáin, Oileán Mhic Dara is ar na hoileáin sin ~, gá baint.* **05M.** *Gotha' muid ~ ag obair* **52J** (into the southern seaward part of the Ros Muc peninsula in contrast with the 'outer' northern part). *An teach is foide ~ M* (in the Damhras peninsula). **(b)** Also from inland to coast. *Isteach as na cnoic a mháthair* M, his mother has come from the hills (of Conamara, married into the coastal area). **4.** Towards land (from out at sea). *Choinic sé triúr fear... ~ uaidh ar an cladach* [recte] ARN5526. *Bhí na báid eile i bhfad isteach* ARN8177. *Is í dhá tabhairt ~ un an chalthadh.* ARN8241. *Amuich i Sceirde ag gliomadóireacht ... tháinig sé isteach as Sceirde fliuch báite.* **05M.** *Ní raibh loch ó Shraith Salach ~ [sense 3(b)] nach raibh blas sáile ar an uisce le ar fuadaíodh den tsáile ~ [sense 4].* **876JDT97.** Cf. ISTIGH, AMACH, AMUIGH.

istigh, adv. In. **1.** In stomach. *Níl sí ag coinneáil tada ~ ag caitheamh amach ...* Mlt, he is keeping nothing down ... **2.(a)** On island or in peninsula. *Bhí an t-ileán mór seo istigh aige ... Bior.* **897St**, that large island (in the bay). *-Cerb as thú héin? a deir sé le Féilim. -Á muise, a deir sé, oileán beag, a deir sé, tá ansin istich, a deir sé, trasna an chuain, ansin ...* **11C.** *Tá oileán istigh ar an loch a dtugann siad an tOileán air* ARN1536. *A bhfágthá istigh me? P* (from Carna into Máinis). *Ag obair san áit ~ a bhí sib, ar an teach ~?* **56N** (furthest into peninsula of Ros Muc). **(b)** In Ros Muc also refers to the area

known as Na hOileáin (called *taobh thall dhe chuan* in Iorras Aithneach). *Tao' 'stigh dhe chuan. As an áit istigh* **56N. 3.** Indoors. *Bhí sé in' fhear ~ is amu' S.* The household in contrast with the farm, or holding. *Ní raibh 'sti ná amuth ann ' lá dtáinic me ann* S (of a poorly kept house and holding). **4.** Ripe, ready for harvest. *Bhíodh na beainears ~ (luath), Bhídís ~ thart ar lá Mhic Dara* M. **5.** In existence. *Máistir maith scoile agus chomh feoghlamta agus 'tá istigh* ARN3404. **6.** *Istigh le*, about to be affected unpleasantly, 'in for'. *Bhí an oiread dúchas air ag an troid, 'gus go raibh Diarmaid ~ leis an gcéad bhuille.* **892Mtn.** *Fear thú tá istigh le do dhóthain anois* **11C** 'you are in for a good beating'. *Á dheabhail nuair a bhuaileas cinn mhóra thú tá tú ~ leis froisin.* **35E**, when one comes upon large ones (fish) you're in for it then. *-Tá mé ~ leis, a deir Maidhcilín.* P.

ith, v. **1.** Eat. **d'isət' fe nə hɪnʃi: gən hors** S *d'íosadh sé na hinsí dhen hors*, he would eat a lot, anything. *Breathaigh an bhail a chuir Bríd orm d'~ sí me* M (of very short haircut). **2.** Scold. *D'~ sí agus ghearr sí agus liobair sí e* M. *Tá an t-éadan ite ag Máirín díom faoi na neapcins* M. **3.** Consume. *Nach úásach [= uafásach] an ithe tá aige air* **43M**, of person reading with newspaper up to his face. *Is túisce d'íosad sé é ná d'éisthead sé leis* S (in explanation of *triollúsach*).

ithe, f. Eating. (In malediction) *~ is aithris ort, ith suas é sin is ~ is aithris ort* S.

iúin, f. (In phrase) **In iúin.** **(a)** In tune. *Bhfuil an veidhíl in ~ mhaith ad?* M. **(b)** In humour. *Gá mbeadh Seán Choilm in ~ mhaith dhíonthad se focal* M. *Tá tú i ndan a rá 'in ~ dhona' S* (for bad humour, but Máire claims she never heard this negative use). *Má tá tú in ~ M.* **(c)** In condition. *Tá an carr in ~ mhaith* M. (Seán explains the word in question as 'túin' e, *túineáil, an veidhíl, caitheadh tú í túineáil* S.)

iúl, ə n' u:l S, ə n u:l M. (In phrase) *rud a chuir in ~ dho dhuine*, let know, educate, bring to awareness. *Níl aon tiscint ann níor cuireadh tada in ~ dó* S.

J
jab, m. **1.** Job. **2.** Difficulty, 'action'. *Is mór an ~ do bhéal a choinneáil dúinte*, it is

difficult to keep one's mouth shut. *v'í je nə ʧaːb eː xir' eɾ' bhí sé ina ~ é a chuir air. Tá mise ag geaingéail orub sin ach tá ~ a'm P, ... it is hard. Fuair muid an oiread ~ é a bhearradh M. 3. Thing (happening). əs grɑːnə ən ʧab ə tɑː d'ɪntə eɡ' əm | bɑːstərd̪ gə xrɑːn' ʃin' M is gránna an ~ atá díonta ag an mbastard dhe chrann sin (of a shrub that had become deformed). æːh ən ʧaːb tɑː d'ɪnt eɡ' ə gɑːkə M breathnaigh an ~ atá déanta ag an gcáca! look what happened to the cake! (stuck to baking tin). Breathnaigh an ~ atá díonta ag N., scór punt curtha in inveileop aici! M. 4. **Jab maith, an-jab**, good thing, good job. Tá an t-oinniún i ndan an~ a dhíonamh dhen tsúp 03C, onions make a great job of the soup, onions are very good in soup. Níorbh fhearr dhó ~ dhá ndéanthadh sé ... , the best thing for him to do*

jaic, m. 1. Jack o' the Lantern (= jaicín FFG).

Jaice na Báine, (In various phrases) *Haidh for ~ ~ ~!* S. (In superlative meanings (good and bad) as object of comparison) *Sháraigh tú ~ ~ ~ SM. Is fearr an fear é ná ~ ~ ~* (cf. LFRM).

jaim, m. Jam. ~ *dearg. Rinne sé jaim jug. S, it broke into pieces (?)*.

jib, m. 1. (Nautical) jib. (In phrase) *scaoil amach an ~*, freedom of movement, sportiveness. *Bhí scaoil amach an ~ ann S, there was plenty of room (for merriment). 2. Loud, talkative mouth. (Equivalent to gib S). Tá ~ air, Deabhltaí an ~ atá air S.*

jugáil, (cp. 'chug', JULC(ÁIL)). f. (As VN) Jolting. (Heard in) *Cen mhaith dhó ag ~ 's ag ~ suas anuas anseo? S (of tractor unable to climb incline).*

julc, n. 1. *Dhe julc*, all of a sudden. *Tháinig se 'nuas ar mo mhullach dh'aon ~ amháin S. Síos dhe ~ S. 2. Blow. Thug me ~ dhó, Buail ~ isteach ar an gcoca sin S. 3. (Perhaps also) bump. *Deabhal fhios a'm nach ndeireann siad 'tá ~ amach air sin' S.**

julcáil, v. Shove, push, nudge. *Sa mbáire bíonn siad ag ~ a chéile S.*

jump, m. Jump. *Dhe ~*, with a jump, suddenly. *D'éirigh an cut dhe ~ 12J.*

L

l, f. The letter 'l'. *Eil mhór dhearg ar an*

gcarr aige M.

lá¹, m. 1. Day. *Nach úthásach [= uafásach] an mac e chuile ~ ariamh P, ... he's always been so. Lá ná oíche. Ní thiúrthaidh sí sin ~ ná oíche léithi M (of cow about to calve). (With the days of the week) ~ Domhnaigh bhí ann M. ~ Satharn, ~ Aoine M. ~ Máirt M. Beidh tusa gá dtóigeáil an dá ~ bheidheas tú beo M, ... as long as you live. Lá dhe na laethanta, an odd day. *Caithe se ~ dhe na laeanna ansin ina loighe 08B (of a dog). An lá beannaíthe. Tá fhios ag an ~ beannaíthe! Bhuel fágthaidh me ag an ~ beannaí go bhfuil dhá ghualainn air chomh leathan leis sin M. Lá Pheilipín cleite. gə lɑː f'eɪ'əp'i:n' kɪ'eɪ'ə S go ~ Pheilipín cleite, until Tibb's Eve, forever. Cf. PEILIP. (Similarly) Lá leibide ó ló S (cp. leibide ó leó FFG20). 2. Dawn. ~ beag bídeach bhíonn an anis ag an seacht a chlog P. Níl ann ach ~ín beag ag an seacht P. 3. Daylight. Tá mé héin agus an ~ agus an oíche ag goil amú ar a chéile ar chaoi eicíteacht M, daylight and artificial light. Cf. OÍCHE.**

lá², lám, n. (In) *mo léan is mo lá!* S. *Mo léan is mo lám S, alas and alack.*

labhair, v. Speak. ~*eoidís leat leis an ocras M (of starving chickens). Ní fiú ~t sa mbóthar leat S (of worthless person).*

lacht, n. Milch. (a) *Bó faoi ~*, milch cow. *Tá an bhó faoi ~ SM, the cow has plenty of milk. (b) Is maith é an lao is an ~ an mún is an cac (of fertility). (c) Gan ~ gan lao. Sé a mún is a cac a lao is a ~*, her urine and excrement are her calf and her milk (saying used to describe a childless woman).

ladar, n. Ladle. (In phrase) *ladar ná luadar*, no interference. *N'ir xir' m'e lɑːdər nɑ luədər ɑn/sə ʃk'eɪl/sə dɪn'ə M níor chuir mé ~ ná luadar ann / sa scéal / sa duine.*

ladhar, m. and f. 1. Finger. *Gearrtha eidir dhá ~ S. 2. Hand. Tóig é sin i do ~ S. Níl aon bhlas ag goil thart nach gcaithidh tú do ladhair a chuir ann S, ... interfere 3. Claw. *Tá tú i ladhair an chasúir anis S, you're caught, on the horns of a dilemma. Tá tú i ladhair an chasúir aige S, you are obliged to him. 4.(a) Prong. Píce cheire ~*, both four- and three-pronged fork S. (b) (In) ~ *corráin*, the point of a sickle (used to perforate sheep skin). ~ *corráin ... ~ an**

chorráin ... níl sé sin ag goil ag díonamh ... aon pholl mór 894Cs.

ladhróg, f. (Other name for *gabhlóg*), a type of cultivation ridge at an angle to the main ridges, S.

lag¹, m. Weakness. (a) *Tá se ina ~ marbh anis* S, ... calm. (b) **Lag labhartha**, hardly a word. (*Gan*) ~ *labhartha acú* S, they were silent. *Ní raibh lag-labhartha féin acub nuair a bhí an scéilín insighthe aici*. DT33, they said nothing at all *Ní raibh ~ labhartha ann*. *Níor chuala me ~ labhartha uathub*. *Ní raibh ~ labhartha aige* S (of a lifeless person).

lag², (f., given the variant *laig*). Trough, dip. *Tá ~ sa mbóthar* S. *Bhain se an ~ as an mbóthar* S. *Tá laig sa mbóthar, laig san iomaire* S.

lag³, a. Weak. ~ *slán mar bhíonn na mrá théis cloinne* S (the correct way to speak of a newly-delivered woman).

lag⁴, v. 1. Weaken. (In malediction) *Óra go ~a Dia e!* M. (In blessing) *Nar ~a an Mhaighdean Bheannaí thú!* M. 'S gearr go mbeidh Dia gá lagan S (of an old yet healthy man). 2. Lower (of rope, etc.). *Tá se sin ro-árd ~ anuas tileadh [= tuilleadh]* e S. ~ *anuas e* S.

lagar, m. Weakness. (Examples of plural use not involving laughter are) *Thosaigh lagrachaí ag tíocht orm* M, I began to feel faint. *Tháinig lagrachaí orm* S, I fainted.

lagdhroim, m. Hollow in back. *Tá ~ sa mbó sin* M.

lagraíoch, a. Weak, sickly. *Bhí sé ~ go maith inniu, duine ~ a bhí ann* M.

láibeach, a. Muddy. *Tá se an~, cladach ~* S.

laidin, f. Unintelligible speech or writing. *Cén sórt ~ í sin?* M.

láidir, a. 1. Strong. *Bhí se chomh ~ le leon* P, ... *le múille* S. ... *le bun daraí i dtalhamh* S. ... *le Jeruúicó* S. 2. Great. *Gaisce ~ aici as*. (Adverbially) *-Tá siad ag tíocht i gcónaí*. *-Tá 'gus go ~*. P.

láimh, f. Hand. 1. *Nár thuga tú do ~ glan ó do thúin!* S (said to person snatching things (at table)). *Gá mbeadh se i dteach an ósta bhíodh a ~ síos go dtína uilinn aige ag traeteáil* S. *Tá a ~ i mbéal an mhada aige* S, he is in a compromising situation. *Ón ~ go dtí an béal* S, just enough for one's needs. *Ná bí ag tincéarachta leis caith as do lámha e* S, ... finish it. *Ní ghothainn amach ann ach an*

oiread 's chuirinn mo ~ sa tine ('s a dhó suas go dtí an ghualainn) M. 2. *Bhí ~ is leabhar eidir iad* S, they were engaged (to be married). 3. *As láimh*, immediately. *Caithe muid isteach as ~ e* S. *Díon as ~ e* S. 4. *Ní thiúrtha' se aon ~ airgid di* M, ... permission to spend money. 5. (In negative) advancement, progress. *Nach mórán láimhe a bhí muid a dhéanamh in aghaidh taoille trá* Clad30. *Níl muid ag díonamh aon ~ inniubh* Mperm, ... progress 6. *Cúl láimhe*, rejection. **kur kul dā lā:v̄ ə ʔəf̄ ə dri:hədo:r̄** 892Mt *cuir cúl do láimhe leis an draítheadóir*, reject, dispose 7. Help. **k'e x̄ə:pəns tu ho:k̄ əs lā:v̄ ʔəf̄ t̄** S *cé cheapanns tú a thóigtheas ~ leat*, help, sustain. 8. Three fish in counting fish. *Chuir sé ~ leis* 21Pt, added three fish to it (the share). 9. *Lámha atá sa mbara* S, handles Cf. TÓIG.

láimhe, (In) *an saol láimhe*, everybody. *Tá fhios ag an saol ~, bhí se ann i nganfhiós dhon saol ~* M. *Gá bhfágáinn an saol ~ aici nach u- bhfágtha mé croí cráite aici*. !05M. (< *Ádhamh*, cf. FFG20 s.v. *Ádhamh*.)

láimhscríbhneoireacht, f. Handwriting. **də 'lā:v̄ jkr̄ i:n̄ o:r̄ əxt** M *do ~*.

láiocht, f. Kindliness. (As VN) being affable. ' ~ *le cailín*.

laisceadh (perhaps **laisce**), (lascadh, lasc(a)), n. Beating, scolding. *D'fhaighinnse ~ agus seacht ~* 898P.

láithreach, a. **lā:r̄ həx** 43Mq. Strong. (Corresponds to LÁTHARACH Mq.)

láithreachán, m. (Large) flat object. ~ *dhe chac*. *Rinne me ~ ar an spota*, I was flattened, stuned, SM.

lán¹, m. 1.(a) Full. *Tá ~ mála ráite anis a'd*, you have said a lot, something of substance there. *Tá ~ béil ráite anis a'd*, you have said a mouthful, something of substance there. (b) **Lán béil**, mouthful (of yawn). **lā:n mə/də v̄:e:l̄ /ə m̄'e:l̄ gə:n i:hə ka:t̄ ə** M, Mq ~ *mo* (etc.) *béil dhen oíche caite, tá ~ béil dhen oíche caite*. (Of scolding) *Ná bí ag baint ~ béil as duine a bith* S. (c) Contents, fill. **nax b'og ə lā:n jīn'** P *nach beag a ~ sin*, it doesn't hold much, isn't it easily filled. **nax b'og e: lā:n jīn'** M *nach beag é a ~ sin*. 2. Mould. **Íochtar lán**, bottom of soil layer. *Chua' sé go híochtar lán (ann)* SM as deep as possible in the soil, (also fig) as

- deep as possible.
- lán**², a. Full. ~ go cluais P, **ta tu la:n gə kluaʃ** P tá tú ~ go cluais. **v'i: n a:f la:n gə kluaʃ** P bhí an áit ~ go cluais. **ta tu la:n gə du:da:n** P tá tú ~ go dúdán. Tá mé ~ suas S (from food). Full of (generally) ~ le (but sometimes without le) ... ~ uisce 11Ctn.
- lao**, m. Calf. Tá an bhó i ngar dho ~ M, ... near calving. An ~ buí a chuir ar fuscadh 21J, (euphemism for) to excrete.
- lapóg**, f. Small woman M. *Lapóigín* (equated with FLAPAR by S, cf. FLAPÓIG).
- lasadh**, m. 1. Lighting. *Thrí lasadh*, alight. *Bhí an teach thrí* ~ M, the house was burning, all lit up. 2. (Of lightning) *Lasacháí san aer* 66N.
- lásáil**, f. Rope tying sail to mast, wrapped around the mast from top to bottom of luff of sail, also as VN, 21Pt (= LFRM).
- lasc**, n. (Bootmaking) welt. ~ do bhróige S. *Cuirthi' mé an bhróig go ~ ionad, go ~ i do thúin* S.
- lasóg**, f. Flame. *D'imi' sí ina* ~ P, ... very quickly.
- lasta**, a. Lit. *Dochrath air tá mé ~ aige* M, ... he has me beaten.
- lasúnta**, a. Flushed, florid. *Éadan ~ atá aige* S, red-faced.
- lata**, m. 1. Lath. Barrel-hoop. 2. Pain (fig, tightening of hoop, 43M). **ta la'tə træs'nə mə ɣra:mə** 43M tá ~ trasna mo dhrama (but speaker M is quite unsure of this usage).
- láthair**, Place, presence. (In adverbial phrases) *Dho láthair*, in *gar dho* ~, relative. *Níos gaire dho* ~, more appropriate. *Tá do chuid cainte an fhad ó* ~ S, ... far from the point, off the point.
- láthar**, m. Strength. *Níl ~ sicín circe ionam* S. *Shíl me gur as ~ a bhí sí* S, I thought she was weak. *Chua' se ó ~, Tá se goite ó* ~ 52J ... lost strength.
- látharach**, a. Strong. **ta fe la:həɾəx ə go:ni** Mq tá sé ~ i gcónaí.
- latrach**, n. Broken useless thing. *Sean~ dhe láí* M. *Sean~ dhe rud* M.
- le**, prp. With. 1. (With body part) *chuala mé é sin sa gcluais bhodhar liom* S. 2. (As FGB le 9(a)) *Chuir sé an stócach, agus piosa bréidín leis, go dtí an táilliúr* 11C. 3. Possession, own. *Más leat héin uilig ú héin* S, if you are all for yourself (selfish). *Shúiltheá gur leat uilig iad*, they are deceitful, double-faced. 4. Because of. *Ní dhearna sé tada ó shoin lena dhroím, ... because of his (injured) back. Phós an bhean sin (ach) ní lena breáichte(acht) / slacht e P. Díléabh ora [= uirthi] ní lena méid ach lena locht* S, (of stone) it is not its size but our weakness, it is not that the stone is (too) big but that we are (too) weak. 5. Intention. *Más leat deifir a dhíonamh ... S. Gabh ' chodladh más leat éirí ar maidin* S. 6. Addressing, exhorting, persuading. *Ní raibh aon mhaith dhi leis* 894Cs, it was no use her exhorting him. Cp. FFG s.v. le 3, 18. 7. Continued action. *Díon deifir leat! S. Bhuail mé bóthar liom.* 889P. 8. Only, e.g. *teara le*, have only, stop at. *-Cé méid píonta d'ól tú? S -Ceann amháin. -Ní chreidthinn go dtáinic tú leis* S, I would not believe that is all you had. 9. More than. ... *tada leis*, nothing more than that. *Chum sé é sin ... agus ar ndóigh a lán cinn álainn eile leis dhá mbeithear's a'inn iad* 11C, ... and many others as well as that 10. (With copula: copula + adj + le + 'subject') *Óra nach éasca leat a bhe' ' caint* M. (With inanimate subject) **frustə ʔəj im'əxt** P *furusta leis imeacht*, it (hammer) can easily be misplaced. 11. For *chomh ... le ...*, how ... , cf. CHOMH.
- lé**, (léamh). n. (In phrases) *Níl ~ leis, níl ~ ar bith leis, níl ~ an tsaoil leis*, he is unequaled, he is the utmost.
- leá**, (In) *Leá na bhFiann*, at all. (a) *Ní chreidthinn ó ~ na bhFiann ... M. Ní choinneodh ~ na bhFiann an bainne* M. (*leá* is no longer understood as an independent word; historically < *leagha* pl of *lia* 'physician'). *Ní bhaintheadh ~ na bhFiann* ʔ'ā: nō 'v'i:ðn amach as í 31P. (b) *Ní bheidh se réidh a'd go ~ na bhFiann* S (in explanation *achar fada e ~ na bhFiann* S).
- leaba**, f. Bed. (Proverb) *An ~ a chóirigh muid caithe muid loighe ortha*.
- leabhairse**, Interj. (ə) ʔ'aurʃə, ʔ'aurʃə. (In praise) indeed, by dad. ʔ'aurʃə bə la:x i, !(Amit)04B ~ *ba lách!* *Tá cuma an fhir ort a ~, Tá ~, ~ doile cé dhíonadh e?* *Beidh fataí ag Hapcins ~ S. o: oʃə ʔ'aurʃə he:n' 16B Ó uise ~ héin.* (Cp. *Sin é, a leabharsa, Sin é an saothraí, a leabharsa*, M. Ó Direáin, 1961; *dar a leabhar-se*, tá BBeo.12; Hiberno-English 'dhar-aloursa', 'leursuh', cited in Ó Muirthe 2000 s.v. *dar an leabhar so.*)
- leabhar**, m and f. Book. (a) *Tá tú caite as*

mo ~tha a'm S, I'm finished with you, our friendship is over. **(b)** *Tá mo chuid ~tha faighte a'm*, I have been dismissed, sacked.

leac, f. Flagstone. **(a)** *Go dtuga an deabhal síos go leacrachaí ifrinn thú!* S. **(b)** **Leic na crúnach**, (the flagstone of) hell. *Chuiread se go leic na crúnach e le gráin air* M. *Go dtuga an deabhal go leic na crúnach thú* S. **(c)** *Lig sí J. (síos) go leic na crúnach* M, ... disappointed J. badly.

leadóireacht, f. Overpraise, cursing, defaming. *Cén sórt ~ atá a'd orub éist leob* S.

leadrán, m. Continuous talk. **l'ædrán**, **l'æ:də:rən** **kæ:nf'ə** Mq ~ *cainte*.

leag, v. **1.** Put. **(a)** (with rain). **n'i:l'æs** **k'ém** **wə:f'əx** **ə** **l'æg** **ʃe** **54M** *níl fhios cén bháisteach a ~ sé*. **l'æg** **ʃe** **gə** **l'or** **bə:f'əx** **54M** ~ *sé go leor báisteach*. *Leag sé go leor báistí* Mperm. **(b)** (With frost) *Bhí sioc mór leagthaí aréir aige, a Mháire*. **52P**. **(c)** (By wind) carried, driven. *Tá an t-aer leagthaí isteach* M, ... being driven inland. *Tá an spéir sin amuigh leagthaí isteach le gaoth aniar aneas* Clad169, *~thaí siar, tá sé [clabhta] ~thaíthe soir ag gaoithe aniar* M. **2.** Give, serve. *Bhí se ag leagan neóitios leihí réits* S. **3.** Dismiss. *Duine a leagan*, to lay someone off, sack someone. **4.** (With VN object) ~ *me sórt ól air* P, I kind of drank it, I drank it somehow.

leag ag/ar, **(a)** Cause a disease. *~thaidh mise déithín aige* M. *~thaidh mise déidín agad* S. Other examples s.v. CLÉITHÍN. *~thaidh mise maotháin aige/air* S. **(b)** Lay into, attack. ~ *air é!* **64M** (for traditional ~ *air!* SM).

leag amach, Arrange, *Nach dona leagadar amach iad héin, shíltheá go mbeadh múin níos fhearr ná sin acub* M.

leag anuas, Serve at table, without object, **897S.2**.

leag faoi, **1.** Hold down (in order to hold secure). *Níor mhór 'uit e leagan fút, Leagthaidh me fúm e* S, I'll sit on it (a jacket), *Leag fút ar an mbord e is cuir caoi air* M. **2.** Knock (in wrestling). *Bhfuil tú i ndan Réamann a leagan fút* M. ~ *me fúm e* S.

leagan, m. Laying, knocking. **1.** (Cards) placing down, playing. *Bhí cárta le leagan a'd nach bhfuair tú an deis air, chaill tú ~*. (Hence) opportunity, chance.

Má théim go Carna amáireach cáillthe mé ~ leis, tá féar le cuir isteach agam S. **2.**

Leagan amach, **(a)** Killing, destruction. *Níl ár a bi' ach an ~ amach atá díonta ag an IRA i mbliana* S. **(b)** Set-up. *Bíonn go leor dindúirí aige sin go leor ~ amach* M. **leaicsafáil**, **l'æ:k'si:əl'** **52P**, (As VN) Idle. ~ *thart* **52P**.

leaicáil, **l'æ:k'sa:l'** **52P**, v. Neglect. ~ 'governments' ... **52P**, governments neglected

leaicstar, **l'æk'stər** M, m. Idler (= FFG20).

leaicst(a)ráil, f. (As VN) **l'æ:k'stə:rəl'** SM, Idling (= FFG20). *Ag ~ leat* M.

leaid, m. **1.** Lad. **2.** One (Of animals and things, similar to indefinite pronoun). *Tá an ~ bán sin go maith* S (of bullock). *An ~ín beag sin* M (of small bull). ~ *ín beaga* P (of small crickets, small onions). *Faigh slám ~s bheaga* S (of stones). **3.** Penis. *An ~*.

leaideáil, **l'ə:ɹəl'**, f. (As VN) Idle. A - *Ó tá tú ag ~, tá tú ag ~, tá tú ag ~*. B - *Ó uise, a deir se, tá tú ag scraitseáil, tá tú ag scraitseáil, tá tú ag ~* (in yarn about man nicknamed 'Scratch').

leáigh, v. **1.** Melt. *Nach bhfuil se leáite i dtalthamh* S, ... long dead. (In malediction) *leá Dia ort* SM. *Leá Dia thú* S. *Go leá Dia thú* M. **2.** Digest. *Bhuel nár leá tú é!* **27C** (said to cat that was eating). **3.** Overpraise. *Éist leob nach bhfuil siad leáite a'd* S. Discuss excessively. *Tá na beithí leáite a'd ag caint orthub* S. **4.** Curse, defame. *Ag leábh ar bheithí* S. *Nach bhfuil tú gá leábh chuile lá sa mbliain* **66J**. **5.** Hate (a person). *Leáithinn an deabhal sin, Leáithinn le gráin e* S. *Leáithidís le gráinne salaimn í* M. **6.** Be full of hate. *Tá me leáite le gráin ort* S. *Bhí muid leáite le gráin ortha* **43M**. **7.** **Leáigh as**, fade away. *Tá se ag leábh as* S, he is becoming very thin.

leaindeáil, **l'an'ɹəl'**. v. **1.** Land. **2.** Bring (and leave in). *B'éigean dó í a ~ thiar sa teach aríst aici* M, ... bring it back *a ~ thiar sa teach lá é, ~ mé i gCarna an fear bocht*. **3.** Put. ~ *muid síos an péire inné* M, we put the two (fish) on (the pan) yesterday (we fried them). **4.** Obtain. ~ *sé a chuid airgid air*.

leais, f. **1.** Lash. *Bhíodh daoine bochta faoina ~ ag na tíorántaí móra an t-am sin* S. *Deabhal dhá ~ go raibh an cáca ar an mbord* S, ... quickly. **2.** Stick with knotted

- rope tied through a hole at one end for driving cattle and pigs. 'S *deas an ~ í sin*, ~ *na muice* S.
- leáise**, f. *l'ɑ:ʃə* SM, *l'ɑ:ʃə* M, **52J**. **1**. Fat slovenly girl or woman. ' *Bhfaca tú ~ mhór Sheáinín?* M (i.e. Seáinín's daughter). **2**. Silly woman. **3**. Vulva (humorous, to child). *Ghlan sí a ~ leis an bpeittócóit* M. ' ~ ' *déarthá le cáilín beag* M.
- leaitíteait**, **leaitnteait**, **leaidíteait**, 'l'æʃi: 't'æʃt S. 'l'æʃi: 't'æʃt S. 'l'æʃt 't'æʃt SM. m. Latitat (EDD), minor scolding. *Tiúrthaidh mise ~ maith dhó* M. *Tá tú ag fáil ~ uaimse is níl tú ag fáil leath do dhóthain* S.
- leamnacht**, n. New milk. (With *bainne*) (*ar*) *bainne géar nó bainne ~ a chuir tú sa gcáca?* M.
- lean**, v. Continue. *Leanann se sin* **43M**, that is congenital.
- leanbh**, m. Child. A *leana*, (voc) dear. A *leana bán* **18Bm** (said to an old woman). *Go raibh míle maith agáí 'leana ... dhaoib a leana* (said to two girls; heard in Ros Muc from a woman, born c. 1920).
- leanúint**, f. Area on sea-bed where dredge (or other implement) can become embedded or entangled, e.g. rocks. *Tá ~eachaí ann* **21Pt**. (Other examples Airneán II 'Foclóirín'.) Cf. VASTÚ.
- leanúntas**, m. Inquiry. *Beithíoch nach bhfaca mé ariamh ... chuir mé ~ céard é.* **881J**. *B'fhurusta dhom féin an seanchas iomlán a bheith agam ... ó m'athair ... ach níor chuir mé ~ ariamh air fúthu.* SÓC2.281.
- lear**, m. Amount. *Nach beag an ~ a thug tú dhó* M. *Níl fhios cén ~ éadaigh bhí amuich acub* P.
- léargas**, m. Sight. *Go dtéigheat se ó ~* **01J**, until it became dark (at dusk).
- leasaigh**, v. Manure. *Tá chuile dhuine ag leasú fataí* Mlt, ... manuring land for potato sowing.
- leascán**, *l'iskɑ:n*, (deascán), m. Shelter. *Bheadh sórt ~ díonta a'd 'mu' sa ngarraí mar a bheadh dhá chlár is brat air leihí fásadh* S. *Beidh an ~ a'inn ann i gcúnaí anis* S. (Also) *lioscan* CAR.
- leasfhreagrach**, a. Given to smart answers, insolent, cheeky. *Tá se sórt ~ eicín* M.
- leasgleanntán**, m. Sloping valley (?). (In traditional run) ... *ag goil thrí ~ 'l'æ:s'gl'ɑ:ntɑ:n* **04B**. *Sionnán gaoithe Mháirta ag goil ag goil thrí ~ cnoic* **04B**. Cp. *les*³ DIL *les-lergaib* AcSen.
- leasú**, m. Manure, fertiliser. *Leasú a dhíonamh, leasú a chuir suas*, (of potatoes) to grow (stalks) well (due to dressing). *Ní dhearnadar ~ a bith, Ní raibheadar ag díonamh leasaí a bith* S. *Níor chuir siad aon ~ suas* S. *Fataí ag cur ~ suas* **25M**, stalks growing on potatoes.
- leataobh**, m. One side. *I leataobh* followed by dependent noun. *Ní dhearna sé ach síneadh siar ar an stól, i ~ na tine* **ə** *l'æ:ti:v nə 'i:n'ə agus thosaigh air* **11C**. *bhí seanfhear críon liath ina shuí síos i leataobh na tine* **11C**.
- leataoille**, m. and f., 'l'æ:ti:l'ə. Half tide, halfway between low and high tide. *Agus thug an ~ sin siar í, chomh tréan in Éirinn is bhí sí i ndan.* **06C**.
- leath**, f. Half, portion. *Níl a ~ mhór bruite fós* M. *Tá ~ bheag ann* **52J**. Cf. LEITH.
- leathadóir**, m. Wit, joker, idler SM.
- leathbheart**, n. Unit of corn. ~ ... *sin deich bpunann* **894Cs**. Cf. BEART.
- leathcheann**, m. Counterpart. *Níl aon chaoi ar na fataí sin, ~ na bhfataí bhí anorthaidh ann go díreach* M.
- leathcheathrú**, f. One thigh (of two). *Leag se ~ ar an mbord* P, he sat resting one thigh on the table.
- leathchuma**, f. Neglect. *Rinne me ~ air* S, I didn't do it well, treat him well, *Rinne se ~ dhíom* S, he let me down. Cf. NEAMHCHUMA.
- leatheasna**, f. One of two ribs (in creel) S. *Tá ~ briste. Níl sa gliabh sin ach ~* S (single rather than double ribs). (Contrast 'jede zweite Rippe (eines Korbes)' Wigger 1970: 41).
- leathlung**, m. One lung. *Níl aige ach ~* M.
- leathoscailte**, a. Half-open.
- leathrach**, f. Area surrounding breaker, calm reef (contrast FFG). *ʃe: nɑ:t' e n l'æ:rhə n'i:l' ən mi:m' ɑ:n, nə l'æ:rhəxi: hʊgən ʃiəd orhu: tɑ ʃe re: Sé an áit é an leathraigh, níl an maidhm ann, Na Leathrachaí a thugann siad orthú, tá sé réidh. is er' ə l'æ:rhə fɑ:səns n'æ:mən' jæ:rəg* S *is ar an leathraigh a fásanns an fheamainn dhearg.*
- leathshnáithe**, m. Single thread. *Fuáil singil é an ~* S.
- leathstoca**, m. Single sock. *Tá ~ air* S, he is wearing a different sock on each foot.
- leath-tharraint**, f. State of being lopsided.

- (Of boat) *Strúmpthad sí ... bheadh ~ ínti* **21Pt**. Cp. Airneán II s.v.
- leatrom**, m. Slant. *Tá an coca ag goil go ~* S, sideways, lopsided.
- leibhéarach**, also **leibéarach** S. (As VN) Aim. Ag ~ *ar an éan*. Gaze, watch closely. *Bheithéad ag ~ a' nús na steaitiús ag corraí*. Prepare to do. *Tá me scaitheamh fada ag ~ air sin* S. Cf. LIBHÉARACHT.
- leibhit**, ʎ'ev'ət f. Blow. ~ *dhe mhaide, Tiúrthaidh mise ~ (mhaith) dhuit, Thastódh ~ uait* SM. *Thug me ~ dhó ach ní raibh ínti ach ~ín dhona* S. (Note meanings FFG20 2, 3 are not found according to Mq).
- leibhiteáil**, v. ʎ'ev'ət'ɑ:l'. Strike. *Bhíodar ag ~ a chéile* S. **gohə m'ifə gə də ʎ'iv'ət'ɑ:l'** Mq *gabthaidh mise dho do ~*.
- leibire**, m. Fool. *Duine seafóideach é an ~* S.
- leiceann**, m. Cheek. **1.** (With *gaoth*) **(a)** *Tá ~ beag gaoithe ann* S, there is a small breeze blowing. **(b)** *Má fhaigheann sí ~ gaoithe* M, slightest chance. **2.** (Hence) chance (to go). *Be' se ag rith anuas chuile ~ a gheotha' se* S. *Seans go mbeidh Bríd anuas í héin má fhaigheann sí aon ~* S. ~ *a fháil ón obair* S, chance to leave work.
- leiciméara**, m. False person S. Also **liciméara**, Toady, Mq.
- leiciméarach**, VN. Toadying, flattering. 'g imeacht ag ~ S. Also **liciméarach** Mq.
- leicíneach**, (leircín). n. Flattened object.
- leictar**, ʎ'ek'tər, ʎ'ek'dər. As a. and n. **1.** Electric. *Bulb ~ 21Jc. **2.** Electricity. *Leis an ~ atá sé ag imeacht* **03C**.*
- leidín**, ʎ'edj:n'. n. (Diminutive of 'lid') Eyelid. *Beidh na ~í ag titim anuas go maith nuair a thioctha siad* S.
- léig**¹, f. League. (In pl) *Ní raibh me i bhfuisceacht na ~e héin dho na rudaí* M. *I bhfuisceacht na ~e dó* M. (In concrete sense or metaphorically) *Siar sna ~e* S, far back, long ago. *Siar sna léige bliain* S85. *Na ~reachaí i bhfad ó bhaile* S.
- léig**², (In adverbial phrase) *go léig*, declined, disused. *Go bhfuil dar imí go ~ anis* Pt. (Also *i ~*.)
- leighbind**, ʎ'eg'b'ín'd, n. Lower section of boat which enables supports to keep her upright in dry dock. (*Tacaí*) *thíos faoin ~* **47Psq**.
- léigiún**, m. Area. *Thíompall ar na ~in sin atá se* M (in this instance referring to the space around a persons legs).
- leijear**, (< ledger). n. Thick slice. *Gearr ~ dhi* M (of cheese).
- léim**, f. Jump. *Caith do ~!* S, jump! *Tháinic dhá jab aníos dh'aon ~ amháin* M, ... in one go, suddenly. ~ *airde* also ~ *ard*, high-jump. (Also) ~ *airde*, jump from a height (e.g. large rock) **29N**.
- léine**, f. Shirt. *Díontha' ~ ghlan eile dhó / é* M, he has not long to live. ' tseanléine *chuir amach 's an ~ nua chuir isteach* **18Pc**, he has not long to live. *Léine-troithas-tiín* S, name given to person with holes in his trousers and shirt sticking out.
- léinscrios**, n. Devastation. ~ *ort!*, ~ *air sin!* S.
- leipe**, f. Tail, flap. ʎ'ep'ə də jə'nsi / ʎ'e:m'ə / hæk'e:d' Mq ~ *do gheansaí / léine / sheaicéad*.
- leisce**, f. Laziness. *Ní ligtheadh an ~ dhi a ghoil amach ag iarraidh deoir uisce* Pt, she was too lazy to
- leite**, m. Porridge, Mq (contrast 'flour and water / milk' FFG20, 32).
- léite**, a. ~ *ar chártaí* S, to hate cards. Cf. LIAITE.
- leith**, f. **1.** (In) *go leith*, half. **(a)** *Ina mheán oíche nú go ~* **12J**, *Meán oíche go ~* **43M**, half past midnight. **(b)** (Of small quantity). *Deabhal fata ithimse ach fata go ~ is dhá fhata* **12J**. *Gá mbeadh beithí ann ach ceann go ~* S, if there was a good quantity of cattle but there is only a few. **(c)** (Also) half (noted in one example): *brain ... bhí sé fiordhiocair iad a mharú. Bhí an béal an-bhog iontub, agus mara mbuailtheá sa mbéal uachtair iad, as a gcíonn, bhí tú cinnte i gcúnaí, go leith acu a chailleadh. | gə ʎ'eh æku: 'xə'ʎ'ə |* **06C** (for regular leath). **2.** (Plural) *Níl do leithidesa ar ~eachaí an domhain* S, the likes of you is not to be found. Cf. LEATH.
- leithhead**, m. Width. ~ *do / mo thúnach (dhe gharraí / dh'áit)* S. *Ni fhaca mé aon bhó a' baint an fhad sin as ~ mo thúnach* S (of tiny field). *Ní raibh ~ an urláir sa méid a bhí bainte aige* S.
- leithphínn**, f. Halfpenny. *Níl se ag díon-amh luach ~e dho mhaith dhuit* M, ... no good at all. *Tá fhios ag Máirín é sin thiar chomh maith le ~ chaite* S ... knows him well.
- leithrigh**, (In adverbial phrase) *go leithrigh*, deteriorated. *Fear ... guil go leithre ...* (explained by **894C** as *guil 'un deire ina shláinte*).

leoinín, m. Pet name for infant. *Mo ~ bocht, Grá mo chroí mo ~ bocht* S.

leoitéarach, (As VN) Idle, dawdle. 'g imeacht ag ~ S.

leoraí, m. Lorry. *Suas (go Bleá Cliath) ar an ~ a ghothas sé, sí 'n ~ a bhí aige, tá J. seasta sa ~ sin, tá fhios a'd an áit a mbíonn sí páirceáilte aige.*

leota, m. **1.** Large piece (of meat). ~ *mór feola* M. ~*í feola ag titim uaidh* S, of fat person. **2.** Fat person. *Deabhla an ~ mór e sin* S.

liachán, m. Thin covering. *Sórt ~ beag* S (of small covering of manure). Cf. LÍOCHÁN.

liachtaí, a. Many. *Nach iomaí ~ uair a chuaigh mé go dtí é* S. *Uise níl fhios a'm cé ~ uair a tháinig sé* S.

liagáistí, pl. Information, news. *Ní bhfuair me mórán ~ air* M. *Ní raibh tú an fhad ag caint leis go bhfuightheá mórán ~ air* S.

liagóg, f. **1.** Stone. *Chuir me ~ dhe chloch isteach sa gclá* S. *Chaith se ~ leis* S. **2.** Large (round) object. *Thug se ~ dhe cháca dhom* S.

liaite, a. Having hatred of. *Tá me ~ le gráin orthub* M, I detest them. **ta ji' L'iaí' oramsa** **66N** *tá sí liaite ormsa*. Cf. LÉITE S.

libhéail, v., f. (< live). **1.** Live. (As VN) Living. **2.** Family. *Bhí trí ~ ánn* **20Pá**, there were three families living there (in one house).

libhéarach, f. (As VN) Take aim. *Bhí sé ' tóigeál aim* ['aim'] ... *gunnéara ... ru [= raibh] tú ~ ar a' lún du ... bí a' ~ anois* **875T1**. Cf. LEIBHÉARACHT.

libhil, n. (In phrase) **ar libhil**, equable, good-humoured. *Níl sí sin ar ~ anis. Tóig t'aghaidh dhíomsa mar níl mé ar ~ anocht* S.

libín, n. **1.** Torn cloth, shred. *Tá ~ síos ort. Cén sórt ~í éadaí iad sin ort? Tá an coca ag díonamh ~í, ... being torn (by gale).* **2.** Silly person. *Níl ann ach ~ dhe dhuine.*

libirtí, m. **l'ib'ərt'i:** Liberty. **(a)** *Tá ~ ag na beithí* (freedom to roam). *Tá ~ an domhain mhóir ag na beithí* **43M**. **(b)** *Thug mé neart ~ dhó* M (freedom and independence to child).

lig, v. **1.** Allow to be. *Ní raibh na fataí chomh deir'nach ariamh orainn, ní ~thi' me chomh deir'nach seo níos mú iad* M. **2. Lig amach.** **(a)** Lean over. *~thí amach thar chlaí* M. **(b)** Hatch out. *Teas na*

gréine ~eanns amach na héanachaí **19B**. *Síleann tusa nar chleacht muide tada gur faoi asal a ~eadh muide amach* M. **(c)** Lend. *Fuair eangachaí ansin an-daor seachas mar bhíodar an chéad ~ean amach is ...* **892Mg. 3. Lig faoi**, restrain. ~ *fút!* restrain yourself, stop that. **4. Lig síos**, disappoint. *Tá sí i ndan thú ' ~ean síos ar nós na cloiche* S. **5. Lig suas**, let (hay) grow. *Tá an iomarca féir ~thí suas a'inn* M. *Ní ~fear suas an oiread féir aríst* M.

ligeacht, n. Stretch (of time). *Sprae ... dhá bhfuigheach sé ~ a bith, gan u-, triomach, d'fhanach sé an-achar ... ar bhilleogaí na mbarrannaí.* **01P** (only example). Cf. LIGEAN.

ligean, m. **1.** Growth, length. *Níl an ~ héin fúthub* S, they are small. *Níl aon ~ faoi, géaga ná cosa* S (of a *sucadán* 'small creature'). **2.** Scope. *Tá an-ligean faoi*, he is very outspoken, he takes liberties. *Tá an iomarca ~ faoi*, he has too much to say, he is a busy-body.

ligthí, a. **1.(a)** Tall (and slim). *Fear ~. Bean ~. Níl se sách ~ S* (of a bovine animal). **(b)** Slim. *Fear ~* (of an average-sized but slim man). *Bean / fear lom ~.* **2.** Free. *Bhí sé ~ un cáinte*, he was lively and talkative. **3.** Indiscreet, too headstrong, interfering. *Duine ~, ro-ligthí.*

líméar, m. Underground drain S.

límistéar, m. Room, space. *Bhí ~ breá thuas ansin (eidir an crann agus an jib)* **23Jt**.

líne, f. Line. **(a)** *Tá mé ' cuir dhá ~ chugad*, I am sending a short note to you. **(b)** Generation. *Na mrá atá ag éirí suas ar an ~ anis.* **05M**.

lín, n. **An lín abhus**, this generation. *Lín eile abhus is beidh a' Ghaeilge réidh* S84.

liobair, v.; **liobraí** vadj. Worn, in poor condition. *Tá an chearc sin liobraí* S. *Ta an capall liobraí* S.

líobair, v. (liobair). **1.** Tear. *Tá mo lámhaí liobraí feannta* M. **2.** Eat up. *Tá an garraí liobraí go maith ag na beithí* S. **3.** Soak wet. *Bhí muid líobraí inné* S (in shower).

liobar, m. Shred. **(a)** *Níor fhága se ~ dhe gharraí gan ithe* S. *Níor fhágar ~ dhe na fataí gan ithe* S. **(b)** (Fig) *Níor fhága se ~ orm* S, he impoverished me.

lioc, v. Flatten out. **L'uk je** M ~ sé. **ta fi' L'uki' ə'ma:x ə'l'ug** M *tá sé ~thaí amach uiliug*. Exhaust. **ta tu L'uki'** M *tá tú ~thaí*.

- líochaí, leitheachaí**, n. (Plural of *lí*) *D'ium-pa' se i mo chuid leitheachaí me* S, he frightened me. *Bhí sí ag iúntú ina líochaí nuair a bhí muid ag caint ar an mbeainín dhearg* M. *Ó bhí mo líochaí iompaí* M.
- líochán**, m. **1.** Licking. **2.** (Of grass) short growth. **ta** L'í:xa:n/L'í:xa:n'ín' f'e:r' ə'n'íj a'kəb Mq tá ~ / ~ínín féir anois acub, explained as *iad amach as an ngarraí cupla lá*, and by **kim'əlf' ə d'æ:ŋə ŋgə tæ:lhə** [sic] M *cuimilt a dteanga dhen talamh*. Cp. LIACHÁN.
- liopaire**, m. *Liopaire lapaire*, slovenly person. ~ *lapaire ag sleabáil thart* S.
- líosa**, m. Splint. ~ *curtha le dréimire nú rata bheadh briste, tá ~ ar achaon taobh dhe mhaide an bhád iomramh* S.
- liú¹**, m. Fun. *Bhí an ~ a'inn air* S. *Fuair me ~ air* S. *Fuair me ~ cainte air* S, I had plenty of talk with him.
- liú²**, n. **1.** Sight. *Ní bhfuair me ~ a bith air* S. *Chínn orm e' fheiceáil ní bhfuair me aon ~ air* S. **2.** (Bad) appearance. *Tá ~ ort* S. Strange look or manner. *Tá ~ an deabhail ort, ~ aisteach, Níl aon deá ~ a bith ort, Is deabhla an ~ atá ort, ' bhfaca tú an ~ tá air? Is gránna an ~ tá ort* S.
- liúistéarach**, **liúistíocht**, (As VN) Idling, S.
- liúiteáilte**, **Í u:ɔ:ɫ'ə**. a. Outstanding (cf. NIÚITEÁILTE). *Maínis, heidim go raibh sé ~ le haghaidh an cheoil an t-am sin*. **01C6821**, Maínis, I believe it was reknowned for music then. (Perhaps slip of the tongue for, or misheard for, NIÚITEÁILTE.)
- liútar**, m. Large object (in) ~ *dhe mhaide* S, large stick.
- loch**, f. Lake. *Tá do shúile ina ~ (le teann caoineadh)*, your eyes are full of tears.
- Lochrann**, PIN. (In) *Inín Rí Lochrainn*, by-name for hen (based on tradition where the daughter of the King of the Norsemen (*Rí Lochrainn*) was turned into a hen) **35E**.
- locht¹**, m. Fault. *Tá tú mar tá tú is níl tú gan ~ tá tú sin* S.
- locht²**, (lucht). m. People. *Bhí muid gleaid [glád] mar a deir ~ an Bhéarla, ... as they say in English (common with borrowings)*.
- lochtúil¹**, (lochtach). a. Faulty, M.
- lochtúil²**, (luchtmar). a. Capacious (of boat), M.
- lofa**, a. Rotten. *Lofa le*, full of (with negative connotation). *Tá se ~ le neorvs* P.
- lofar**, m. Rotten matter, rubbish. **g' íhə xil'ə lofər** Mq *ag ithe chuile ~*.
- lófáil**, f. (As VN) **1.** Idling. 'g imeacht rít (= romhat) ag ~ S. **2.** Be frustrated by little jobs. *Deabhal blas díonta ó mhaidín ach ag ~ S*.
- logán**, m. **1.** Hollow. ~ *do thúnach* M. **luga:n sə ma:d'ə** Mq ~ *sa maide*. **2.** Part of potato remaining after eyes have been removed for planting (= 46.637). *Meas tú ar logáin nú sciolláin iad sin? S*.
- loibhre**, As VN and adj. Adjective also **loibhríthe**, **1.** Full of, running with (lice, etc.). *Tá an lao sin thíos a' ~ le míola, ta je laivr'ə ʎe m'íələ* M *tá sé ~ le míola. Tá sé ~ le dreancaidí, tá tú ~, you are dirty, SM*. Also of beard (although beard was mentioned by interrogator, cp. FFG). **ta je laivr'ə ʎe f'íəso:ɟ'** Mq *tá sé ~ le féasóig. ta je laivr'ihə* Mperm *tá sé ~ 2.* Filth(y). *Tá se chomh brocach go bhfuil se goite ~ 20Myq*.
- lóidín**, m. Small creel with hinged bottom, SM.
- loigh**, (luigh), v. Lie (down). **1.** *An gaiscíoch is fearr a ~ le aer ariamh 11C*, best ever ... **2.** *D'fhéadh rá nach ~ thidh mise faoi chosa aon-nduine agaí* M, ... endure your abuse, give in to your mistreating me. **3.** *Loigh ar*, injure. *Má bhíonn an bhróig ag ~ e ort (tíochaidh speirtheach ort)* S, if your shoe pinches you (it will cause a friction sore).
- loighe**, (luí), m. Lying (down). **1.** *Aon ní faoi ~ na gréine*, anything under the sun. *Aon ní faoi ~ na gealaí gile*, anything (under the sun). **2.** *Ar an loighe chaige*, heaved to, idle, at rest. *Caint ar bith a'd a ghoil ar an ~ chaige?* S, have you any notion of going to bed? About to begin. *Tá muid ar an ~ chaige* S. **3.** *Ar an loighe*, idle. *gabthaidh muid ar an ~ ' chuid eile dhen lá* S.
- loilíoch**, f. Dry cow in calf, M.
- loiseac**, (luiseag). n. **1.** *Lena loiseac* S, in his lifetime. **2.** Socket. ~ *na sluaiste* M. Cf. LOSAD.
- loiteach**, a. Satisfied. *Tá mé ~ in m'intinn* S. ~ *le* S, satisfied with, fond of.
- loiteachas**, m. **1.** Lying. **gol' ən lot'əxəs ə'n'íj** M *goil un ~ anois*, going to lie down (sleep, rest, no connection with illness (contrast FFG)). **2.** Fondness. M.
- loiteanach**, a. ~ *le* SM, fond of. (Also

- loiteach* S, explained as *nádúr a'd leis* M).
- lóitéara**, m. Idle person (speaker uncertain of word). ~ *dhe dhuine* S.
- lom**, a. (perhaps noun). (With *lár*) *i lár ~ an bhóthair, i lár ~ an gharraí*, in the very centre of the road, field.
- lomfar**, m. Bareness, poverty. *Is olc a' rud fán agus lúmfar* !894C6 (glossed *loime* by Séamas Mac Aonghusa).
- lompair**, (lompaire), n. Almost bare land (due to overgrazing) SM.
- lomra**, m. Feathers that have been plucked. *A' chéad chluímhach a bhainidís díob* [geese] *thugaidís an ~ míolach air, bhídís ag cheapadh go raibh míola ann* M.
- long**, v. Guzzle. *Tá na bróga ag longadh isteach uisce* S, ... leaking badly.
- lonn**, n. Fierceness. (Rare word) **ə** **lor'əg'ən lu:n** 04B *a loirgeann lonn; gə dəər'n'í m'if ort or fəfən mə wíl'ə lin' 04Bl '*go dtairní mise ort,*' *ar seisean, 'mo bhuille loinn*'; **ə tar'ənt' ə wíl'ə luŋ'** (Smbb)04B *ag tarraint a bhuille loinn,* ... strongest blow.*
- lonnadh**, m. **1.** Motion of waves, swelling and retreat of waves on land (waves can be large or small). *Tá ~ beag ann, Tá an-- i bhfarraige, Ná téire 'mach sa ~, Tá ~ mór i bhfarraige inniu* SM. **2.** Breeze. **luən gi:hə** Mq ~ *gaoithe*.
- lorg**, m. Land already dug and harvested (dug ridges of potatoes, mangles, etc.). *Ag cartadh an loirg, Bhídís ag fáil fataí sa ~ S* (miraculously during famine). *Chuile gharraí loirg, chuile áit a mbeadh fataí bainte* 25Mt. Also *lorga* 66L.
- losad**, n. Socket. ~ *na shluaide* S. ~ *ar mhaide corach* SM, piece of wood with hole for pin. (Corresponds to LOISEAC M 'socket'. Cp. *losaid* FGB.)
- loscadh**, m. Burning. *Loscadh sáile, Nioscoid mhór a bheadh ort é an '~ sáile' gá mbeithéa ag obair sa bhfarraige* SM.
- lospairt**, f. **1.** Scolding. **2.** Rubbish. ~ *beithí, ~ gasúir* SM(early). Cf. LUSPAIRT.
- lótáil**, v. Move with swaying motion, waddle. **lo:ta:l' fe f'æ:x ə dorəs, ə lo:ta:l' f'æ:t** Mq ~ *sé isteach an doras, ag ~ leat*.
- lótálaí**, m. Person who sways, waddler. Mq.
- luach**, m. Price, value. *Thastódh ~ pínne céille uaidh* S. *Níl sí leath chomh maith lena ~ M*, it (a bed) is not worth its high price. ~ *deich bpunt dhe phus ortha* 21C.
- luachair**, n. Rushes. (General term for 'rushes' in East Iorras Aithneach. Speaker 25M (An Coillín, West Iorras Aithneach) distinguishes between *luachair* found on *muirbheach*, i.e. 'rushes that grow on salt marshes' and general *fiógaí*. No other speakers queried, e.g. 04F (An Aird), make this distinction.) Cp. *cíosán* 869P-CAR (25M's uncle); *cíb sháile* s.v. CÍB.
- luadar**, Cf. LADAR.
- luaidireáil**, f. (As VN) Go about idly. **luəd'ər'ə:l' hə:rt** M ~ *thart*.
- luaidireán**, n. Explained as **sort fuskə ka:n't'ə, luəd'ər'ə:n, ~ xa:n't'ə** [sic x2] M *sórt sioscadh cainte, ~, ~ chainte*.
- luaigh**, v. Mention. **(a)** **ta fe ga luə l'ef** S *tá sé dhá luadh leis*, that is said about him. **(b)** (In impersonal) be connected with (by others, in possible marital relationship, i.e. not 'engage'). *A liachtaí beirt a luadh le chéile is nach bpósthaidh go brách*.
- luainneáil**, f. (As VN) Wander about aimlessly. **ə luən'ə:l' hə:rt** Mq *ag ~ thart*.
- luaitéis**, (lúitéis). f. (Feigned) welcome, hospitality. *Bhí an-- aige rúm, díonamh ~ leat* S (of dog).
- luathreamhán**, m. Object broken into many small pieces, messy thing, S.
- luath**¹, a. **1.** Quick. *Chomh ~ leis an muileam gaoithe* S, ... *leis an ngaoith Mártan* S, ... *leis an ngiorria* P. **2.** Early. *Nach mbím gá rá go ~ is go mall gur sé troithe bheidheas ag chuile dhuine a'inn* 14M I always say ... (of fate of each person in grave).
- luath**², v. Quicken. ~ *do chois, siúil amach!* S.
- luathchás**, m. 'luə:xəs Mq. Emergency (explained as meaning *crúóg*). **ta mə 'luə:xəs orəmsə kahə m'ə im'əxt** Mq *tá mo ~ ormsa caithidh mé imeacht*.
- lúb**¹, f. Bend, loop. **(a)** *Chuir sé ~ siar ionad*, it put you at a disadvantage. **(b)** (Knitting) purl stitch. *Lúib(in) chorrach = lúib aerach* M (explained in) *breán síos sa lúib (agus amach as a chionn)* M. *Dhá lúib shleamhain is lúib chorrach* M.
- lúb**², v. Bend. **(a)** (With *dírigh*) **n'i:l' f'i: ə na:n lu:bə na d'i:r'u: eg' ə dri:m'** M *níl sí i ndan lúbadh ná díriú ag a droim*. **(b)** Fig. *Drisiúr sin thiar is é ag ~adh le gréi* S. *Bheadh an beainc ag ~adh le airgead aici* S.
- lúbán**, m. Hook. *Croch do sheaicéad ar an ~ S*.

lúbar, n. (perhaps **lubar**). In **l̥.β̥ər 'l̥ahi:** 46.819 *lúbar lathaí*, frog.

lúbóg, (In) **lúbóg leathair** (leadhbóg leathair), bat (perhaps). (Explained in) *éan a bhíonn ag slúigeadh na gcuilleogaí* S.

luch, **lox**, f. **1.** Mouse. **2.** Rat. *Céard a bhí ann ach ~ S* (from the context 'a rat'. Only partly differentiated from mice, by using epithet *mór*, e.g. *luchain mhóra* S 'rats'). **3.** *Luch eitill*, bat. *Luch nó luch eitill a bhí sa sciléidín*. **866EB17**.

lúd, n. (In phrases) **kir'hə m'ɛ də lu:d əmax** Mq *cuirthidh mé do ~ amach*, I'll overwhelm, beat you. **xur ʃɛ ə lu:d əmax** Mq *chuir sé a ~ amach*, he pushed himself to the limit. (Explained as possibly equivalent to *timbil do thónach* Mq). Pl **lúdrachaí** (in phrase with *as*). *Tá an teilibhisean curtha as a ~ agaí*, the television is completely out of order because of you.

lúdramán, m. Useless person, loafer. (Also) **lúdramán lúdramán** SM.

lufáireacht, f. (As VN) Being cheerful. **lufar'əxt gar'ir** Mq ~ *gáirí*.

luibh, f. Herb. *Níl ~ ná leigheas in aghaidh an bháis* **19B**.

lúibín, (lúbainn), f. Recess (in field wall). *Go' isteach sa ~ sin* P. As FFG20.

luifearnach, m. Weeds, rubbish. ~ *féir*. (Of person) *Níl ann ach ~ dhe dhuine* S. ' ~ *bhradaigh!* M (vocative).

luifín, **lif'in'**, n. (Of mouse, ready to mate) heat. ~ *ar an loch* [i.e. *luch*] **35Eq**. Cp. FFG.

lúmfar, (lúfar), a. Strong. *Lúmfar láidir* **894C**.

lúncán, (longadán, luascán), m. Rocking. *Ag imeacht i mbáid, agus ag díona ~ lú:nskā:n agus ag díona díth céille íontub* **869P**.

luspairt, f. (Noun and VN.) **1.** Rabble. ~ *acub ann* S. **2.** Scolding. *Thug se ~ orm* S. ~ *chainte* S. *Ag ithe agus ag ~ M*. *Ag ithe agus ag gearradh agus ag ~ M*.

luspraí(the), a. **1.** Blighted. *Tá se luspraí* S, (of garden of potatoes). **2.** Scolded. *Tá an oiread faighte aige dhen teanga go raibh se luspraí* M.

M

m, f. The letter 'm'. *Tá an 'm' ... (ta n im')*, *níl sí buailte* S.

má, conj. If. **1.** *Bhí iasc le feiceál a'inn leithmhíle uainn ... langa, agus ~ bhí aon*

bhreac eile thríothub. **01C6539** ' ... ling and whatever other fish might have been among them'. **2.** *Díleábh ort ~ choinic me saight ort* S, bad cess to you I did not see you.

mac, m. **1.** Son. *Dheamhan Mac Dé ariamh a theigheanns isteach aige* P, not a soul ... *Ní raibh aon-nduine ó Mhac Dé anuas ann* M. *Chuile shórt ní gár chruthaigh Mac na Maighdine* M. As interj. *Ó bhuel a Mhac na Maighdine!* M. **2.** **Mac tíre**, as by-name for person. ... **gə m'ei ə mak t'ir'ə wə's 23C** (*is gearr*) ... *go mbeidh an ~ tíre abhus*.

macshamhailt, (macasamhail). f. Equivalent, counterpart. **də 'wə:k'hə:wəɫ' ga:r** also **də 'wə:k'hə:wəɫ' P do mh--dh'fhear**.

mada, m. Dog (the common, unmarked word is **GADHAR**). **(a)** *Bean narbh fhiú leis an ~ tafann a dhíonamh ortha* **892M** (worthless woman). **(b)** *Mada gearr* (in set phrases) *Níl fhios cén ~ gearr a mhún (iad) ná (cén) ~ gearr a chac iad* S, their forebears are unknown. -' *Raibh cumha 'gud 'na dhiaidh? -Ní raibh, ná ~ gearr*. **19B** (pun on cú 'hound'). **(c)** *Ach an oiread leis an mada*, at all. *Ach an oiread leis an ~ sin* **32J**, at all (there was no dog present). *Ach an oiread le ~ Sheáin Deain*, at all. *Dheamhan blas aird a thug mé air ach an oiread le ~ Sheáin Deain* S. *Níl fhios aige sin aon bhlas ach an oiread le ~ Sheáin Deain* S. **(d)** *Níl 'Haughey' i ndan tada a dhíonamh tá a láimh i mbéal an mh-- aige* S, ... in a dangerous or compromising situation. **(e)** *Chuirthead sé ~ gan tuiin ag cac* S, it would sicken you. **(f)** (In saying) *Is breá í an ghlaineacht (mar) a dúirt an bhean nuair a chuimil sí drioball an mh-- dhen mhéis* M. **(g)** ~ **beag** (of person). *Nach deabhltaí drochúinte an ~ beag thú!* S.

magairle, m. Testicle. **1.** *Más ea díona' sé magarlaí dhíom* S, ... make a wreck of me. **2.** *Magarlaí leis* (as by-name). *Meas tú cáil magarlaí leis?* M. In saying (and used as by-name). *Magarlaí móra is gan tada le díonamh leothub* S. **3.** **magarli: min'ɔe:** *magarlaí muindé*, (humorous form of) *mangarae muindé* S, a mess (of thing or person). **4.** *Magarlaí moncaí* (as by-name). *Bíonn magarlaí moncaí ag plé léithi, cáil magarlaí moncaí? Tá magarlaí moncaí ag ól i gcónaí*.

maide, m. Stick. Piece of wood. **1.(a)** (In doublet) **gən mæ:d'ə nɑ: slɑ:t** M *gan ~ ná slat. (Ní dhíonhadh se rud) ga gurt'í ma:d'ə nə hun' M dhá gcuirtí ~ ina thóin, (...)* no matter what. **(b)** Oar. *Tá sí an-ghéar ar a cuid ~í, diligent, keen. Ní bheithéa géar ar na maidí* S. **2. Maide na gcearc** S, hen-roost (formerly in house). **3. Maide matail ma:d'ə ma:təl' Mq**, wooden or iron lintel supporting chimney-breast (in contrast with *áirse (cloch)*); = FFG20 s.v. *matal* 1. **4. Maide cos**, timber in boat supporting feet, cf. LFRM s.v. *cos* 9. *Buat a chuir air nó ~ cos* ARN7964 (as makeshift buoy). **5. Maide taca**, tack cleat (in *púcán*). Also called *cléit an taca*. **6. Maidí thalthamh an éisc**, (by-name for) wreck, driftwood.

maidhm, f. and m. **1. Wave. (a)** *An raibh ~-anna ann?* M. **(b)** Rough areas in the open sea over rocks, etc. (especially common in nautical place-names). *A bheí' ag goil amach sa mBeirtreach Bhuí dho mo tharrait héin ó chéile ag druigeáil agus ag iascach, plé le báid ar an ~, 894Ct. (c) Maidhm* (translates) 'a submerged rock' 46.1068. **2. Surge, mass. mi:m' a:ləf' er' M ~ allais air. Tháinic ~ súí anuas ... ~eannaí ag titim anuas M.**

maidhtseáil, v. Play truant, be negligent (= FFG20.1, 2).

maighdean, f. Virgin. (In interjections) *Nach ea ' Mh-- na ngrásta!* **14M.** ' *Mh-- na ngrásta nach iad na murdaróirí iad* S. *Tá fhios ag an ~ nach n-ólthaidh* **50P.** *Tá fhios ag an M-- Bheannaí go bhfuil* **50P.**

mailiseach, a. (In) **f' iəvrəs ma:l'i:fəx ort** M *fiabhras ~ ort!* (precise meaning of *fiabhras* ~ is not known by M, explained by **21Pt** as a bad fever in the head, explained by P as 'malaria fever,' cp. FFG).

maimín, n. Mammy. (Diminutive of MAMA, in interj) ' *mh-- ó go deo!* M. *Ó ' mh-- ó go deo agus go brách!* M. Cf. DEADÍN, MAMA.

maing, (maig). n. **1. Cock, tilt. Bhain sé ~ as a cheann.** **2. (mang FGB)** (In phrase with *ar*) *Rinne sí é ar a ~ héin* S, she did it of her own accord, independently. (With *maoil*) *chua sé amach dhe mhaoil a mhainge héin* S, ... by his own bidding, ... independently. Cp. BAINGE.

maingeáil, f. (As VN) Swaying (of shoulders). *Nach bhfuil na steaitiús ag ~!*

S.

mair, v. **1. Live. Go raibh maith a'd is céad bliain go maire tú! S. **2. (In congratulations) Go maire sí is go gcaithe sí í 's céad ceann níos fhearr!** **16B** (of new car). A. **-gə ma:r'ə tu: də nu:iəxt** *Go maire tú do nuáiocht!* B. **-gə ma:r'ə tu: də hla:n't'ə** M *Go maire tú do shláinte.***

maircíocht, f. Riding. *Téadh sé ag ~ ar an deabhal!* M, let him go to hell.

máireach, see ARNA MHÁIREACH.

mairg, f. (Interj) Alas. *Nach ~ nach léitheadh*, isn't it a pity not to read. *Is ~ a shábháilthadh cuid na hoíche leihí an lae* **19B.**

Máirtín, Martin. **1. má:r't'i:n' L'ú:tər ~ Liútar**, Martin Luther. **2. Máirtín Gágach**, by-name for month of March, as it causes cracked skin M. (Perhaps also) name of large dark worm S.

mairtíneach, m. (mairtíreach). Martyr. *A Rí na naomh, [...]* *A Rí na ~* **!869P6.** (The common word *mairtíneach* 'cripple' has replaced *mairtíreach* here.)

mairtiú, ~ **!(MP)852S** (glossed in manuscript = *ina chláiríneach*). Cp. expected use of *martraigh* (also *mairtrigh* FGB) in *A Rí a martraíodh ó mhullach do chinn go bonn do chosa* **!869P6.** Cf. MAIRTÍNEACH.

maisín, mǝ'ʃi:n'. m. **1. Machine. 2. Hand operated hair trimmer. Tá ~ ansin is níl siad i ndán í oibriú S. *Cáil an ~?***

maistíneacht, f. Bad behaviour. Behaving rudely. *Cén sórt ~ atá ort!*

máistir, m. Master. ~ *na stiúrach*, rope tied near or to the helm. (Or perhaps *máistíneacht na stiúrach*.)

maistíreadh, m. (maistíreadh). Churning. (Humorously of) rain. *Tá se ag cruinniú mór eile, ag cruinniú ~ eile* M.

maith¹, f. Good(ness). **(a)** *Tá mo chuid maítheasa díonta má ólaim aon phórtar* S, I am useless if **(b)** *Aon mhaith, no good. Bail an deabhail níl aon mh-- an iomarca dhe* S. **(c)** *Aon mhaith ag ... i, not happy with Tháinic se aniar as Meireacá 's ní r' aon mh-- aige ann go dtug se suas go Bleá Cliath muid* M, ... and that wasn't enough, he wasn't satisfied till he **(d)** (In reply to thanks and blessing) A. *-Go raibh ~ a'd. B. -Ag díonamh ~ dhuit.* S. A. *-Bail ó Dhia ort.* B. *-Go mba hé dhuit agus ag díonamh ~ dhuit.* S. **(e)** (With *maoin*) *Níl ~ ná maoin*

ann SM, it is useless. *Bastard dhe ghadhar sin gan ~ ná maoin ann* M. *Gan mh~ gan mhaoin* S. *Níl ~ ná maoin leis* S (of medicine). (f) (With persons other than the 2sg) *Sé Braidhean ... go ro' ~ aige ...* **19B** 'thanks to him', '(we are) grateful to him'. (g) *Abair go raibh míle ~ a'd le t'athair*, say thank you very much to your father (for me).

maith², a. Good. **1.** *Ní ~ ná ní olc é, ní maith is ní olc é*, it is neither good nor bad (of indifferent quality). *Feicim X sínte siar le claí, an bastard, ní cloch a chuiread se sa gclaí leath chomh ~ S, ...* he would not put a stone on a wall (to build up dry-stone fence, thereby helping himself and his neighbours) half as good (as idle about). *Beidh tú go ~ shál a bpósa tú* M (said to injured or hurt person). **2.** *Níor mh~ liom tada ' bhei' ort* **52Cr** (said in sympathy to or of sick person). **3. Maith dom agam**, good, glad to have. *Ach ba mhaith dhó aige an oíche sin an coileach le é a shábháil ar an drochspirid [recte] ARN5561.-Maith leob an féar sin. -Is ~ dhóib acub e S, (of cattle) it's well for them to get it. *Nach ~ dhuit a'd me ina dhiaidh sin* M, aren't you glad to have me after all. Cp. *fada liom uaim*, FADA 5. **4.** In comparative *ní fearr...* in Echo contexts. *-Ní thiocthaidh siad inniu -Ní fearr a thíoct P. -Ní dhóna' se aon bháisteach -Ní fearr a dhónamh* M.*

mála, m. **1.** Predicament. *Tá chuile dhuine sa ~ céanna* **12J**. **2.** Deception. *Chuir se héin an ~ air héin* S, ... deceived himself. *Peibrí cé chaoi ar ~ a bhí ormsa nar rug ar rud eicint* **18J**.

mall, a. Slow, late. *Níos moille*, later. *Níos moille thart ar an seacht* S. *Ina mháistir scoile níos moille* **24N** ... after that.

mallacht, n. Curse. ~ *Mhic Dara dhó* M. ~ *Dara dhó* P. ~ *mo sheanhata ort / dhuit* S. ~ *muice ort / dhó* S. ~ *mo sheanléine dhó sin* S. *Mo sheacht míle ~ duit (le maide in do thúin)* S.

mallaíodóir, m. Malignant person. o: **ufə** **walido:r** Mq Ó 'uise a mh~!

mallmhuireacht, f. Neap-tide. (In dependent genitive) *trá mh~* M.

mama, n. Mammy. **1.** (Used by husband to wife) ' *Mháire Mhicil' mh~ bhfuil cáca a'd?* S (no children were present). **2.** (In interjections) Ó ' *mh~ go deo is go brách!* M. *A mh~ go deo is a dheaidín go*

brách! **05M**. Cf. MAIMÍN.

mámh, m. Trump. **na ka:l' ə'n'if' e er wa:v na er' ɣra:v** M *ná caill anois é ar mh~ ná ar dhrámh, ...* whatever happens. *Ní fhanthad sé ar mh~ ná ar dhrámh.*

mamó, f. Grandma. (Used by husband in reference to his wife when he addressed a nonrelative) *Bhfaca tú ~?* S.

mangarae, m. Rubbish, inferior thing. **1.(a)** *Tá fhios a'd an ~ Béarla atá acub i nGlinsce* **11C**. *Leanadar orthub leis an ~ Béarla* **11C**. **(b) Eidir achuile mh~**, what with all that was going on. *Eidir achuile mh~ thit sé anuas dhen stól* S. *Eidir achuile mh~ goideadh an carr* S. **(c) Mangarae muindé manggære: mun'ðe:** S, trash. ~ *muindé dhe rud* S. **2.** (As VN) Make things awkward for. *Ní bheitheá i ndan tada a dhionamh sé chaoi a mbeitheá — dho do mh~ ánn.* **23J** (only example).

mánla, (marla ?) n. (Speaker not sure of meaning). *Talthamh bán é an ~ déarthainn, deiridís amuich ar an ~* S.

mairseacht, f. (As VN) Work as herdsman, shepherding. *Bhí Naomh Páraic ag ~ caoire* SM.

maor, m. Herdsman. (n'í:l' əs am) **fi: wi:rhi: ən daun' P** *níl fhios a'm faoi mhaorthaí an domhain*, explained as **mí:r, mí:rthə ... iəd g'ær, rud nax wil' əs a:kusən ... P** ~, ~tha, ... *iad géar, an rud nach bhfuil fhios acúsan ... (níl fhios ag aon-nduine é).*

maothán, m. **1.** ('Lobe', FGB, no longer specifically understood by S or M). *Tharrain se an chluais ón ~ díot* S. *Thug se 'mach ón ~ e* S, ... right out (of anything). *Tarrainn amach ón ~ e* S. **2.** Haw, third eyelid. *Ar mh~ do shúl fainic an ndíonthá sin* S. *Ó fainic ar mh~ do shúl e* S. **3.** Disease (and its treatment) in cattle. *Bheadh ~ aige* S. *Bhídís ag tóigeál ~ S.*

mapa, m. Mat. Home-made straw mattress (= *mapa tuí* FFG). Home-made (straw) draught-mat hung on door (also ~ *doirís* P).

mar, prp and conj. As. **(a) -ta 'drox'xi: orhəb** BóC *Tá droch-chaoi orthub. -jæ:ms gə wil' fjəd mar ta: fjəd* M *Seans go bhfuil siad mar tá siad* (said in agreement). **(b)** (In phrasal noun) *bu dh'é an mar a' gcéann' é* **894C2**. **(c)** 'Ní hea,' a *deir an féar eile, 'ach torumsa*

- ceann dhe do chuid uibheachaí is beidh mar a chéile ag an mbeirt a'inn.* P.
- mara**, m. *Mara breac* P, magpie, 'Pica pica'. (The speaker may be mistaken here. The common name was *snag breac* (*snag bhreac* 46.843), which term, however, is unknown to speakers queried.)
- marach**, prp, conj. (As plural noun) *Nach bhfuil neart marachaí ann i ngeall ort S*, if it wasn't for you there would be 'except for's', many things would not have been done.
- maraigh**, v. Kill. **1.** *Ní raibh ann ach ~ mé nú maróidh mé thú S*, self-defence. *Mharaíodar e ar scátha ar fhágadar beo dhe ... bhí an anáil ar éigin ann P.* **2.** Finish. *Tá se marú anís a'inn S*, ... almost finished (garden). **3.** Injure. *Maraíobh clóráilte mé 12J* (injured falling off bicycle). **4.** Kill from exertion, keenness. *Tá Bríd marú ar a cosa M* (from hard work). *Tá sí maraí ag breathnú orm 18Pc.* **5.** *Bheithéa marú ag Róisín M*, you (would) have to be very fond of Róisín. **6.** Kill (with laughter or other emotion). *Mharóidís sin duine le seanchainteannaí M. Thosa' sí gá marú héin ag gáirí*, she burst out laughing. *Thosa' sí gá marú héin ag caoineadh*, she burst out crying. **7.** (In negative) *Níor mharaigh an bhreáichteacht é M*, his good-looks did not make him conceited. *Níor mharaigh an airde é Mq. Níor mharaigh a folt / gruaig í Mq.*
- marbh**, a. Dead. *Dorú ~*, slack fishing-line (FGB 4(c)), (i.e. without sinker **21J**). Contrast BBeo.164, cf. BEOMHARBH.
- marbhlán**, m. (Loosened) earthing for potatoes first dug and separately covered on ridge. *Ag cuir isteach an mharalán, caithidh tú a ghoil beaic ar an maralán nuair atá tú ag cuir an ghrua S.*
- marc**, m. Mark. (Metaphorically) *Ní raibh tú i bhfad ó mh-- 48M*, you were not far off the mark, you were approximately correct.
- marcáil**, v. Ride a horse (heard only once). *Mh-- me capall fruisin.*
- margadh**, m. Bargain. *Ní dhíonhainn é ... ar ór ná ar airgead ar mh-- a bich 11Ct.*
- marthainn**, **1.** (In) *Is an bhfuil trua ón marthainn ach an seandúine cráite* SeolG-49, is there anyone alive as pitiable as a poor wretched person (unless this is a mistranscription for *óna maireann* 'from those who are alive'). **2.** f. *Bhí an Mh--*
- Pháraic a'd SM*, you were lucky (but speakers were uncertain of this usage). (Cp. *bárthainn* FGB.)
- marú**, m. Killing. (In malediction) ~ *salach Sathrainn air! S.*
- marúch**, (marfach). Cf. DEIS 1(a).
- mascáil**, v. Mask. *Me héin a mh-- S.*
- maslaigh**, v. **1.** Insult. *Mhaslóid se an sagart dhen altóir S.* **2.** Overload (boat), *bhí sí maslaíthe acú 21Pt.*
- máthair**, f. Mother. (In set insult) *Is beag an dochar dhon mh-- a chuir ar an saol thú, is beag an dochar dhi bheith folláin héin S* 'no wonder your mother is healthy having rid herself of blemishes through giving birth to you'.
- meabhair**, f. Sense. *Tá se sách smeairteáilte tá a mh-- is a réasún ag an deabhal S. Tá sé ag goil ó mh-- orm S*, I'm loosing track of it, confused.
- meabhraigh**, v. Recall. *Ní mheabhraím air, I do not recall it, I do not grasp it.*
- meacan**, m. Carrot, parsnip. *Níor chuir muid fata ná ~ (ná sciollán) M*, we sowed, planted nothing.
- meach**, f. Bee. *Ba ghearr le ~ e P* (of fast worker). *B'fhéidir go mb'fhearr ... é ' fhágáil a' nús na meachan má dhúisíonn tú é cuirthe' sé sting ionad M.*
- meáchan**, m. **1.** Weight. *Bhí Aran- ceáirdigean ora [= uirthi] bhí ~ do leathláimh ann S. Chua' se i ~ P ... put on weight, became overweight.* **2.** Importance, care, respect. *Ní raibh ~ a bith sna mra' go dtáinic an Mhaighdean Mhuire S. Sin a raibh dhe mh-- aige iontú S. Is beag an ~ atá ionaí S*, you are not respected. *Níl mórán ~in aige sin ann S.* **3.** Bother, trouble. *Ní ~ a bith orm ghoil síos M. Shíltheá nach ~ ar aon nduine an tairne a chuir sa bpoll M* (of closing latch).
- meádaigh**, v. Increase. *Tá trí fhaocha agam ag méadú ar a chéile... Clad31, ... each bigger than the other.*
- meadar**, n. (In neg. phrases) nothing. *Níl ~ air sin, dheamhan ~ air S.* Cf. MIODAR.
- meadaráil**, v. Mess. *v æ:də:rələt ʃe xil' a:t' e Mq mheadarálthadh sé chuile áit é. Ná bí ag ~ leis ach díon e! S.* Cp. SMEADARÁIL.
- meadh**¹, m'æ:, (meá). f. **1.** Match. (In challenge) *meadh do chine*, a challenge to your kinsmen, name; (= FFG *meathann* 2.). m'æ: də x'in ə (e: j:nə) Mq ~ do chine (é a dhíonamh)! (explained as) ʃe:

dul:an də x'in'ə, ɛ:nin'ə ə wɑ:n'həx
l'æt e: jɪ:nə Mq sé dúshlán do chine, aon-
 nduine a bhaintheadh leat é a dhéanamh.
2. Sign of life. *Ní raibh ~ ná mothú ann* S
 (of listless person). *Ní raibh ~ labhartha*
aige S, he hadn't a word. Utterance. *Ní*
raibh mea aige, Ní raibh smid ná mea
aige S.

meaic, n. (< back). Hob of fireplace. *Na*
~eannaí S. *Dhá mheaic* M. *Ar an ~* M. Cf.
 BEAIC.

meall, m. **1.** Abscess. *Bhí drochmheall air*
is tháinic go leor líon(d)rach as S. **2.**
 Mass (of matter). *Tháinic se héin agus ~*
an uisce ar thaobh amháin **01J** (causing
 currach to capsiz). ~ *gaoithe*, gust. ~
éisc, shoal. **3.** A lot. *-Leisce atá ort -Ó*
uise sea agus ~ S. **4.** Bout. *Bhuail ~*
codlata me S. *Tháinic ~ codladh orm* **47P**.

mealladh, m. Enticing. *Ní fhaca me i ~ ná i*
ndearmad e saight ná laight M. *I ~ ná i*
ndearmad i mbealach ná i mbóthar M.

meámhaíl, (As VN) Cry. *Tá an páiste ag ~*.

meán, m. ~ *oíche*, midnight. *Ina mh~*
oíche na gcoileach S, very late at night.

meandar, m. Blow. *Bhuail se ~ air, ~ dhe*
dhorna SM.

meanmnach, m'æ'nəmæx, a. *Beithíoch*
maith ~ é (so used by **881J** when selling
 beast at the fair according to **21J**; precise
 meaning not known to **21J**).

meanmaí, n. Premonition (especially with
 itch). (a) *Tá meanamaí orm* **47P**. *Bhí*
meamanaí a'm **43M**. *Tá meamanaí i mo*
shrún, gheithidh mé leitir **43M**. A. *-Tá*
meamanaí a'm. B. *-Meamanaí Dia le deá-*
scéala S. *Tá meamanaí a'm, meamanaí*
Dia le deá-scéala 'ugam S. *M'anam go*
raibh do mheanamaí a'm S, I had a
 premonition you would come. *M'anam go*
raibh do chuid meanamaí a'm S. (b) (Of
 cow in initial stages of calving) *Tá mean-*
mmaí aici **20C**. *Tá meanmmaí lao aici*
20C.

mear, a. Brittle. *Adhmad ~* S. Difficult,
 slow. *Tá se an-mh~* S (of task).

méar, méir, f. Finger. **1.** *Tabhair 'om*
ceann eidir mo dhá mhéir M, give me one
 (sausage) to eat in my hand. **2.** *ta fe*
fin' e hen' əg' im'əxt s ə v'e:r' ənə v'e:l
ig'ə M *tá sé sin é héin ag imeacht is a*
mhéir ina bhéal aige, ... not knowing what
to do, idle. **3.** *Méar fhliuch.* *Níl tú i ndan*
an carr — méirín fhliuch a leagan air M,
 ... you are not allowed touch it (of over-

protective car owner). *Ní f'e:d'ər' m'er'*
l'ox ə l'ægən er' M ní féidir méir
fhliuch a leagan air. **4.** *Cé bhí ach H. é*
héin casta ar a méir aici S ... she even has
 H. wrapped around her finger.

mearadh, n, (mearaí). Confusion, straying
 (in) *fóidín ~ fód'in' m'ærə* (= LFRM).

meargánta, a. Gruff, S.

meata, a. Laborious, toilsome. *Tá an garraí*
~ le cur M. *Nach aibéiseach ~ an*
talthamh é sin S. *v'i: ən f'e:r' fən'*
'æ:n' v'æt er' ə jærə Mq *bhí an féar sin*
an-mh~ ar a ghearradh.

meath, v. Waste time. *Ní e:tə'n' ə v'e*
m'æhə l'ej, Ní v'e:i m'ε m'æhə l'ej Mq
ní fhéadthainn a bheith ag ~adh leis, ní
bheidh mé ag ~adh leis.

meathdháir, f. Partial heat, partial bulling
 (in cow, etc.). *Chaithead se gur ~ atá*
ortha S.

meathrabharta, m. Springtide in increas-
 ing and declining phases. *Tá dhá mh~ ar*
achuile rabharta mór SM.

meathsháile, m. Brackish water. *Tá ~*
amuigh i gCarna S.

meath-thaoille, m. Small, medium tide. *Tá*
~ bheag ann S.

Meatúsalam, Methuselah. *Gá mairtheá an*
fhad le cut Mh~ *beidh tú in éadan na*
bpáipéar sin S (very long, Methuselah,
 the longest-lived character in the Old
 Testament, his cat is said to have lived
 one hundred years longer).

méid, f. **1.** Size. *Níl sé ag díonamh ~ a bith*
 S, it (animal) is not growing at all. **2.**
 Amount (indeclinable). *Agus an ~ a bhí*
a'd le díonamh, ' rúinne dip seo a
fhliuchadh ... **20M**It, all you had to do was
 ...

meig, n. Utterance (in negative). *Níor fhan*
smid ná ~ aige SM. *Níor fhan ~ ná mea*
aige S.

meigeall, m. Goatee. (Fig) pout. *Tá ~ ort* S,
 you are pouting.

meigeallach, n. Bleating. *Sí an chaora*
bhionns ag ~ S.

meirfean, m. Weakness. (In plural) *Se '*
chaoi a raibh meirfeanachaí ag teacht
ortha M, she was fainting (context was
 not noted whether several fainting fits was
 meant). Cf. LAGAR.

meirgeach, a. Rusty. (Of broken weather)
ta fe fa:l' m'er'əg'əx **64M** *tá sé ag fáil*
 ~.

méiseáil, f. (As VN) Messing, interfering.

Ag ~ is ag méirín teacht is ag breith ar rud nach bhfuil aon bhaint ná tada a'd leis S.

mh'aisce, Cf. AISCE.

mí-abh, (Imitating sound of cat) 'm'í:au abraionns an cut 'm'í:au S.

mí-ádh, m. Bad luck. *Bhí se in áit an mh--* P, he was in an unlucky place, position.

miaisín, f. (Diminutive of MIAS) Small basin, small dish. *Cáil an mh-- luaithe a bhí ansin?* S, ... ash-tray.

mí-ámhailleach, a. Mischievous. **ta tu' xə 'm'í:ə:wəl'əx** 54C *tá tú chomh ~* (said to child).

mias, f. Bowl. *D'ith sé dhá mh-- súp* M.

míchéad, m'í:x'ed M. n. Incivility. *Go leor ~ ag baint leis* M.

míchéat, n. Annoyance, worry. *Tá ~ eicint air* S.

míchoimhthíoch, a. Strange (more negative connotation than *coimhthíoch*). **v'í:je 'æ:n'v'í:xohiəx** Mq *bhí sé an-mh--*.

míchontráilte, a. Contrary (more negative connotation than *contráilte*). **ta tu 'æ:n'v'í:xu:ntrə:l'ə** Mq *tá tú an-mh--*.

micsáil, v. Mix. Confuse (something in one's mind). *Ó ní hea, tá mé dhá ~, bíonn mé dhá ~* 43M.

míle, m. 1. Thousand. *Sa ~, in a thousand, infrequent. Uair sa ~ habraítear* e M. 2. A lot, many. (a) **n'í:l' e:m' f'ə:n gə v'í:l'ə p'ə:n nax wil' əg' im'əxt eg' gə:sur'** M *níl an pheann dhe mh-- peann nach bhfuil ag imeacht ag gasúir. D'fhéadhadh ~ acú bheith a'm ann* 43M. *A! chuir se na míle gáire suas, bhuail sé a dhá bhos faoi chéile is ní raibh aon fhear ar an domhan a bhí chomh háthasach leis.* 11C. Cp. MORDAR. (b) (With weakened count-noun function, similar to indefinite adjective) *Tá ~ airgead goidthí uaimse* M, many different sums of money. -' *Bhfuil do dhóthain áit a'd, a Mháirín?* M -*Tá, nach bhfuil ~ áit anseo* 43M. 3. As intensifier. *Sé mo chreach mhaidne mhíle bhrónach* !894C9. -*Muise, ~ Dia gá réiteach! a deir an bhean óg.* 866Et (Sc186). 4. *Míle beag*, many. *Tá ~ beag acú sin ann* 66J. 5. Mile. *B'fhearr 'uit céad ~ uaít í* S, the further she is from you the better.

millis, a. 1. Sweet-toothed. ' *Bhfuil tú ~?* M, do you like sweet things? 2. Fond of good food. **ta tu' m'íl'əf | g'ihə hæ:m'** 64M *tá tú ~, ag ithe haim*.

mill, v. Spoil. 1. *Tá muid ~te a'd*, you are

spoiling us, treating us too well. 2.(a) **Mill faoi**, mar, harm. *Ar mh-- tú mórán fúithi?* 23C. *Se an chaoi is mú mhílltheá fúthub le sprae a chuir amach* M, you would actually harm them more by spraying them. (b) (With 'empty' object *rud*) **míll rud faoi**. **v'í:je 'm'íl'ə rud fi'** P *bhí sé ag ~eadh rud faoi*, he was spoiling it.

milleán, m. Reproach. *Agus i ngeall air b'fhéidir go raibh sé bacach is cirthéim-each bhíodh a bhean ag rá go mbíodh sé an-fhada amuich i gcúnaí. Ag tabhairt ~ dó, mm, bheith sa mbaile níos túisce. B'fhéidir go bhfuil an ~ céanna orainn héin inniubh.* 11C.

milliún, m. Million. *Do chéad míle ~ fáilte!* S.

mímhaithe, n. Disadvantage. *Bhí sé ar mh-- ~ liom* S, he was acting against my interest.

mímheasúil, a. Disrespectful, unrespected, S.

mímhúinte, a. 1. Rude. *Tá tú chomh mí'úinte le do chomhaois dhe mhuic* S. 2. Exasperating. *Ní fhaca mise ó rugú mo cheann ar a' gceap aon fhéar chomh mí'úinte 's tá se ' mbliana* S. *Níl aiteann chomh mí'úinte leis an dris an bhfuil fhios a'd* S.

mímhúnadh, m. VN. 1. Be unmannerly, disorderly. *Bhíodar ag cruinniú istith ann ' mí'únadh* S. 2. Say rude (humorous) things. *Bíonn siad ag mí'únadh* 43M.

min¹, f. Small fragments. ~ *shábh* S, sawdust.

min², a. (In phrase) **gə m'in' ş gə m'in'ək'** M *go ~ is go minic*, very often.

mín, a. Smooth. *Chomh ~ leis an bpláta, ... le pláta* S. ... *le bléintreachaí neors* [< nurse] 20C.

míneadas, m. Reclamation, cultivation. *Is gearr a bheithéa gá thabhairt un ~* S.

míneáil, (< mean). v. Explain. ... *atá mé mh--* 01P, which I am explaining. *Mh-- sí* (... *chuile chionál bád* ...) (heard, on RnG, from a woman from An Bóthar Buí, An Cheathrú Rua, born c. 1940–50), she explained about

minéar, (méanar) a. Happy. *Is ~ Dé dhíob* S (leg *dhíb*?). *Nach ~ duít* S.

mineigle, f. **m'í(n)'n'aigl'ə** S, also **vineigle**, **v'í'n'aigl'ə** SM. Vinegar. ~ *bhít sí ag imeacht fadó* S. Cp. *vinéagra géar* 27Mdq. (Now (2004) the modern borrowing 'vinegar' is used.)

- míngasach**, (mínleach). (Perhaps adjective) Fine (of pasture). *Is éard é an tamhnach áit sa sliabh a bhfásann féar míngasach.* SÓC3.159. Cf. MÍNGLEASACH, MÍNLEASACH.
- míngleasach**, also **míngliseach**, (mínleach). (Perhaps as adjective) Fine (of pasture; recorded in) *talthamh deas glas talthamh ~, Gá mbeadh garraí ~ aici sin thiúrthad sé bainne dhi, féar glas féar ~* S85. Cp. *talthamh míonghlais m'ínylaj* Mq (Mq slightly unsure). Cf. MÍNLEASACH, MÍNGASACH.
- mínic**, adv. Often. *Chomh ~ is tá méir orm* M.
- mínigh**, v. Mean. *Bhuel céard a mhíniú sé anis mar déarthá, 'an tornóig a ghlanadh'?* 11C.
- mínistéara**, m. Minister (in Government). *Bhí sé ina mh-- ann* S.
- mínleasach**, (mínleach) n. Fine level pasture, M.
- míodar**, n. (In phrase) *míodar meadar*, mess. *ri'ə ʃe m'íðər m'æ:dər ʃe* Mq *rinne sé ~ meadar dhe.* Cf. MEADAR(ÁIL).
- míoltróg**, f. 23B. Midge. *~aí ann* 23B. (For common *míoltóg*.)
- míon**, n. (In phrase) *Níor fhága sí ~ meacain de nár stróic sí* 894C9, she tore it to shreds (of cloth). Cf. MÍOR.
- míonach**, n. Fragments. *~ a dhíonamh dhi* SM.
- míoncheol**, m. Light(hearted) music. *Ní mórán ~ a chloistheas tú anis ach sé is deise* S.
- míonda**, (bionda) n. Utmost (in phrase) *er' ə m'índə* Mq *ar a ~* (3sg f). Cf. BIONDA.
- míonna**, (mionn) n. Oath. *Gá gcuirtheá ~ an leabhar orm ní fhéadthainn ínseacht dhuit, a Mháirín. Thug sé na míonnaí nach raibh*, he swore there wasn't.
- míonnaigh**, v. Swear. (Of certainty) *Níl fhios a'm beo níor mhaith liom míonnú leis* S. *Níl mé i ndan míonnú an dtug mé féar as* S, I am not sure whether ...
- míonsprúán**, 'm'ín'spru:ən. m. Fragments. *bheinn ' díonamh ~ uiliug díob ... is níl aon ghratha a'm ... gá mbriseadh uiliug ... is níl mé a dhíonamh dhíob ach clocha briste, mar a bheadh clocha chuirtheá ar bhóthar.* 11C.
- míor**, n. (In negative phrase with) *~ meacain*, smallest amount. *Ní raibh ~ meacain ann, Ní raibh ~ meacain aige* S. *Níor fhága sé ~ meacan dhe gan ithe.* Cp. MION.
- míosáil**, v. 1. Miss. 2. Go astray, be unrecognisable (in) *Tá chuile shórt ag ~ ormsa anis* 20C, I recognise no one now.
- míosarún**, m. Mushroom, M.
- míotal**, m. (a) *Cuirthidh me bun do mhiotail amach* M, I'll give you a thrashing. (b) *Ná cuir bun do mhiotail amach* M, don't over strain yourself (literally equated with *Ná cuir timbil do thúnach amach* M). Cf. MUIÍNÍN.
- míotalóir**, m. Metal-worker. *Na ~i sin* S.
- mísc**, f. Damage, harm. *Bhí, ~ mhór, gá dhíonamh orm, ... ag díonamh na ~* 869P (of field being plundered).
- misceach**, a. Damaging, harmful.
- misceamhnaíthe**, a. Uncivil, boorish, irritable. (Perhaps also *misceamhnach*.)
- míshlainte**, f. Ill-health. *Tá ~ air sin* S.
- míseach**, m. and f. Courage, zest (for life). *Níor fhan aon mh-- a'm* M. ' *Bhfuil aon mh-- siúil aige?* 23M (of an ill man, to walk).
- miste**, a. (With copula) harm, mind. *B'fhéidir nar mh-- dhom píjeaimeas a thabhairt liom* M, it might be no harm to ... *~er m'íft'ə yum iərhi: d'er' ə 'ja'nar k'e:r bas hu' -o: n'i: m'íft'ə d'er ʃe* 11Ct 'Ar ~ dhom a fhiathraí,' a *deir an seanfhear, 'cérb as thú?' 'Ó ní ~, a deir sé.*
- mistéic**, m'íft'e:k'. m. Mistake. *Dhe mhistéic*, inadvertently, by accident. *Sin cinn a fuair me dhe mh-- , mar a déarthá* 23M.
- místuaim**, a. Awkward. (One speaker, in query) *ta ʃe xə m'istu:m' 31Mq tá sé chomh ~, also m'istu:mə 31Mq* MÍSTUAMA (which is the common form).
- místuama**, a. Awkward. *Tá tú chomh ~ le muc ar dhrisiúr* S.
- místuamach**, a. Awkward, 54C.
- modh**, m. Honour (in) (n'í:f) *mu fucl eg'ə, mu fuclə* M (*níl*) *~ focla aige*, he doesn't keep his word.
- mogall**, m. 1. Small amount (in) *ga' m'ox mugəl sa'lən' am* (Smbb)04B *dhá mbeadh ~ salainn a'm*. 2. (In negative) *Ní raibh ~ air* S, he had nothing left. *An fear ar dóú an teach air níl ~ air* S, ... nothing left.
- moghailéar**, *maul'e:r* (moghlaeir), m. Large rock, large (round) object. *~ dh'fhata* S.
- móide**, a. (With negative copula) *B'fhéidir*

is ní móide, it is unlikely.

moill, f. Delay. (a) *Tá ~ ar an bpost a i gcónaí. Tá scaithín ~e orm soir anseo* M, I will be delayed a while over ... (b) *'Nis cáil a' mh-~ air sin?* M, what is keeping him now?

moing, f. (In) ~ *mhara* also ~ *mheara*, Hemlock, 'Conium maculatum'. *Cosúil leis na 'rockets' é ach bíonn flabhars bhuí air, praiseach bhuí* M. *Tá se lán leis an ~ mhara, an mh-~ mhara* M.

moncaí, m. 1. Monkey. *D'fheannthad sé an ~ dubh atá san Afraic Theas* S (of very cold weather). 2. Penis (jocose). **də wu:ŋki**: M *do mh-~*. **muŋki**: 47P.

mór, a. 1. Big. *Bhí a shúil chomh ~ le pota* P (of swollen black-eye). *Tá croí chomh ~ aici le teach* M. *Tá sí chomh ~ le bus* 43M (of cow). **xə mo:r ɾe iv'əxi (g'e:wə)** M *chomh ~ le uibheachaí géabha* (of round object). *Bhí chaon fhata acub chomh ~ le cloigeann an ghadhair* S. *Tá sé chomh mór le Neid a da Hil n'ed ə də hil'* 19B (Ned of the Hill). 2. Great in degree. *Go raibh cloigeann ~ ar Chóilín* P, ... very intelligent. *Tá an Ghaeilge mh-~ sin imíthe* S, great rich Irish ... 3. (Epithet for swear words) *Eascainí mh-~ í sin* S. *Caithe me ghoil soir nú beidh Béarla ~ ann* 43M, ... English swear words. *Tá mise goil ag íneach' dhen mháistir gur dhúirt tú focal ~* 54C. -Ó! 'go home, you so and so', *a deir sí héin, agus ar ndóigh thug sí an t-ainm ~ ortha.* 18J7382, ... she addressed her with a swear word (perhaps 'whore' cp. Airneán II p. 247). *Chuir me na hainmneachaí móra (air)* 15Pr. 4. Proud, snobby. *Bhí se ro-mh-~ ann héin* S. *Tá siad an-mh-~ íontub héin* M. 5. **Mór le**, friendly with. *Beidh me ~ mílteach leat* 892M. 6. Excessive. *Nach ~ a thastaíonnas ó bhean ghoil isteach san IRA sin* M. *Is ~ liom na coínle 'fhágáil lasta* M, I don't like to ... 7. Annoying. *Tá an oiread torann anseo is gur ~ e* M. 8. (Comparative *mó* with negative copula) *ní mó ná graíúlacht thú*, you are not a kindly person. *Ní mó ná sin é*, he is not very good. -**ta tu sa:x fa'də ma:x BóC Tá tú sách fada amach. -b'e:d'ər' gə wil' ax n'i: mu: nə' jin' e** S *B'fhéidir go bhfuil ach ní mó ná sin é*, ... that's all I am (I'm only long enough out, not out too long).

móralach, a. Proud. ~ *ann héin* M.

mórchúis, f. Serious misdemeanour. **ri'ə**

tu 'a:n'wo:r,xu:f Mq *rinne tú an-mh-~*.

mordar, m. Murder. (As interj) *Ó ~! ~ dearg! Ó ~ síoraí!* S. (In phrases) *D'fhuagair sé sna míle ~s* S, he roared out. *D'fhuagair mo mháthair míle ~* S. *Dhírigh cailleach aniar as an bhfuaigh agus d'fhuagair sí air na míle mordair. 'Óra,' a deir sí, 'tá mise curtha anseo,' a deir sí, 'le as cionn céad bliain'* 11C. *É ag breathnú sna mordair ar chuille thaobh de* 897St 'frantically'. Cf. MURDAR.

mórdhóite, a. Having the greater part burnt, S.

mórfhoclach, 'mo:r,uklax. a. Given to using big words, given to using swear words, Mq.

mórleathair, (marbhleathar). n. (Of intense cold) *tá ~ orm leis an bhfuacht*, I am shaking with the cold. ('Numbness of fingers' is not the meaning for Seán, which is *fuarnimh*.)

móta, m. 1. Large heap. *Bhí móta fataí ar an mbord* 23M. *Chuir tú síos móta fataí* S. 2. Large amount (with *feoil*). *'Tá móta feola ar a' beithíoch [sic] sin,' nú 'ar a' duine sin'* Mq, ... very fat. 3. (Of mist or clouds) *Tá móta ag cruinniú ansin thiar* S. 'ann [*< an bhfeiceann*] *tú an móta tá thiar ansin* S.

mothú, m. 1. Feeling. 2. Vigour, liveliness. *Níl aon mh-~ inti* S, she has no vigour.

muc, f. Pig. 1.(a) *Tá chuile shórt díonta aige is an mhuic sa bpros* S, 'he has the year's work done'. (b) **fod ε | ə wər ən wik' ə'l'ig'** M *seod é a mharaigh an mhuic uilig*, 'this is the worst of all / yet'. (c) *Deabhal blas a bhí acub ach garraí na muice cheana* S, 'they had very little land'. (d) *Níl focal dho mhuc ná dho mhad' aige* S, 'he hasn't got a civil word for anyone'. *Ní raibh focal aige dho mhuic ná dho mhada* M. 2. Rinne tú ~ *dhe a deir se* S, mess. 3. (In genitive), wretched. *Gan Máirín ag tabhairt seó na muice dhi* S. *Ní raibh cuma na muice ar an gceann sin* 12J (of ghost story). 4. ~ *mhara*, porpoise. *Bhí na muca mara froisin acub* S (trick of two people cartwheeling together). 5. *Muca rua* = SCINÉARA(f) P.

mucáil, f. Messy, dirty activity. *Cén sórt ~ an deabhaíl í sin ort ag cartadh na tine sin?* S.

mucaire, m. Morose, uncivil person who is prone to pout (like a pig). ~ *dhe dhuine*

- SM.
- mucaireacht**, f. Untidy work or activity, S.
- mucálaí**, m. (Synonym of) MUCAIRE. ~ *dhe dhuine* S.
- mucamas**, m. Mess. *Tá ~ díonta dhi sin ort* S.
- mucúiseach**, a. Boorish. *Sách ~ S.* (Also *mucúil*.)
- muiceanta**, a. Boorish, S.
- muiciúlacht**, f. Boorishness, S. (Also *mucúlacht*.) (Explained in) *brúidiúlacht, bitseachas*, ~ S.
- múidín**, m. **1.** Huffiness, pique. *ví mu:d'ín' am l'ij, ví ~ er' Mq bhí ~ a'm leis, bhí ~ air.* **2.** Petulant person. ~ *gə yín'ə Mq ~ dhe dhuine.*
- múidíneach**, a. Petulant. *dín'ə mu:d'ín'əx ε Mq duine ~ é.*
- muileann(t)óir**, m. Miller, S.
- múille**, m. **1.** Mule. (a) *mu:l' æ'səl' /kə'pə:l' 23C ~ asail, ~ capaill.* (b) *Fuair sé bás an mh--*, he died without offspring. *Gheotha' sé sin bás an mh-- gan mac gan inín* S. **2.** Slow, stupid person or animal. *Nach úásach an ~ dhe tharú e P* (poor bulling bull). *Tá se ar nús an mh-- a chuid éadaigh sa dá áit aige* M.
- Muimhneach**, m. and a. Munster. **1.** (Referring to Co. Clare) *Duine as Tír Mh--* S, a person from Co. Clare. *Máire Mh--* M (from Co. Clare). **2.** (Common noun) *muimhneach*, (a) Potato from Co. Clare (or thereabouts). *Fataí ~ M. ~aí breá a bhí iontú* M. (b) Seed potatoes of the (Department of) Agriculture Scheme, seed potatoes. *Cuirthidh muid an chuid eile dhe na ~aí seo* S. **3.** *An slua Mh--*. *Bhí an slua Mh-- ann* S (great crowd). *Chuirtheá an slua Mh-- ar na cuileogaí* M, you would outsmart anyone. *Tá an slua Mh-- ort* S, you are a trickster (equated with *Tá an deabhal ort*.)
- múin**, v. Teach. *n'í: wu:n'hət je i: er' ə gə:r na tæ:də* M *ní mhúintheadh sé í ar an gcarr ná tada*, ... teach her how to drive *Gá múinead se Máirín leihí í sin a thomáint, Níor mh-- se í* M.
- muineál**, m. **1.** Neck. **2.** Inlet. ~ *caol farraige* SM.
- muinice**, m. 'Mop' of hair. *min'ək'ə gruəg'ə Mq ~ gruaige.*
- muinín**, n. (In phrase) ~ *a mhiotail amuigh* **06C**, having done one's utmost. Equivalent with *bun, buinín* 3 FFG, cf.
- MIOTAL.
- muir**, f. (Sea. Not independently understood by SM). *Is íontach an radharc í an mh-- mhóir, an mh-- mhór* S.
- muirbheach**, f. (perhaps also m). Wet, sometimes soft, low seaboard, flooded at spring tides, not at neap tides. (There is no direct association with 'sand', cp. FGB.) *Sé an sórt áit é an ~, áit a bhfuil taoille ag éir-, éiríonn taoille air ... le lán rabharta ... ní éiríonn taoille a bith air ar mhall-mhuir. ... an mh-- 894Cs.*
- Muire**, The Blessed Virgin Mary. (a) *ə wir'ə xr'ist nor' ə hesi:n' fi: fo 43M A Mhuire, 'Chríost, nuair a thosaíonn sí seo!* (b) (A) *Mhuire is trua.* (i) Interj. *o: uʃə wir'ə s tru: orən' ó uise a Mhuire is trua orainn* (said for example after hearing news of an injury). *wir'ə s truə d'ε:tə: e:ʃt'əxt l'εʃ S Mhuire is trua d'fhéadthá éisteacht leis.* (With *ar*) *uʃə wir'ə s tru: er' gortiw e S uise Mhuire is trua air gortaíodh é!* (ii) (Nominalised) *tə: kumə n wir'ə s tru: ort tá cuma an Mhuire is trua ort*, you look, seem wretched. (iii) (Verbalised) *muʃə gə wir'ə s tru: orən' S muise go Mhuire is trua orainn!*
- múirín**, n. Compost from layers of soil, turf mould, seaweed, manure, etc. ~ *múna nú feamainne nú péibí cé as a ndionthá é* SM.
- muirnéiseach**, a. Proud, haughty. *Tá se an-mh--* M.
- múiscríonach**, a. *mu:ʃkr'i:nəx*. Fastidious, uncivil, M.
- muise**, (Interj) (In a minority usage in rhetorical responses with independent form of verb.) *-tə' m'ε a:n l'ε fa:də -Tá mé ann le fada. -muʃə tə: 03C Muise tá?* Is that so?, Really? *-Tá me goil go Bleá Cliath. -Muise tá?. -Fuair me ... -Muise fuair?* (more commonly, e.g. *An bhfuair, muis?* or *Ach an bhfuair?*).
- muist**, *muʃt*, f. State of being owed (in) *muist (amuigh) ag X ar Y*, Y owes X, 'Y owes X one', X expects to be repaid by Y. *Bhí an oiread ~ amuith aige sin orm* M. *Bhí ~ aige orm 43M. Níor mhaith liom aon mh-- a bheith aige orm 43M. Cén deabhal ~ atá a'd ormsa? S. Nach deabhltaí an mh-- atá a'd orm! S.*
- muisteáil**, *muʃtə:l'*, f. VN. Expecting repayment of any favour made. *Bhí*

- seisean* ' ~ *liomsa is gan aon chall dó leis, dhá mbeadh an muist amuth aige ní bheadh sé chomh dona* S.
- muisteáilte**, *muʃtə:lʲə*, vadj, a. *Tá tú sách* ~ S, you (always) expect favours, etc., to be repaid.
- muisteais**, m. **1.** Moustache. *muʃdæʃ moʳ* M ~ *mór*. **2.** (Decorative) ridge around chimney-stack, just below the top.
- múitseáil**, VN. Mooching, acting awkwardly. *Bhí sí seo ag ~ leis an gcúltha agus ag torann* Pt.
- mullach**, m. Top. **(a)** *Teighidís i ~ an deabhail!* M. *ʲaʲtʲ ʲe muləx ə dʲaʲlʲ* S *téadh sé i ~ an deabhail!* **(b)** *ʲe xi: r kəhu: ʲtʲə:x hæʳ wuləx ə xʲi:nʲ e* S *sé an chaol ar caitheadh isteach thair mh-- a chinn é*, he was elected by a large majority. (In malediction) ~ *do chinn fút!*
- mullán**, m. Hillock-shaped rock in sea. *Amach ar na ~in sin amach ag baint chreathnaí* S. *Chuaigh me suas ar mh-- sa gcorach* S.
- munjí**, n. Sexual intercourse. *Ag iarraidh ~, ruaimne* ~ P.
- múr**, m. **1.** Shower. **2.** Profusion (of liquid). ~ *allais, ~aileachaí allais* M. **3.** Bout. *Bhuaileadh an ~ teas thú* P. **4.** Crowd, group. *Tiochaidh ~ isteach i do dhiaidh* M (flies). *Ag imeacht leis an raic seo. Bhí bliain eile ... tháinic ~ dhe phleainceannaí mar sin. ... tháinic ~ beag eile pleainceannaí* **892M**. **5.** Passing inconvenience (crowd or person) (humorous). *Sin ~ eile eigscéipeáilte a'inn* M (of unwanted visitors). ~ *eile curtha dhínn* **47P**. *Tá an ~ thart* **52J** 'that inconvenient chap has left our company'. **6.** Much, a lot. *Rinne me ~ bréaga* S.
- muráite**, f. *Ar ~*, anchored (while fishing) at sea S.
- murdar**, m. (Interj) *Ó ~ síoraí!* M. Cf. MORDAR.
- murla**, m. **1.** Plump person. ~ *dhe bhean*, plump woman. **2.** Heap. ~ *mór fataí, ~ cloch, ~ féir* M, **47P**.
- murlach**, n. Low wet place, S.
- murluachair**, f. Reeds (in) *Maor ... ʳ fuair sé an páiste i dtír i leataobh sa murluachair i leataobh na haibhne* **894C2**.
- mútáil**, f. (As VN). Move clumsily. *Ag ~ anúnn 's anáil* M. *Fág an bealach is ná bí ag ~ ná bí ag púitseáil* S.
- mútaráil**, f. Muttering, senseless talk. ~ *chainte* M.
- mutráil**, f. Muttering. ~ *chainte, Cén sórt ~ tá ort?* S.
- N**
- nádúr**¹, m. **1.** Nature. *Níor tháinic a leithide dhe rud sa ~ ariamh* M, the like of it never was found in nature before. **2.** Hereditary feature. *Rud ó ~ S*. **3.** Deeply felt affection (often but not necessarily for relatives). *Ní hé an gaol ach an ~ S*. **d'ér** *ʲiəd nax ə ɡi:l ə imʲi:ns ax ə nə:du:ʳ* S *deir siad nach an gaol a iníomns ach an ~. Nach beag a' ~ thú!* S.
- nádúr**², **nádúra**, **nádúrtha** (FGB), a. **1.** Natural. *Go raibh sé ~ aige*, it was (only) natural for him (in context here due to old age). *Níl rud a bhí chomh ~ le broim* S. *Tá sí sách ~ ach níl aon ~ fáis inti* S (of weather). **2.** Affectionate. *Tá Bríd chomh ~ S. Sé J. an fear is ~ choinic tú 'riamh. Tá sé an-- nə:du:ʳhə le gasúir* 46.351 (translating 'friendly').
- nádúrach**, a. **1.** Natural. **2.** Affectionate. *Duine an-- a bhí ann* S.
- náire**, f. Shame. *Chuireadh cuide dhe mhúintir an tsaol seo ~ ar chúl mo chos* S. *Ní i: x'urhə'n d'or' olə l'e nar'ə* S *ní thiúrthainn deoir fhola le ~*, 'I was very ashamed, embarrassed'.
- nán**, (< *ndán*). m. Fate. *Cén dá ~ atá ann?* *Tá ~ báis is ~ pósta* M. ~ *do bhéartha 's ~ do bháis* S.
- neach**, n. Premonition, vision. (Explained in) '*Tháinic ~ 'ugam, 'sórt bríonglóidí e nú rud a bheadh gá fheiceál duit, Bhí ~ aige* M.
- nead**, f. **1.** Comfortable position. *ta ʲi: dʲi:nə ~ a'n* **43M** *tá sí ag déanamh ~ ann* (of child in arms). **2.** Trove. *nax i: fuəʳ ə n'æ:d* **52J** *nach í a fuair an ~* (of cake found in cupboard). *ta ~ ə'n'íʲ ek'ə* S *tá ~ anois aici*.
- neaigín**, *n'æ:g'i:nʲ*, m. Noggin. (In phrase) *túin sa ~ M* (of something lost). Also *túin san aigín* S. *ta hu:n' sə næ:g'i:nʲ* S *tá a thóin san aigín*, he is impoverished. (No longer precisely understood: *p'eb'i: k'e:rd e n tæ:g'i:nʲ* S *peibí céard é an t-'aigín'*). *Tá a thúin san aigín aige chomh maith le fear a thiúrthadh céad bó lena inín* S (of haughty person).
- neaim**, (Interjection and feminine noun.) **1.** (Child talk) tasty. ~ ~, yum yum. *b'i:nʲ ʲi: rə: ~ ~* M *bíonn sí ag rá ~ ~*. **2.** Tasty

portion. **bə je: n n'æ:m' n'æ:m' a'kəb ε** M *badh é an ~ ~ acub é*. (Here equated with SÚ SÚILÍNEACH M. ~ ~ **v'og** Mq ~ ~ *bheag. g'ihə gə l'or* ~ ~s Mq *ag ithe go leor* ~ ~s. Cp. NIUM.

néal, m. 1. Snooze. **Lig (an) ~ as do cheann**, have a sleep. *Bhí se ag ligean ~ as a cheann* M. *Níor lig J ~ as a cheann* M. 2. Dazed condition. (*Buailthidh mé dhe dhorna thú is*) *cuirthe mé ~ ort*, ... I will knock you flying. 3. (In plural) **n'e:l'tə/n'e:l'trə/n'e:l'trəxi tə'bək** Mq ~ta, etc., *tobac*, fit of dizziness or sleep from tobacco.

neamh, n. Heaven. *Meas tú faoi ~ na réalta cé (< céard) d'éirigh dhon stríopach dhe chloí' fhaobhair?* S.

neámhaí, a. Uninterested, listless. **din'ə n'əwi** Mq *duine ~*, spiritless person.

neamhchiontaí, n. Innocence. **ma:ri:v sə n'æ:xi:nti: ε** Mperm *marátoth sa ~ é*, also Clad148.

neamhchuma, f. Maltreatment. **ri'nə m'e n'æ:xumə ji** S *rinne mé ~ dhe*. Also LEATHCHUMA.

neamhthuirim, f. Doubtful opinion. *Tá ~ a'm nach bhfuil sé sin díonta ceart* S.

neamhthuil(í)eamaí, neamhthuilí, 1. (Adj) Independent (of means). *Tá sé ~ anis ann* M, *tá sé ro~ 21Pt* (of contradictory person). 2. (Noun) Dependence, respect. *Níl aon neamhthuilí le H. a'm S. Níl neamhthuilí a bhith a'msa leis* S.

neantóg, f. Nettle. *Mar a bheadh an ~ go díreach 898P* (of person, in context of teasing and bickering).

neart, m. Much (sometimes followed by article). **v'i: n'æ:rt ən æ:r'əg'əd' eg'ə** Pt *bhí neart an airgid aige*.

Neid a da Hil, n'ed ə də hil' 19B (Ned of the Hill). Cf. MÓR 1.

neiléara, m. Nail. (In comparisons) *Tá se ag obair chomh crua leis an ~ S. D'oibrigh me chomh crua leis an ~ S. Bhí mé ag obair a' nús an ~ P.*

neóisean, n'ə:ʃən. (< notion) n. *Comportment, manner, way. Tá ~ maith fir aige* M. *Is úthásach an ~ mrá tá aici* M. *Is úthásach an ~ fir atá aige* S. *Sin ~ a bhíonnas acub* M.

ní¹, m. Thing. *Chuille shórt ~ S. xul'ə ho:rt n'i: b'i 01J* *chuille shórt ~ ar bith. Nach mór an ~ ort é* S, that's too bad, (ironically) isn't it just too bad for you.

ní², prtc. Not. 1. **n'i: rodər ə gol' əʃt'æx ə d'æ:x ə fobəl' əb' ar na iəd** S *ní raibheadar ag goil isteach i dteach an phobail ab fhearr ná iad*, 'they were as good as any in the parish'. *Tá teach aici ... ~ teach tá aici ach tiubhaí* M, ... many houses. *Rinne mé teach anseo i Mainis, ~ teach a rinne me ach tiubhaí* S. 2. **Ní ann ach**, hardly (for more common *ní raibh ann ach*). *Agus, 'chéad lait [< lot], a teisteáil sé amach an dtigeann tú, thug sé an praghas ortha. 'Gus, ní ann ach go raibh sí sin díonta aige, nuair a tháinig Féarlí thart ann. 896P* (of kelp testing).

nimh, f. 1. Poison. (Metaphorically) 2. (a) Terrible thing. *Sé ~ uilig tada cuimilt di* M, the worst thing that can happen is for anything to rub on it. (b) *Níl aon ~ chomh dona le fanacht sa leaba* M (for depressed old person). 3. **ta n'iv' er' l'e fuəxt 14M** *tá ~ air le fuacht*, it is very cold.

nipeáil, v. Nip. **ta ʃe n'ip'ə:l' æd** Mq *tá sé ~te a'd*. Cp. *nipeáilte* FFG.

niúiteáilte, n'u:ʃə:l'ə. a. 1. Outstanding, cf. *liúiteáilte* ARN6821, Airneán II s.v. *liúitáilte*. 2. Bad, malicious, contrary. *Tá an saol chomh ~ is go bhfuil páistí gá marú faoi bhroinn a máthar* S. *Tá tú an~ S. Fíor~ 43M. Sin é an ceann is ~ chuala me 'riamh* S.

nium, n'um, 1. (Interj, child talk). ~ ~, yum yum, 2. n. **ʃo n'if' ~ ~ mo:r** M *Seo anois ~ ~ mór. ta ~ ~ t'i: wə:r'i:n' ek'ə ə d'ig'ən tu 52J* *tá ~ ~ tigh Mh. aici an duigeann tú? ta ~ ~ eg' 'ma'mo: yit' 52J* *tá ~ ~ ag Mamó dhuit*. Cp. NEAIM.

nóiméad, m. Minute. (a) **x'æ:pə: na ra nu:m'e:d sə la: gə m'ox nə b'ehi: ʃo:sə:l'ə 23B** *cheapthá nar raibh nóiméad sa lá go mbeadh na beithí deósáilte*, 'he was in a great hurry to dose the cattle'. (b) *Saol núiméid* M, short time.

Nollaig, f. Christmas. *Tháinig an créatúr ansin eidir dhá Nollaic* M, between Christmas Day and Twelfth Night (6 January) (or possibly between Christmas Day and New Year's Eve (31 December)).

nua-aois, n. New-comer. ' *Bhfuil aon ~ ' tíocht aníos?* Are there any beginners? (any young pupils to go to school next school year).

nua-aoiseach¹, (núfosach). m. New-arrival, recruit. *Ní fhaca mé aon ~ sa scoil. ' Bhfuil aon ~at sa scoil i mbliana?*

nua-aoiseach², (núiosach). a. New, unaccustomed. *Fear ~ ag obair sa jab. Tá sé ~ san obair. Ní íl tæ:də nu:i:fəx yit' S níl tada ~ dhuit.*

nuaíocht, (nuacht). n. News. (Plural) *scríobh chugam leis na ~aí, write and tell me all the news.*

nuta, n. Small stocky person (of person only). ~ *dhe dhuine M.*

O

o, f. The letter 'o'. *Tá an 'ó' sin, níl ciall a bith leithi S.*

ó, prp. From. **1.** *Is beag nar fhan an carr uaithi ann M, she almost had to leave the car there, almost lost control of the car ... (because of badly potholed road).* **2.** Opposite of *ag. Ní raibh fhios a'dsa an raibh carr aici ná uaithi S. (Humorous) - Bhí páiste ag an mbean sin ó shoin -Bhí déarthainn, ní aici bhí se ach uaithi S.* **3.** (Used with some maledictions) *Drochrath uaidh a'd! Drochrath uaidh an deabhal sin a'd! SM. (Note *an phlá uaidh a'd! is not permissible).* **4.** Adjective + *ó* + Agent. *as intəx o' yair krə:vəni' ix'ə S is iontach ó ghadhar cnámhannaí a ithe, a dog is wonderful at eating bones. Déar-thaidh tú amhrán ... agus maith uait 43M. ' Bhfuil fhios a'd cé dúirt amhrán agus maith uaithi! 43M. Is dona uaidh an speal héin oibriú sa ngarraí sin 12J. B'iontach ó Veail rudaí a rá 21Pt. 5. Ó X go X, X by X, one by one, one after the other. Do réir mar a bhí an chuid eile dhá bhaint díob héin, bhí sé a' breith orthub ó cheann go ceann ina ghóil 852Sbt (TS127). Do réir mar tháinigeadar d'imíodar ó dhuine go duine 864MDT7 (in the context, not 'from one person to another'). Ceistnódh na daoine ó dhuine go duine 875PDT10. Is bhí muid dhá dtóigeál linn, ó phota go pota 892M. Ó chéim go céim (T. Kelly, Baile an Phoill, An Casileán Gearr) step by step.*

obair, f. Work(ing) *ag obair. (a)* in use. *Ní raibheadar sin [shoes] ag ~ tá me ' cheapadh gur fearr dho chuile bhróig a bheith ag ~ ná ina chúnaí an bhfuil fhios a'd? M. (b)* Use. *Ní: xir'həx mid' əg obər' e P ní chuirtheadh muid ag obair é, we would not use it (of word queried).*

ócáid, **ócáide**, n. Task, errand. (In) ~ *gnótha, (specific) business (sometimes used to avoid mention of specific task).*

Tháinic sé isteach anseo ar ~ grutha, Bhí m'~ grutha orm chuaigh mé ann, Chaithead se go bhfuil se ar ~ grutha eicint SM.

ócám, m. Oakum. *ta u:f wə:r gə ʃam a'gəm, mar əs f'æ:r e sp'ínəs o:kəm* !(Abó)898P *tá úis mhór dho Team a'm mar is fear é a spíonthas ~, '... a man who will do time (in prison)'*.

ócóid : ABHCÓID, M. n. Harm. ~ *a dhíona dhe dhuine, ~ a chur air. Rinne siad ~ dínn, they bewildered us, upset us.*

ócóideach : ABHCÓIDEACH, M.

ocras, m. Hunger. **(a)** *Níl aon ~ fataí orm 45P, I am not hungry enough for potatoes, for dinner. (b) xir'həʃ fe ukrəs ort M chuirtheadh sé ocras ort (of sight of rotten food, knowing that there will be nothing to eat). nax gir'həd'i:f ukrəs ort M nach gcuirthidís ocras ort! (rotten potatoes).*

óg, a. Young. *(Is) tú is óige is is túsce phósthas S (said to younger person obliging him to do given action or chore).*

ó hubó, o: hu 'bɔ:. (Interjection) M, P.

oibrigh, v. **1.** Use. *Ní oibreodh muid é P, we wouldn't use it (word).* **2.** Become enraged. *fur:ra:l'ə k'i:n't'ə aibr'o' f'i M siúrúlte cinnte oibreoidh sí.*

oibríoch, m. Worker. ~ *maith a bhí ann S.*

oíche, f. Night. (In asseveration) *Tá fhios ag an ~ go feicthear dhom péin go mbíonn! 05M. Cf. LÁ.*

oidhe, m. **1.** Ill-usage, reproach. *ai ka:n't'ə, ai nə ni:n'ə ~ cainte, ~ na ndaoine, of a person who is being rebuked. hug fe i:d'ə /ai nə gut s nə ma:dri: e'r' Mq thug sé ide / ~ na gcát is na madraí air. 2. Deserts. *Ní fearr an ~ ar fhear eile é, you / he deserve(s) it as well as the next man.**

oidhríocht, (oidhreacht). f. Inheritance. *Talthamh ~ a roinn sé, níor roinn sé aon fhód talthúna sa mbaile ach talthamh ~. 881J 'inherited land'.*

óige, f. Youth. *In aois na h~ tá sí goite S, she has acquired a more youthful appearance.*

oilíúint, f. Nurture, mothering (of a child). *' mbíonn sí tóraíocht ~? ' mbíonn sí ag iarraidh bheith tóigthí is chuile shórt? M.*

oinniún, m. Onion. *Ó uise oinniúin mar a hitheadh iad S (said of the smell of breaking wind, after someone breaks wind).*

oipinne, n. **1.** (Sudden) attempt. *Rinne mé ~ é ' shábháilt, An ndearna tú ~ a bith é ' mharú? Thug mé ~ ach níor éirigh liom S.*

Ní dhearna sé ~ a bith héin S. **2.** Concession, surrender (in) *bhí an bhean ag ul dó nó go dtug sé ~ ar a dhul ag ithe* **875T1** ... until he agreed ...

oiread, n. Amount. **1.** (In comparative) **(a)** *Fuair mé an ~ is fuair an bacach dh'Innis Ní S* (who, it is said, was badly treated but who had 'enough', he had his full of Innis Nia). **for** **ɔ̃æ:k'i: n er'əd d'i jin' s ə for' əm bə:kəx g in'əf n'i:** M *fuair Jaicí an ~ di sin is a fuair an bacach dh'Innis Ní.* **(b)** (Of small amount) **N'ir a:gə fe ən er'əd gə l'ækə: br'ən er' P níor fhága sé an oiread go leagthá biorán air**, he left nothing (of food eaten). *An ~ is tá dú' [dubh] faoi t'ionga, ... tá dú' ar t'ionga, ... dhe dhubh is tá faoi t'ionga, ... is a ghabhthadh isteach faoi t'ionga* SM (of tiny amount). **(c)** (Negative) *Ní íosadh Seán Choilm aon pharaj ach an ~ is cáillfí e M, S.C.* would not eat porridge if his life depended on it. **(d)** (With *dhe*) *Bhí an ~ dhen chabail orm péin gur insigh mé dho Mháire ...* **18Bm**, I was so indiscreet that I told M. ... **2.** (The exact amount may be known, or have been previously mentioned, but is indicated by) **(an) oiread seo**, certain amount, lots of. *Bhriseadar na fuinneogáí ar an ~ seo áiteachaí* M, they broke the windows in so many places. *Féasta, cácaí bacste, oiread seo ím is jaim is ...* **872M**. Cf. SEO 3.

ól¹, m. Drink. *Ní raibh ~ a bith air* S, he was not drunk.

ól², v. Drink. Take with drink (of pills). *Ól le do bhéilí iad* M.

ola, f. **1.** Oil. ~ *bhréidín* M, wool oil (LFRM). **2.** Extreme unction. *Bhí an ~ goíte air* S.

olc, a. **1.** Bad. **(a)** *Chaith me go maith is go h~ e síos is suas* S, I spent it (life) both good and bad. **(b)** *B'~ ar an mbean thoir e M*, the woman from the east was bad. *Tá súil a'm nach dtéann se isteach más ~ orub sin e M* (meaning unclear). **(c)** (In set phrase when storyteller makes mistake) *is ~ a insímse mo scéal* (Smbb) **04B**; **s olk ə v'i: m'e g' i:nfən mə f'k'e:l** **18J** *is ~ a bhí mé ag insean mo scéal.* **2.(a)** Vicious. *Chomh h~ le peata sionnaigh* **11Pt**. **(b)** Angry. *An raibh sí ~?* was she angry (in her dealings) with you?

ollmhaire, n. **1.** Great care. *Tá an iomarca ~ er'war' a'd ort héin* S. **2.** Neglect. ə

d'i:nə 'ul'war' ort M *ag déanamh ~ ort. rin'ə mid' ul'war' er' ə mo: nax n'əxə f'is gə d'i: i' M rinne muid ~ ar an mbó nach ndeachaigh go dtí í. Ní dhearna me héin aon 'ol'war' ar P. bhí me siar is aniar go dtí e M.*

ollmhaireach, a. Very careful. ... **tu: er'war:r'əx** S *Bhí tú ~. Tá se an~ 'a:n'ol'war:r'əx air héin* M.

onóir, f. Honour. (In phrase) **uno:r' julə nə br'uli:** S ~ *ghiolla na briollaí*, misplaced pride of the pauper.

onórach, a. Proud, haughty. **v'i: fe xə huno:rəx l'ef ə guəx** **51P** *bhí sé chomh ~ leis an gcuach. Bhí siad ro~ le ghoil ar aimsir* S.

ór, m. Gold. *Ní fhágthaim istith ar ~ í* **56N**, I would not leave her within (on the island) for anything.

orchar, (urchar), m. Shot. **1.** (Of distance) *Fad ~ cloiche* S, short distance. **2.** *Sí Eidhlín a bhíodh ag caitheamh an ~ir M*, ... throwing the hints (on behalf of others). **3.** *Ag caitheamh orchair*, breaking wind.

ord, m. Sledgehammer. *Dúirt sí nach gcuirtheá duine isteach le ~ ann* M (of packed place).

ordóg, f. Thumb. **1.** **nax fa:d ə wa'l'ə l'æg f'i' haurd:og** S *nach fada ó bhaile a leag sí a hordóg!* (in acquiring a husband). **2.** *Changail muid an ~ is an mhúin a chuir ar bóthar* S, we had foresight ... (to do it in time). *Changail J. an ~ nuair a d'fhan se thuas* S, J. did right ... (Perhaps an allusion to the prescience of the mythological *Fionn mac Cúil* which he obtained by chewing his thumb, but this background is no longer necessarily known.)

ordú, m. Condition, weight, fat. *Tá an~ ar an mbeithíoch sin. Tá ~ curtha suas a'd.*

orlach, m. (In negative) Nothing, not a bit. *Ní bhfuighidh muid ~ a bith níos súmhri M. Ní fhanthat sí ~ ... ar a gualainn* **14M**.

ó ró, interj. ~ ~ *go deo* M.

oscail, v. **1.** (With *lá*) Dawn. *Nó go n-oscailíodh an lá orthub ... nuair a d'oscailíodh an lá orthub* **894Cs**, ... the day would dawn. **2.** (Cards, poker) *Cé d'oscail?* **52M** Who led? **3.** *Nuair a bhíodh an tine oscailte ann* S, open fire. **4.** (Of weather) become wild. *Bhí sé chomh hosclaíthe is d'fhéadthad sé bheith* **21Pt**, it (weather) was as fierce as it could be.

oscar, m. (In) *Chuaigh mo chois in ~ S, I*

was tripped (by bramble).

P

pabhar, m. **1.** Power. *Bhí sí* (boat) *ag goil siar ansin lena ~ héin. Dhá dteagadh an taoille sin le ~ rabharta mar a deir siad* **23M.** *Agus iadsan ag bualadh an arbhair, anuas le, le, le ~, le ~ neart, a gcuid lámh, á bhualadh faoin gcloich sin,* **894Cs.** **2.** ~ *ar bith*, any chance. *Níl ~ ar bith go ndíontha' sé é* **52J.** *Dúirt mé leat é faitíos ~ ar bith go ndíontha' dearmad air* **52J.**

pabhdar, m. Powder. Dose (for cattle, now often in liquid form). *Nach gearr ó fuair sí sin ~ S.*

pabhd(a)ráil, v. Dose cattle. *Níl sé i bhfad ó pabhdaráladh cheana iad S. Phabhdaráil muid iad M.*

paca, m. **1.** Pack. ~ *cladaigh leihí bhe' dtonamh tine S, pack of driftwood ...* **2.** Large bag. *I'in' f'a:n pa:kə f'e:r' əs ma:lə líon Seán ~ féir is mála, Seán filled a large bag and usual bag full of hay (the larger bag, *paca*, is made from two bags, unstitched and sewn together).* **du:ɡ tu: m pa:kə do:b' M an dtug tú an ~ dóib?** (to cattle). **3.** Large (puffed) clouds. *Ach tá pacai go leor toirní sa spéir i gcó- fós. Choinic mé anís inné ... séard a bhí ann aer toirní.* **892Mg.** Cf. PUCA.

pacáil, v. **1.** Pack, fill. (In thatching) *B'fhéidir go dtaistódh é ph~ S, stuff hollows with thatch.* **2.** (VN) Eating. ~ *theirim is fhearr le n-ithe S, it is best to eat without drinking.*

pái, f. Pay. *Tá ~ mhaith dhó sin S.*

paidheasain, m. Poison. (Used similar to NIMH) ill-humour, contrary mood. *Bhí ~ air. Scríobhthá ~ anuas de. Bhí deabhal thiar ansin bhí ~ dóirtí air sin P ... he was irritated, cantankerous.*

paidir, f. Prayer. *Le páidreachaí a fuair sí an carr go Gaillimh héin* **23B,** through pleading ...

paidireacht, f. Praying (continuously, constantly) S. Also *paidreoireacht* M.

páidirínteacht, f. Praying the rosary. *Sé bhí ceapthaí leis an bpáidirín a rá sa teach. Agus chua' sé amach, ar aghaidh an choirp ar a dhá ghlúin, Agus thosa' sé ag ~. Agus ní raibh an chéad deichniúr dhen pháidirín ráite aige nuair a ...* **11C.**

pailicéara, m. (pailitéir). **1.** Landless person (= FFG 1.). **2.** Person employed for a pittance by the rich (in an attempt to

engratiate himself with the powerful and influential, = FFG 2.). *Bhí lá ann a raibh an oiread ~í ag imeacht ag gearradh a chéile (faoi bheith ag obair in aisce dho na bocannaí móra).* **3.** Person who works or is able to work at everything. *Is íontach an ~ e SM.*

pailicéarach, f. Doing all kinds of work. *Tá siad ag ~ ó mhaidin S. Ag ~ i ndia beithí, ag ~ ó mhaidin go faoithin is ó oíche go maidin SM.*

pailitéara, (pailitéir). m. **1.** Landless person. **2.** Peripatetic sponger, SM.

pailitéarach, f. **1.** (From context) election, casting of votes. *Bhí ~ trí huair acub agus bhíodar díreach le chéile insa b-achaon uair dhe na trí huair ... leis an toghachán* **869Pt.** **2.** Going from house to house sponging. *Ag ~ ó theach go teach.* **3.** Loafing, idling.

páin, f. **1.** Fat creature. ~ *mhór mhillteach, ~ dhe fhear.* **2.** Large object. ~ *dhe chloch SM.*

páipéar, m. **1.** Paper bag. *x'æ:nəðər pa:p'e:r f'ip's M cheannadar ~ tsips.* **2.** (Plastic) bag. *Cuirthidh tú na svuítis i b-dhom. ' Bhfuil tú ag iarraidh ceann dhe na ~iríní seo? 43M. 'Eitheann [bhfeic-eann] tú na ~ir phleastic sin 43M. ' Bhfuil tú ag iarraidh ~ leí [le haghaidh] iad a bhaint? M (to collect blackberries).* **3.** ~ *tin ~ t'in'*, tin foil (this usage is now regressive, being replaced by 'tin foil'). *Tá na teabhlits sin i bpáipéirín tin M.* **4.** Carton. *Ní raibh dhe bhainne a'm ach an méid a bhí sa b~ M.* **5.** Container, cover. *Tá an ceartraj tá se i b~, ~ thíompall air M.*

páirtí, m. Partner. (Used predicatively with *bí* in card playing). *Bhí muid ~ S, we were playing parties.*

paisiúnta, (paiseanta). a. Neat. (In lament for poet's wife:.) *Tá do ghúna, a stór, faoi ghlas a'm do chuid neaicíní ~ is go leor dhe do chuid peilearaíns (Neainsí)11C.* (Perhaps related to *paiteanta, paitiúnta.*)

pait, n. Outrageous falsehood, whopper (in) *D'inis se ~ dhe bhréag dhom M.*

pápaire, m. Pauper. *Tá sé ina ph~ 14M.*

pápaireacht, f. Poverty. *Tá mé ' cheapadh gur boichtineacht é an ph~ 14M.*

páparáilte, a. Impoverished, pauperised. *Tá muide ~ (amach) S.*

parúl, n. Moral obligation. *Nár lige Dia go gcuirtheadh Dia dhe ph~ orm é '*

- dhíonamh* S.
- pas**, m. **1.** (Inferior) way, passage. *Cheap me go mb'úthásach an ~ é* S (of dangerous path). *Drochphas é bóthar Mhaínse* S. **2.** Release, acquittal. *Ní i: wí: jíb' e:m fais P ní bhfuighidh sib aon ph~* (from hanging). **3.** Revilement, trial. *Tá do ph~ i ndán duit* S, = *do phasóid* (q.v.), you had better look out. **4.** Term (of credit). *Ní bhfuairéadar mórán ~* S (to pay rent).
- pasóg**, f. A single mix (of mortar). ~ *mhoirtéil*.
- pasóid**, f. **1.** Revilement, reproach, drubbing. *Tá do ph~ i ndán duit* S, you had better look out. *Nuair a gheitheas mise greím air tá a ph~ i ndán dó* S (especially of child). **2.** Visitation, trial. *Tá do ph~ faighte a'd* S.
- pat(a)rán**, m. Small creature. *Ní raibh ann ach ~ dhe rud, ~ dhe dhuine, ~ dhe bheithíoch* M.
- peacáil**, v. Smarten, spruce. *f'e:káil' m'e suəs e M ph~ mé suas é. 'a:n'f'e:káil' e M an-ph~te.*
- peacóg**, f. Sprout. *Bíonn ~aí ar fhataí* S.
- Peadar**, m. (Personal name) Peter. **1.** *Ní raibh fhios a'm faoi chreideamh Pheadair céard a bhí sib a rá* SM, I did not know in the least ... (literally 'in all Christendom', St Peter, the first Pope). **2.** *rin'ə tu: jk'eil f'æ:dər' ji 23M rinne tú scéal Pheadair dhe, ... long-winded story. jk'eil f'æ:dər' e S scéal Pheadair é.*
- peáirt**, n. Parting in hair. *Ag cuir ~ ínti* M.
- peáirteáil**, (< part). v. **1.** Part the hair. **2.** Comb (hair). *Gá ~* S. **3.** Trim, tidy (hair), arrange well. *Ta me ~ mo ghruaig, Nuair a choiniceadar sin go deir'nach thú bhí tú ~te* S, the last time they saw you you were neat (and beardless). *gol' is p'ar'ɾ:alə m'e hu: M Goille is ~álthaidh mé thú. jk'æ:x p'ar'ɾ:al' æd M (Tá an) sceach ~te a'd. Cliabh, tá tú gá ph~ ... gá bhearradh* S. *Caithe me me héin a réiteach is a ph~ amach, Gan í (iomaire, grua) ' bhualadh ná ph~ amach, Ph~ sé amach go deas í, Bhí an coca ~te amach go deas aige* S.
- peáitse**, m. Gillie, (subordinate) person who accompanies someone. *Chaitheadh ~ bhei' 'na dhiaidh i gcónaí* M. ~ *in éindí leis* M.
- peáráil**, (< pare). v. (From context) cut outer branches from. (Attested in) *mo mhaide bhreá* [sic] *draighean agus bhain mé é. Agus nuair a bhí an maide a'm ~te p'ar'ɾ:al'ə amach, bhí an oíche teagthaíthe, 889P.*
- peáslán**, m. **1.** Feeble bird, M. **2.** Emaciated person or animal, M.
- peásúr**, m. Emaciated person or animal. *nax e: ən p'əs:ur e', ~ gə wík', xirə, ɣin'ə M nach é an ~ é! ~ dhe mhuiç, chaora, dhuine.*
- peicdiúr**, m. **1.** Picture. *harə'n' m'e ~ l'ehə 03C tharrainn mé ~ léithi, I had my photograph taken with her. harə'n' mid' ~ t'i: wə:rən 03C tharrainn muid ~ Tigh Mhóran, we were photographed together 2.* Likeness. *' Bhfaca tú aon ph~ ach seanchac? P, isn't it just like 3.* Semblance, 'shadow'. *An rud ba ghránna dá bhfaca sé ariamh, agus gurbh é pictiúir capaill é, LL115, '... only a shadow of a horse' (of a nag). Cf. peictiúr FFG20.*
- peil, pil**, n. Cantankerous person. *Peil dhe dhuine, drochphil* S.
- Peilip**, (Pilib). Philip. *Go lá Ph~ an chleite* S, *Go lá Ph~ an chleite na glóire 47Ps*, until Tibb's Eve, never. Cf. LÁ 1.
- peilséad, peilséar**, m. **1.** Small puny fish. *Ní r' [= raibh] ann ach peilséid* (also) *peilséidíní. 2.* Paltry creature. *Peilséar dhe bheithíoch, peilséidín dhe dhuine. 3.* Contemptible person or animal. *Is aisteach an peilséad dhe dhuine é sin.*
- peiltar, p'el'tər**, m. Large object, pelter. ~ *dh'fhear, ~ dhe bhean, bhí ~ir dh'fhataí ar an iomaire sin, ~s mhóra fataí* S. (Note *~ *dhe theach* is doubtful according to Sq).
- peirtheachaí, peirthíochaí**, (peireadh), pl. Sufferings in purgatory. *Cuirthidh muid a bpioraíochaí dinn, Beidh muid ag cuir a bpioraíochaí dinn* S (by enduring hardship and hard work we will reduce our sufferings in purgatory).
- peíst**, f. Worm. *Ní thairneod sé ~ as cac bó* S, he is a complete weakling. (Knitting) ~e M (plural), cable stitch.
- peitínteacht**, f. Petting. *p'el'i:n'əxt (l'e gasu:r) M ~ (le gasúr).*
- pian**, f. Pain. *Cuireann siad ~ orm, they annoy me, give me a pain.*
- piarc**, m. Rough, wild, worn, ugly person. *Is gránna an ~ thú* SM. *wa:kə tu: nə ~əni: v'i: krin'i: ən M an bhfaca tú na ~annaí a bhí cruinnithe ann?* (of rough

old men of dangerous mien, not necessarily red-faced SM, cp. FFG).

picéail, f. (As VN) Pick at, mess with, S. (Equivalent to PICÉARACHT). **nā b'í p'ík a'l' ləf** M *nā bí ag ~ leis*.

picéarach f. **1.** Act of picking at (in contrast with a bigger quantity). *Cén sórt ~ tá a'd leis caith isteach e* (for example with potatoes). **2.** Messing with, miserly treatment or distribution. *Cén sórt ~ atá a'd leis, cén sórt tincéarach atá a'd leis?* S.

picéaireacht, S. = PICÉARACHT.

picínteacht, = PICÉARACHT. *Nā bí ag ~ ar t'iongaí, ná bí ag ~ ar do bhéilí, ná bí ag ~ leis* S.

piléail, v. Peel. *Ag ~ fataí. ~ iad!* (Metaphorically). *Bhí fear an bháid mhóir, bhí a shúil ~te i gcúnaí aige ag breathú, féathaint cén áit an bhfeicthead sé cruach mhúna.* **889P**.

piléar, m. Bullet. (Metaphorically). *Seans go bhfuil mé ar aghaidh na b~ inniubh M* (under verbal attack).

pínn, (pingin). f. Penny. **(a)** *N'í: a:kəʃ f'i: e:m' f'i:n' æ:r'əg'əd' ə n'e:r'ən' M ní fhágthadh sí aon ph~ airgid in Éirinn, 'she is spendthrift'. Ní thóigtheadh sé ~ ná leithph~ M, ... no money at all. **(b)** *Bhí an trúú ~ aige ann, mar a deir siad héin, ní raibh se fáil ach trúú cuid an airgead S* (working on boat). **(c)** *An fear is airde ~, é bheith aige S*, the wealthiest person, or highest bidder should obtain it. **(d)** *Ní fiú ~ go leith thú S. Ní fiú dhá ph~ go leith thú S.* **(e)** (Of uncertain business) *Níl ann ach mar a chaithead suas ~ M* (context of farming).*

píns, (< pinch). n. Predicament, distress. **ner' ə hæ:gəx er' p'i:nʃ v'i:x gr'i:w a:n əs ækʃəns gə l'ɔ:r** !(ÓBia)Pt *nuair a thagadh air ~ bhíodh gníomh ann is aicseans go leor.*

pínsean, m. Pension. **1.** *' Bhfuil ~ inniu? M, is today pension day? Dúirt mé le Máirín go raibh ~ inniú M.* **2.** *Ní ghothainn soir ann ar ph~ M, ... for a pension, for all the tea in China.*

pínteáil, (= Dinn), (péinteáil). v. Paint. *Tá an teach ~te go maith aige M.*

pióbán, m. Throat. **(a)** *ha:nə xahə: v'e gli:x er' gə m'ox də fi:bən ka:t'ə M cheana chaithead a bheith ag glaoch air go mbeadh do phióbán caite* (of heedless person). **(b)** *v'eʃ fe ən də fi:bən P*

bheadh sé in do ph~ (speaking of aggressive cat).

pióblach, n. Tickle in throat, hoarseness (not facetious, cp. FGB).

pioc, v. Pick. ~ *suas*, improve. *N'í: s am ər f'uk fe suəs, f'uk fe suəs rud ək'i:nʃ S níl fhios a'm ar phioc sé suas, phioc sé suas rud eicint, ... he improved slightly.*

piocadh, m. Picking. (Of grazing) *Garraí a raibh ~ deas féir ann M. Bhí neart ~ ag na beithí ann, Níl neart ~ acub sin M.*

piocadóir, m. Picker (of winks, potatoes, etc.). ~ *maith é* Mq, also Clad259.

piodarlán, m. Small puny thing.

piolóid, n. Suffering. *Chuir se an-ph~ air héin M*, he brought much suffering on himself.

pionna¹, m. Pin. **(a)** *Tá ~ géaraí aige sin le m'aghaidh i gcónaí*, he has it in for me. **(b)** *(An) ~ a chuir i nduine*, thwart, finagle, get the better of. *Chuir sé an ~ críochnaí ann S. f'eb'ə k'e:r d'e:r'həs tu ta p'unə kurh eg' ən M feibe céard déarthas tú tá ~ curtha aige ann. f'k'e:m'e:rəxt f'in' kam'əl'e:rəxt kur ə f'unə S scéiméarach, sin caimiléarach, cur an ph~, finagling.* **(c)** *An pionna a fháil*, have an erection (physiological, of penis). **fuər fe m p'unə P fuair mé an ~.**

pionna², m. Pen. (Fig) *Bhí sí i b~ M*, she was in a difficulty. *Bhí fhios aige go raibh se i b~ dtigeann tú, ní raibh aon bhealach as aige M.*

pionta, m. Pint. ~ *beag*, half litre (as opposed to pint). **torəm p'i:ntə b'og tabhair dhom ~ beag** (heard in public houses in Carna).

píosa, m. **1.** Piece. *Dhíonthad se sin ~í beaga dhi M*, he would attack her, lacerate her verbally. **2.** (Adverbial) a little, bit. **bl'i:n' fe i: p'i:fi:m' b'og 01J** *blíonn sé í písín beag.* **3.** Amount. **əgəs ~ mo:r d'i: K'e:l'ə gə t'a:m v'e ga i:k frəʃən' 14M** *agus ~ mór díth céille dho Team bheith dhá íoc froisin.* **4.** A while. **(a)** *Fanthaidh se ~ ann, tá se anseo le ~, ... spell. Thóig sé ~ maith orm í oscailt.* **(b)** ~ *(maith) dhe*, fair interval (with time noun). *Fan go mbeidh ~ dhen mhaidin ann S*, wait till late morning. **m'ei fe ~ gə la: ma:r'əx ə n'æ:n' ha:l ə m'ei tu g' im'əxt ə m'ei 52J** *an mbeidh sé ~ dhe lá amáireach, a Neain, shál a mbeidh tú ag imeacht, an mbeidh?. Bhí ~ (maith) dhe lá an t-am sin ann, it was fairly late in the afternoon.* **(c)**

- ví: fe: g' im'əxt f'ef ... nu: gə ro p'isə gən ih an, nor' ə v'í p'isə mo:r gən ih an ...** 11Ct *bhí sé ag imeacht leis ... nó go raibh ~ dhen oíche ann, nuair a bhí ~ mór dhen oíche ann ...* . Ach go bhfuil sé ~ maith dhen tarthóna ... ó chua' sé thar an teach sin a'inne 11C4082. Chua' sé an bealach seo ... i gcionn ~ dhen oíche anocht 11C4090. (d) *Bhí sé i ré mór ~ dh'am* 11C. (e) *Tá Pádraic cáille le ~ blianta* 21Pt.
- pipeáil**, v. 1. Choke. *Bheitheá ~te suas* S. *Tá me ~te suas ag an slaghdán* SM. *Ph~se me* S. 2. Beat, knock out, finish. *Leag mise thú is déarthadh duine eile 'tá se ~te a'd, a Sheáin.'* S. *Ní raibh se sin i bhfad dho do ph~* S.
- pisreog**, f. Superstition. **nə ka:l'əxi: p'ijrə:g** 20S *na cailleachaí ~*, the charm-workers.
- pit**, f. Vagina. (As swear-word) '*Céard e héin?*' a *deir sí*, '*céard e héin?*' '*Pit!*' a *deir Máirtín*. S.
- piteog**, f. 1. Man who does woman's chores, a man living alone. 2. Gossip, nosy person. 3. Bletherskate, SM.
- pitseáil**, f. (As VN) 1. Attempt to catch, M. 2. Contemplate, watch out for opportunity. ~ *ar a ghoil amach ar an tórrthamh*, ~ *ar an tsochraíde*, *Tá me ~ ar an rú a dhíonamh*, ~ *ar an lá an mbeadh an lá go breá*. 3. Hope for. *Ag ~ ortsa go mbaintheá cupla fata* S. (Seán claims these uses derive from English "I was pitchin' on that"; there are no exact equivalents in OED or EDD).
- piusar**, m. **p'isər**, plural **p'isərs**. Paltry, emaciated person or animal. (Diminutive) **p'isər'i:n'** M *piusairín*.
- piusarnacht**, f. Quiet, inaudible, unintelligible talk. **p'isərnəxt xə:n't ə M** ~ *chainte*.
- piusarnaíl**, f. **p'isərní:l'** : PIUSARNACHT M.
- plá**, f. Plague. (In maledictions) *Ó an phlá orthub!* M. **o: u:fə flə: e:r' ə dorəs 'æ:d** M *ó uise an phlá ar an doras a'd!* An *phlá bhreac air marab fhuil se ' tócht Dé Sathrainn* M. **əm flə: vr' æ:k ort is ə flə: v'ialəx** P *an phlá bhreac ort, is an phlá mhíolach*. **əm flə: jærə:g ort he:n'** P *an phlá dhearg ort héin!* An *phlá bhreac agus an phlá libíneach air!* P. An *phlá phlibíneach ort!* Mq (or *fli-*). An *phlá phluibíneach ort!* Sq (or *flu-*). An *phlá phleibíneach*, scour, diarrhoea (FFG s.v. *pleibíneach*).
- plabáil**, **plə:bəl'**. VN. 1. Wallowing (in mud or water), M. 2. Dribbling (of speech), M (= FFG20).
- plábáil**, VN. (Also PLABÁIL) Wallowing (in mud). '*G imeacht ag ~* S.
- plabar**, m. 1. Large soft (round) object or creature. *Sheas mé i b~ dhe chac, ~ dhe dhuine*. 2. Mess. *Rinne mé ~ dhó* M, I made a mess of it, (also) I knocked him flat.
- plábar**, m. Soft, wet object. *Bhí an cosán ina ph~*, *Tá an lá ina ph~* S.
- plábaráil**, v. Be(come) wet and messy. *Lá plábaráilte fliuch* S.
- plabhstar**, m. Large awkward thing, fool. *Go 'nuas anseo a phlabhstair!* 45P. *A leithide dhe ph~* 45P. *Col ceathar leis an gclabhstar é an plabhstar chái'ead se* S.
- plabstáil**, f. (As VN) Jabbering. *Bhí Janaí Chóil Mhaidhc ag ~ leis* S.
- pláibeáil**, f. (As VN) **plə:b'ə:l'**. Messing about, talking nonsense M. Cf. PLÁBÁIL.
- pláibistéara**, m. Nonsensical talker, insincere person, especially person who falsely promises to do favours, SM.
- pláibistéarach**, f. **plə:b'ə:l't' e:rəxt** M. Nonsense. ~ *chainte* S.
- pláist(ea)ráil**, v. Plaster SM. (Transferred meaning) *Ná bí ag ~ na hiomaire!* S (excessively smoothe, level off).
- plait**, f. Vagina. **f'ɛ:æ:x sə blə:t'** (in rhyme) *P isteach sa b~*.
- plánáilte**, a. Plain, certain. (a) *Chuille fhocal chomh ~*. *Bréag ph~* S. (b) (Adverbially) ~ *e sin* 18J. **gə ~ k'i:n't ə N'i:l' fe ax ə rə: nə f'i:r'ə'n' ə** 18J *go ~ cinnite níl sé ach ag rá na fírinne*.
- plandáil**, v. (Fig) Plant, place, leave. *Is ann a plándáladh suas é ar an leic*. 18J (of a seal at sea). *Phlandáil sé isteach ina bholg é*. 18J, he put ...
- plapáil**, f. VN. Gobble up, eat voraciously. **gə: flə:pə:l'** M *dhá ph~*.
- plaspairt**, f. Incoherent, nonsensical talk, scolding. ~ *chainte* S. *Duine trasnach bheadh ag ~ mar sin, b'fhéidir* S.
- plé**, m. Work. **Ag plé le**, (a) work at. *Ag ~ le féar, múin, farraige*. (b) Deal with, affect. *Ceainsar tá ag ~ leis déarthainn* P, ... he has cancer. (c) Be associated with, connected with. *Ní hé amháin i ndaoiní óga, ach daoiní bhí sean go maith sa saol, bhíodh go leor ámhailí agus anmhailí, ag ~ leothub*. 11C.
- pleabhta**, m. 1. Bite. *Bhain an gadhar ~*

- amach as mo cheathrú* M. **2.** Piece. *Bhí ~í móra feola ar an mbord ann, ~ dhe cháca, ~ dhe bhreac* SM. ... *rúinne dhe chloch fháil, agus, bheidís ag baint, pleabhaitín dhen chloch* **894Cs**.
- pleain**, f. Stratagem, trick. *Ag oibriú ~ orthub* P. *An bhfuil fhios a'd cén ph~ a chuir mise ar an gcárta, a Núra?* M, ... the trick I employed to send the card. *Gheithe tú iad má chuireann tú do ph~ ceart orthub* **36S**. -*Tá an gruiféad thar cionn leihí iad a bhaint.* **35E** -*Ó! tá! Tá! Ó! níl aon ph~ orthub ach an gruiféad.* **31P**.
- pleainc**, m, f. Plank. In phrase *bó agus ~* (equivalent to) *bó agus lao*, ARN6202-4, a cow with her calf.
- pleaineáil**, f. Trickery. *Thosa' se ag caoineadh le teann pleaineála* P.
- pléasc**, v. **1.** Shoot (gun). *Ph~ se leis* S. *Ph~ se orchar leis* S. **2.** Fire, throw. *Bhíodar ag ~adh clocha le chéile* S. **3.** Burst. *Ph~ se amach an doras, ph~ se soir an bóthar* S.
- pleatar**, m. Flat object. **pl'ætər gə xɑ:kə** M ~ *dhe cháca. ~ er' ə ŋr'ed'əl ~ ar an ngreideall*.
- pleib**, f. **1.** Large awkward thing. ~ *dhe cháca* M. **2.** **ta je r jer'ə nə pl'eb'ə** (also) **ə n'er'ə nə pl'eb'ə** S *tá sé ar dheireadh na ~e* (also) *i ndeireadh na ~e, ... on his last legs. Meas tú an bhfuil P. i ndeireadh na ~e?* S.
- pleibeáil**, f. (VN) Talk nonsense. ~ *chainte* S. *Sin é an t-am a bheas an 'bullshit' ag M. ... tiúrfa sé sin neart am di le bheith ~ leis an Georman mór* Mlt.
- pleibéarach**, f. (AS PLEIBEÁIL) *Ná bí ag ~ chainte* S.
- pleibínteacht**, f. Indistinct, nonsensical talk. ~ *chainte* S.
- pleidhceálacht**, f. Play-acting. (Heard in) **gə wɑ:r də xid' pl'aik'ɑ:ləxt 66N** (-xtə ?) *dhe bharr do chuid ~.* (For common *pleidhciócht*.)
- Pléimeann**, n. (Pléimeannach). Fleming (in narrative run) *carnán dá gcosa, carnán dá gceanna, agus caisleán Phléimeann dhen chuid eile dhíobh* LL100 (note: changed in text by editor to *caisleán Pléimeannach*).
- pléisc**, f. Large thing (perhaps). (Heard in) *Is deabhla an ph~ í* S.
- pléiseán**, m. (Cp. *pléiseam* 'foolery, fool'; FLÉ Seáin) (In) '*S roinn mise héin leóthub clog a' phléiseáin!*' **894C6.729**.
- pléite céic**, m. Potato cake, praty cake. **pl'eitə k'e:k's, g' ihə fl'e:tə k'e:k's P** ~ ~s, *ag ithe ph~ ~s*.
- pleoit**, pl'oit. f. Fool. **du:n' də v'e:l ə fl'oit** M *dúin do bhéal a ph~.* *Céard tá ort a ph~?* S.
- pleotáil**, f. Foolishness. **gə wɑ:r də xid' pl'otɑ:lə P** *dhe bharr do chuid pleotála*.
- pleotar**, m. Fool. **nə pl'otərs M** na ~s.
- plinc pleainc**, (As noun or by-name) **n'i:l' pl'ing' pl'æ:ŋk' nə kolə fə:s 23B** *níl ~ ~ ina codladh fós*.
- plíomaire**, (plíoma), m. Huge person or thing. ~ *dh'fhear, ~ dhe bhean, ~ dhe bhád* SM.
- plioncadh**, m. Thrashing. **v'i: je nə fl'ujkə hi:n'i: 12J** *bhí sé ina ph~ thintí*.
- plíp**, (Interj) Click, peep. ~! **03C** (imitating click of tape-recorder). ~! M (feeding child).
- pló**, f. Crowd, mass. *Bhí ~ daoine ann, Bhí ~ mhór daoine ann, ~ éanachaí, ~ gaoithe* S.
- plubar**, m. Large (fat) thing. *Séard thú héin ~, ~ dhe bhean, Caith síos ~ dhe cháca* M.
- plubarnaíl**, f. Indistinct, disagreeable talk. ~ *chainte* SM.
- plubstáil**, f. Nonsensical talk, M. Also PLABSTÁIL.
- plucachán**, m. Large-cheeked child or person. ~ *dhe pháiste* M.
- plucaidí**, m. (Pl *plucaidíos*) Large-cheeked person, Mq (speaker uncertain of meaning).
- plúch**, v. Conceal. *Casadh leoraí dhuit is ph~ se Páraic Cóilín Mhaitiais ansin ort* M. Keep secret. **v'i: fjad əg' iəɾə xul'ə ho:rt ə flu:xə, v'i: fjad əg' iəɾə maik'əl' ə flu:xə** M *bhí siad ag iarraidh chuile shórt a phlúchadh, bhí siad ag iarraidh Maidhcil a phlúchadh, ... keep Michael's presence a secret*.
- plucsáil, pluksa:l'** f. (As VN) Nonsensical talk, M. Also PLUBSTÁIL.
- pluibínteacht**, f. Blubbery (= FFG). *Ag ~ chainte* S.
- pluid**, f. Blanket. (a) *Deich slata ~ dhúbailte* S. (b) *Tá se in ám ~e* S, time for bed. *Tá Máire Mhicil goíte un ~e* S. (c) *A' goil un pluide* M (of matrimonial bed), to marry.
- plúirín**, n. (In phrase) **xə gəɾəm ɽe plu:r'i:n' /ɽif ə blu:r'i:n'** M *chomh gorm le ~ leis an b~*.
- plump**, f. **1.** Hollow, metallic sound. ~ a

deir a' vuing nuair a chuir me mo thúin léithi S (wing of car from his weight). **2.** Thunderclap. ~*annaí toirní* P. **3.** Lightning flash. *Ní mórán dhe ph-- a rinne se* S.

plundaráil, f. VN. **1.** Steal. Pinch. ~ *rudáí ar mháithe leat héin*. **2.** (Unclear meaning) 'work away, mutter away'. *Cén sórt ~ é sin ort? Ná bí ag ~ mar sin. Bí ag ~ leat.*

plupadh, (In phrase) *Tá se gan ~ gan plupadh* S, ... tired out, old.

plúr, m. **1.** Flour. **2.** (Extended meaning), bread. 'Dheabhail caithidh me tileadh ~ a ghearradh M.

plúrachán, m. Fragments. ~ *a dhíonamh dhe rud* S, break into fragments.

pobal, m. **1.** Community. *d'æsu: t'i:həwi: m fobəɫ* S *deasú títheabhaí an phobail*, ... of the area. *Muintir an phobail a bhí ann* S (no strangers). *ta n purə:ɫ'ə n'is mū: nə: n pəbəl* M *tá an paráiste níos mó ná an pobal*. **2.** (Perhaps 'parish' or 'pastoral care' in) *Sagart a raibh ~ aige i mBeilfeais*t.

poc, m. Clawless lobster, **31Dt**.

póca, m. Pocket. *ta fjad ə gəɫ fʲis ən də fə:kə s ə g'æ:rə də win'i:l* S *tá siad ag goil síos in do phóca is ag gearradh do mhúiníl*, while treating you very civilly, they are preparing to cut your throat (of treacherous people).

pocadh, m. **1.** Act of butting. *Bhí na beithí ag ~ a chéile* M. **2.** Beating. *Thastódh ~ maith uait* S.

pocaide, m. Billy-goat. (Note the unusual mistake in) *pəkəd'ə ta er' ə ɲaur bin'ən* P ~ *ar an ngabhar baineann* (ØSM).

pocán, m. **1.** Buoy. ~ *potáí*. **2.** Plump (round) creature. ~ *beag*. **3.** Large fat creature. ~ *dhe dhuine*. **4.** Large strong creature. *Is breá an ~ dhe bheithíoch e* S.

pointe, m. **1.** Point of need. *Go dtíochthadh ~ ort go dtastódh tada uait* S. *Má thagann ~ ann go dtastáionn tada uait* S. *Gan é eiteach gá mbeadh ~ air* S. *Nuair a bhí ~ orm tháinic se go dtí me* M. **2.** Moment. *An ~ seo anis ní gho'ainn* [i.e. *ghothainn*] *amach* S. *Ar phointí an dó dhéag go díreach* P, at twelve o'clock precisely. *Tá siad ar na ~í anis* M, just about to. **3.** Favour. *rin'ə fe ~ (mā): yum* M *rinne sé ~ maith dhom*. (Of obliging, trustworthy person) *ta ~ ma'h ə:n, ta 'a:m'fi:n't'ə sə*

din'ə jin' M tá ~ maith ann, tá an-ph-- sa duine sin.

pointiúil, a. **1.** Tidy, tasty, S. **2.** Obliging. *f'æ:r pi:n't'u:l' f'æ:r v'ex gə mā: ji:n'hət fe tʲurɲəxi: dít'* S *fear ~, fear a bheadh go maith, dhéantheadh sé teornachaí duit*.

pointiúlacht, f. Tidiness. *Cén sórt ~ an deabhail atá a'd leis?* S.

póirse, m. Nook, corner. *ta n or'əd pə:ɟi: ə:n* M *tá an oiread ~í ann* (in haunted house).

póirteáil, *pə:ɾ'tə:l'*. f. (As VN) ~ *a chodladh*, going to bed. *Be'* [= *beidh*] *muid ag ~ a chodladh, Bí ag ~ a chodladh* M.

poll, m. Hole. **1.(a)** *Ghothaidís i b~ an bhalla / talúna / na heochrach le faitíos roimhe* S. **(b)** ~ *dearg do thúnach* S. *k'ik' ma' suəs ə baul d'æ:ræg ə hu:nə* M *cic maith suas i bpoll dearg a thóna*. **(c)** (Nautical) ~ *scaoilte / scaoileadh* !(ÓBia)-P, water outlet (in part of boat). *ta pol ski:l't'ə ti: hiər er də hən'* !Pt *tá ~ scaoilte taobh thiar ar do thóin*. **2.** Hollow. *Tá an ~ sin thiar le gearradh fós* M (in garden). *An ~ sin thiar i nGarraí Bhile* S. **3.** *Poll báite*, dangerous hole where one could drown, dangerous depth. *Tiúrthaidh mé an ~ báite dhó sin* S, I will throw that away. ~ *báite air!* S. ~ *báite múchta ort!* S. **4.** *Poll an réinj*, front opening in range where fire is visible. *N'í hi:hət fe a:t' ə b'í ax eg' paul ə re:n'ɟ* S *ní shuíodh sé áit ar bith ach ag ~ an réinj*. **5.** *Poll dé paul de:*, early morning (= FFG20).

polladh péisteach, (Noun and adjective, = FFG 20, 24). Holes on surface of potatoes.

polláire, m. Nostril. ~ *dúbailte*, both nostrils. *Bhí sé ag séideadh thrí leath-pholláire*. ... -... *nach gcuirtheá an ~ dúbailte ag obair?* -Ó, *gá gcuirinnse an ~ dúbailte ag obair, a deir sé, leagthainn na cruic le fána* **11Ctn**.

posta¹, m. **1.** Post, mail. *v'i:n' ə fa:l' l'aurhə er' ə bostə 60M bhínn ag fáil leabhartha ar an b~, ... by post*. **2.** Post-box (box belonging to the post-office for letter collection). *Bhí ~ beag ann, ~ beag sa mballa ann*. Cp. *An Posta* place-name in Maínis where there was once a pillar box or post-box.

posta², m. (In) *thiúrfainn an posta gur tú atá ann* **894C4**, I would bet anything that it is you.

- pota**, m. **1.** Pot. **2.** Subjection, disadvantage. *v'i: m potə buəlf ə sə muləx orhəb jin' e d'er'əd'i:f fədo: ə sp'i:ʃa:l' bhí ~ buailte sa mullach orthub sin, sin é a deiridís fadó ag spúseáil* (of people under subjection). *nax iəd əs ar ə b'ix' əgəs ə m'e:d' gən fotə xir'ədər ji:b ə xur ji:b* S *nach iad is fhearr ar bith agus an méid dhen phota a chur dhíob a chuireadar dhíob, ... given how many disadvantages they have overcome.*
- potach**, m. (Young) plump creature. ~ín S.
- potrachán**, m. (Young) plump creature. ~ *dhe dhuine, ~ dhe lao* M.
- potún**, m. **putun**. **1.** Space for egg in goose, M. *Tá an-ph-~ díonta aici is gearr go mbeidh sí ag breith* M. Stomach. *Breathaigh an ~ tá air* S. **2.** Belly full. *Tá ~ maith iite aige* S.
- prácáil**, f. (As VN) Mess about. *Pramsáil sin ~ M.*
- prácamáil**, f. (As VN) Work untidily, work vigorously, M.
- prácamálaí**, m. Untidy, vigorous worker. *prəkəmali: mɔ:r e M ~ mór é.*
- prae**, f. Worth, value. **(a)** *Níl mórán ~ sa lá inniú* S. *Cén phrae atá ann?* what use is it? *Is mór an phrae é.* **(b)** (Often of health) *-Cén chaoi bhfuil sé? -Níl mórán ~ tá ann* S. *əs dunə n fre: m'e 10B is dona an ph-~ mé, I'm not strong and healthy. Ní raibh mórán ~ leis, he was not very good, well.*
- praetseáil**, **pre:ʃa:l'** f. (As VN) Be prolix, speak nonsense. *Cén sórt ~ é sin ort! Ná bí ag ~ chainte mar sin!*
- praeúil**, a. Good. *Tá se roinnt ~, tá sé ~ go maith* S.
- práinn**, f. Fondness, pride. *Níl mórán ~ a'm ann.*
- práinneach**, a. Delightful, self-important. (Explained in) *Duine deas é an duine ~ nú duine suimiúil e, barúlach* S (also) *spóirtíúil, postúil, cor ina thúin.*
- práinniúil**, a. Proud, happy, fond of. *Bhí se an-ph-~ as* S.
- práisc**, f. (Large) soft flattened object. ~ *dhe chac, ~ dhe pheaincéc* SM. Dirty, messy object. ~ *dhe dhuine* S.
- práisceáil**, v. Excrete moist droppings. *Cuir amach na cearca is ná bídís ag ~ ansin* S.
- práiseachán**, m. Shambles, mess, S.
- prásán** m. Soft fat object. *Níl ann ach ~ dhe dhuine* S.
- préachán** m. Crow. (The usual word is *caróg*.) *Tá se ar liosta an phriacháin* P, he will die soon. *Tá M. ar liosta an phriacháin tá sí lá feireann is lá boineann* S.
- príbhleideach**, a. Private, M, **45B.**
- priceáil**, f. (As VN) Fiddling, messing, S. (Also *pricínteacht*.)
- pricín**, m. ~ *sa bhfeamainn* (nickname given by an old woman to boy whose mother was working with seaweed when she went into labour) S.
- princeam** (FGB), **prioncam**, m. Caper. *Ag prioncam ar an urlár* S.
- prioca**, f. Rude, unruly woman or man. *ə fr'ukə vrə'dəx, ən' fr'ukə jin' M a ph-~ bhradach, an ph-~ sin. kumə nə pr'uk ort* Mperm *cuma na ~ ort.* Cp. *príoc* FFG20.
- príocadh**, m. **1.** Picking at. ~ *beag a bhaint as cáca le do mhéir.* **2.** Beating. *Thastódh ~ maith ón mbuachaill sin.* **3.** Small bit. ~ *beag, pricín. Deabhal a ph-~ ort!* S, there is nothing wrong with you, you are fine.
- príompallán**, m. (Kind of by-name) *Céard tá tú scríobh anís, a ph-~?* S.
- príoncadh**, m. Beating. *Thastódh ~ maith uaitsa* S.
- príoncáil**, f. (As VN) Messing. *Ní bhead's a'm le ghoil isteach sa ngarraí ag ~ ann* S.
- príonda**, m. Pat of butter with stamp or print. *Meall ime agus an prionta ann é an 'príonda' ime* M.
- príondóir**, m. Printer, S.
- príonsa**, m. Prince. ~ *fir* S, honest decent man.
- tírthiúil**, a. **t'ir'hu:l'** 23B. Pleasant, unpretentious.
- tísceanacht**, (tuiscint) f. Discernment. **n' æ:kə m'e l'ehəf'(ə ?) l'e gri:uləxt əs l'e t'ijfk'ənəxt** S *ní fhaca mé a leithid(e) le gnaoiúlacht is le ~.*
- tít**, (tuit) v. Fall. 1. **ta fe jin' er' o: hit'əs i:hə** M *tá sé sin air ó thiteas oíche, (of*

television) ... from nightfall. **2.** *v'ix mid' f'it'i: eg'ə* M *bhíodh muid ~úthe aige*, 'he used to have us in stitches' (from laughter). **3.** (Impression of transitive force in) *Tá an plúr tití ar an urlár acub* S.

tit ag, tit ar, Contract, get. *Tá gúta tití aige* S, cf. CLÉITHÍN. *Titeann maotháin ar bhó* M, a cow can contract the disease of the eye (known as *maothán*).

tit amach, tit isteach, Happen. *Go réir mar thitthe sé isteach ná amach* S, depending how it goes.

tiú, (< two). n. *ʃu:*. (In phrase) ~ *ná van*, 'two ná one', nothing. *Ní jin'ə: ʃu: nə: wə:n' d'i P ní dhéanthá ~ ná van di*.

tiúitl, Cf. TEOTIL.

tóchar, m. **1.** Path built through boggy wet land. (Explained in) *Áit a mbeadh puíteach ann is dhá gcaitheá clocha ann badh in é an ~ tá mé ag cheapadh, Bhí ~ cloch díonta ann*. S. **2.** Culvert. *Mara dtiúirthá ~ ar an ngluit*. **3.** Track. *Déarthainn gur lorg froisin é 'chuaigh ~ eicint isteach anseo'*. **4.** Burrow. *Bhíodh ~ ag mádraí uisce is rudaí mar sin, Tá ~ díonta isteach ansin ag an gcoinín, Níl fhios a'msa nach ~ atá ar an áit a mbíonn an sionnach ann* S. **5.** *Caite faoi thóchar*, thrown in disarray (and hidden). *Chaith'd se gur caite faoi th~ bhí sé sin* S (of jacket thrown in among jumble of old clothes in a cupboard).

tochas, m. Scratching. *Ní thiúirthad sé ~ a dhrama dh'aon-nduine*, he is niggardly, mean.

tocht, n. ~ *uisce*, the need to urinate, frequency of urine. *Bhuail ~ uisce é, Tháinic ~ uisce orm* S.

togha, n. The best, choice. (a) ~ *an domhain*, very good, the best in the world. *D'éireod sé dho th~ an domhain*, it would happen to the best of us. (b) *Deabhal blas sa lá inniubh ach ~ drochlae, ~ drochlae* (heard from an old male speaker, 1985). (c) *An togha* (used predicatively). *Bhí sí an ~ 19B. Tá siad an ~ 19B.*

toibeann, (tobann), a. **1.** Sudden. **2.** Quick. *Ní: əsəx ən əʃ ʃin' xə tob'ən ʃe mi:n'əʃ 14M ní fhásthadh an áit sin chomh ~ le Maínis* (in Spring). **3.** Short, irregular. *Bhuel, sé an chaoi bhfuil sé sin héin, dho léar, mar a bheithé ag tascach leothub. Gá mbeithé amuich seasta nú,*

rud dhen tsórt sin; deir siad gur fearr an pota Francach seo leihí — leihí iascach th~ a dhíonamh leis. Ach tá mé héin ag cheapadh gur fearr an pota slat leihí, cur fada. 31P.

tóig, (tóg), v. Raise up. **1.** (With *móin*), take turf from horizontal, foot turf (without necessarily specifying what type of footing). *Ag tóigeál mhúna, tá an mhúin tóigthí a'inn*, footing turf, we have footed the turf; (contrast FFG s.v. *tóigeann* 2.). **2.** *Tóigthí dhen bhóthar* M (of very fast vehicle). **3.** Repair. *ər hɔ:g' tu n dre:n' S ar thóig tú an draein?* did you clean, repair the drain? **4.** Take (out). (a) *N'i:l' ʃo:ni: to:g' ə'l' ə xlog'ən ə:s S níl T. ag tóigeáil a chloigeann as, ... never stops* (drinking). (b) *ta ŋ kə:kə to:k'i: am M tá an cáca ~thí a'm, ... out of oven. to:k'ə m'if i: 43M I'll take it (the meat) out (of the oven).* **5.** Lift, collect. *An-tóigeáil gliomaigh* S, a great lobster catch. **6.** Raise. *Nuair a bhí mise dho mo thóigeáil* S. *Tá siad i ndan iad héin a thóigeáil san áit a gcaillfí beithí eile* M. **7.** Take away. *A chuirtheadh draíocht agus a thóigtheadh draíocht 11Ct. Níl sí ach dho léar mar tóigfear í* M, she is close to death. **8.** Take down, record. *b'in' ʃe to:g' ə'l' ən əmfər' M bíonn sé ag ~eál an aimsir, ... records weather* (rainfall, etc., at weather station). **9.** Take (education). *k'e:r ta tu hɔ:g' ə'l' 21C céard tá tú a thóigeáil?* what (subjects) are you taking (at college)? **10.** Make. *g' iərə ə:n'əm' hɔ:g' ə'l' dɔ:b' he:n' 08B ag iarraidh ainm a thóigeáil dóib héin, ... make a name for themselves.* **11.** Treat (medical condition). *Deabhal maothán a bith gá thóigeáil anis acub* S. *v'i f'ær ə nən ʃl'in' ə:n ə hɔ:g' ə'l' 20Mlt bhí fear i ndan slinneán a thóigeáil. Cléithín a thóigeáil.* **12.** *Tóig gearr*, give short-answer or insulting reply. *Thóig se gearr me* S. *Thóigeadar gearr e* S. *Tóig dhe láimh*, take control of. *'Ná bain m'áitiú dhíom [...] mar má bhaineann tú dhíomsa é,' a deir sé, 'tóigfe Sasana go láimh é 7 ní fhágfa siad a'tsa é.' 869Póc210-1.*

tóigthí(the), (tógtha), a. ~ *le*, attracted to. *Bhí sí tóigthí suas leis* M, very much attracted to him, M.

toil, f. Will. *hug tu: til' gə ʃ'i:n'ə'n' S thug tú ~ dho t'intinn*, you were your own councillor.

toilíocht, f. Will. (In) ~ *íntinn(e)*, one's own will, as one pleases. (Explained in) **din'ə wíl tíl'íəxt i:n't'ə'n' eg'ə fe v'æ:ləx he:n' ə tɑ: eg'ə** S *duine a bhfuil ~ a íntinn aige sé a bhealach héin atá aige*.

toiliúna, n. Will. (In) **l'ənə híl'u:nə he:n'** M *lena th-- héin*, one's own free will. **dɑ:gə fe l'ənə híl'u:nə he:n' e M d'fhága sé lena thoiliúna héin é.**

tóin, f. Backside. **1. suəs sə tu:n' wɔ:r wɪ:** M *suas sa ~ mhór bhuí*. Go dtuga an deabhal siar as do thúin e! M. **gɑ gír'hɑ: fʃi:hæ'r də hu:n'** e M *dhá gcuirtheá síos thair do ~ é* (of flatulence, i.e. to break wind). *Bean ramhar a mbeadh trí th-- ortha* S. *Tá siad ag díonamh ~ gá mbéal* S (by engaging in vulgar or impolite talk). *Chrochadar a d-- is amach leob* S (cattle). *Bhí se sin lighé soir thar an glaí agus a th-- leis siar* M. *Chuaigh mé soir agus mo th-- le claí a'm tigh Mháirín* M, ... I leant with my backside to the wall (waiting for a lift). **tɑ hu:n buə'l' er' ə tɑ:l'hə M tá a th-- buailte ar an talamh** (of very short animal or person, short-arsed, cf. 17 below). **2. Tá se álráidht ghoil isteach i mo mhúintirsa ach níl aon mhaith dhuit ag goil isteach i muintir Ní; fada ó mo th-- gearradh iad** S (distant relatives). **3.** (In insults, etc.) *-An ndearna sib mórán? -Fiathraigh dhe mo th-- sin* S. *Póg mo th--* M. *Ligh mo th--* M. *Tochais mo th--* M. **-go suəs mə hu:n'** S *Gabh suas (i) mo th--*. **... 'drɔ:xrəh er' də hu:n' vɾokəx tɑ xul'ə ɣin'ə kurh i:n't'ə, n'i: hi:l'hə xul'ə ɣin'ə, l'e wíl i:n't'ə** M *Drochrath ar do th-- bhrocach tá chuile dhuine curtha inti, ní thillthidh chuile dhuine le a bhfuil inti!* **4. Tóin ná ceann**, head nor tail. **n'i:l' tu:n' nɑ: k'ɑ:n orə'n' eg' ə d'əul' fʃin'** M *níl ~ ná ceann orainn ag an deabhal sin*, 'he has us in a terrible state'. **5. Tóin ó**, go crazy, wild. *Péire bulbannaí ansin ag cuir a dtúnach uathub* S, ... light-bulbs continuously burning. **6.(a) Tóin amuigh**, upset, take offence, be(come) angered. **nor' nax ro v'i: hu:n' ə'mu** M *nuair nach raibh bhí a th-- amuigh*. **ma hain' fe e:n i:hə wɑ:n' tɑ hu:n' ə'mu** M *mé théann sé aon oíche amháin tá a th-- amuigh*. **(b)** (Similarly) **tóin in airde, goil' gə də hu:n' ə nɑ:r'd'ə gən ə v'e kori:** **koj** S *ag gabháil dhe do th-- in airde gan*

a bheith ag corraí cois. **(c)** (Similarly) **tóin ar bior**, in anger. *Chuir sé a th-- ar bior* S. **(d)** (Similarly) **tóin ar an ngealach**, **(i)** be enraged, deranged, take offence. *Chuir sí seo a ~ ar an ngealach* S. *Nuair a fuair tú na brógaí nua chuir tú do th-- ar an ngealach is ní chaitheadá iad* S. **gɑ gír'hɑ: də hu:n' er' ə ŋ'æ:ləx fe:ŋ kɑ:s k'e:nə ɣit' e** S *dhá gcuirtheá do th-- ar an ngealach sé an cás céanna dhuit é*. **f'e:t tu: də hu:n' ə xir' er' ə ŋ'æ:ləx mə hogrɪ:n tu' e** S *féadthaidh tú do thóin a chuir ar an ngealach má thograíonn tú é*. **(ii)** Do one's utmost. **gɑ gír'ə'n' mə hu:n' er' ə ŋ'æ:ləx s n'i: e:tə'n' ə ɣol' ɑ:n** M *dhá gcuirim mo th-- ar an ngealach is ní fhéadthainn a ghoil ann*. **7. Faoi thóin** (in transport contexts). *Ag imeacht is carr faoina d-- acub*. **8. Faoi thóin cléibh, an phota**, etc., no matter where. **s gɑ wɒt fe br'æk/kɑ:kə /rud ə b'i fi' hu:n' kl'e:v' x'urhət fe ɣut' e** M, Mq *is dhá bhfaigheadh sé breac / cáca / rud ar bith faoi th-- cléibh thiúrthadh sé dhuit é*. (Similarly) **... fi' hu:n' ə fotə ... (nu n' ɑ:t' ə b'ə)** Mq *faoi th-- an phota ... nó in áit ar bith*. **9. I ndiaidh túna(ch)**, behind (one's arse). *Tá an chloch fágthaí i ndiaidh a dtúnach a'inn* S. *-Cá bhfuil an chloch eile ansin?* S, *-Fágthaí i ndiaidh do thúnach a'd in áit eicint* M. *Áit a bi' a ngotha' sé sin nach gcaithidh Seán a bheí' i ndiaidh a thúnach aige* M. **10. I dtóin (i)** (Idiom) *Chuirthead sé Gaeilge i d-- muice* M, he has fluent Irish. *Chuir dís Béarla i d-- muice* M. **(ii)** After (with *béic*, etc.). *Chuir sé béic ina th--* S, shouted (loudly) after him. **11. Mo thóin!**, my arse! (in disbelief). **du:r't' mɑ:r'i:n' gə rə n'orvs er' ax, n'orvs mə hu:nəx, n'orvs mai ai** M *dúirt M go raibh neorvs air ach neorvs mo thónach, nerves my eye!* **12. As tóin ...** . *D'ólthad sé aníos as ~ gadhair e* S (very fond of beverage). **do:l'hət fe n'is æs tu:n nə krɑ:nəx e** M *d'ólthadh sé aníos as ~ na cránach é*. **13. Le tóin**, close on his / her heels (can be insulting). *Tháinig siad anoir is bhí sí anoir lena d--* M. **14. Ó thóin na bó**, new-born calf. *Trí chéad ó th-- na bó* M (price of calf), cf. BOLG 1, SOP 1.(a). **15.** Most remote part (deprecatory). **nax d'æ:s ən ɑ:t' l'e mæ:r'əxtɑ:l' e fʃi dʊn' wi:nʃə** S *nach*

deas an áit le maireachtáil é istigh i d-Mhaíne. Thiar i d-Charna, gá mbeit se thoir sa Spidéal nú in áit eicínt M. 16. Éirí as tóin duine, defend, champion smne. e:ft̪ ə'n'ij f'ej s nɑ: b'i: g' air'i: æs ə hu:n' S éist anois leis ná bígí ag éirí as a th-. 17. Tóin-le-talthamh, short(-legged) animal or person. Ní ~-le-talthamh é S (of a fine bovine animal). Níl ann ach ~-le-talthamh S (of short man, short-arsed). 18. Tóin-leis. ə hu:n' f'ej 50N a th--leis! (vocative to bare-bottomed child), cf. DUBH.

toirmeascúil, a. Obstructive, scurrilous. *Duine ~ thusa S.*

toirneach, f. Thunder. (In malediction) (*An*) ~ *air!* S. *Ní mharódh an ~ sib* (meaning not noted, perhaps 'you are indefatigable'). *Stos 'na d- 69S*, (cycling) down with great speed.

toirnis, **taurn'əf**. n. 1. (Indistinct) noise. *Cén ~ tá thiar ansin?* 2. Making noise. *Ag ~. 3. Tinker noisily. Ní maith liom a bheir' ag ~ leis S.* (Spelt *taurn(a)is* in original note, perhaps misheard for *toirnéis* (e.g. FFG20).)

toirpéis, f. Pot-bellied person. **teɾp'e:ʃ** (**gə ɣin'ə**), ~ **wɔ:r** Mq ~ (*dhe dhuine*), ~ *mhór*.

toirpéiseach, **teɾp'e:ʃəx** a. Pot-bellied, Mq.

toirt, f. (In phrase) ~ *fia ná fionnóige*, (with *feic*) the least thing. *Ní fheiceann tú ~ fia ná fionnóige?* S, You don't see any (sign) of them? (of cattle on land).

tóirt, (tuairt), f. Abuse, calumny. ~ *chainte, sin oidhe na ndaoine S.* Cp. TUAIRT.

toirteach, a. Bulky, M. **ta m ma:lə ʃin' toɾt'əx 43M** *tá an mála sin ~.*

tois, v. (tomhais). 1. Measure. ~ *suas leat héin e P*, measure it against yourself (clothes). 2. (Fig) **ta n a:t' ʃin' teɟt'ə gə mah am S** *tá an áit sin ~te go maith a'm*, I have walked / been there often. 3. Shake (fist, stick, etc.) in threatening fashion. **v'i: ʃe teɟ ə ɣaurnə l'um, v'i:d ʃe teɟ daurn'i: f'ej, v'i: ʃe teɟ ə wa:d'ə l'um SM** *bhí sé ag ~ a dhorna liom, bhíodh sé ag ~ doirní leis, bhí sé ag ~ a mhaide liom*, he was threatening me with his stick (raised in the air). 4. Use on. **teɟə m'ifə er' də wuləx/hu:n' ə ma:d'ə ʃə SM** *~thidh mise ar do mhullach / thóin an maide seo*, I'll strike you

toiste, a. 1. Intoxicated. **ta' n er'əd o:lɪt eg'ə ta' ʃe teɟt'ə gə mā: M** *tá an oiread ólta aige, tá sé ~ go maith*. 2. Wasted. **ta ʃe teɟt'ə 43M** *tá sé ~ (of drink)*. 3. Thin, worn. **ta' ʃe sa:x teɟt'ə M** *tá sé sách ~.*

tolg, v. 1. Contract (disease), develop. 2. Feel nauseated, vomit. **ta tu toləgə SM** *tá tú ag tolgadh*.

tolgadh, m. Storm (or similar nautical meaning, in phrase with *truisle*). *Níor éirigh truisle ná tolgadh triɟl'ə n̪ā toləgə dh'an [i.e. aon] bhád gá ndearna sé ariamh 872P* [sic **tolgə**]. Cp. *tolg(án) LFRM*.

tolleádróm, a. (Hollow and) light. **ta: ʃe: 'taul'e:drəm S** *tá sé ~ (or perhaps 'taul'e:drəm)*.

tollta, a. Piercing. **la: taultə fuər ə v'i: a:n S** *lá ~ fuar a bhí ann* (also *tolltach S*).

tomáin, v. (tiomáin). Drive. Ride, (with bicycle). **gən hu: na:n ə ba:sək'il' ə hu:mə:nɪ' P** *gan thú i ndan an baidhsaicil a thomáint*.

tomáint, VN and f. (tiomáint). Driving. **gol' ən tumə:nə M** *goil un tomána*, go driving (car), go off.

tónacáil, f. (As VN) Potter about. *Ag ~ thart, Tá mé ag ~ liom, Tá mé ag ~ ó mhaidin 43M*.

tónáiste, f. Scolding, beating. **t'ur:hə m'e tu:nə:ʃt'ə wa: ɣit' ma haim' gə d'i: hu:, tu:nə:ʃt'ə wa: wuəl'ə ɣo: M** *tiúrthaidh mé ~ mhaith dhuít má théim go dtí thú, ~ mhaith bhualte*.

tónacán, m. (Squat) clumsy person. **tu:nəkə:n m'i:stua:mə S** ~ *místuama*.

tonn, f. 1. Wave (in sea). *Béal toinne*, to (or slightly) above one's waist in the sea (harvesting weed). **he:ʃ tra: æ:mən'ə wa:nɪ' ... fl'ox ba:t'ə ... got'ə gə b'e:l tin'ə M** *théis trá fheamainne a bhaint ... fliuch báite ... gaibhte go béal toinne. Bhí muid i mbéal toinne inniu, we were up to our waists harvesting weed today. Nar bhreá an lá i mbéal toinne é!* (said of fine day). (Also in contexts other than harvesting weed) *chuaigh mé amach i mbéal toinne ag snámh*. 2. Sea. *Amuigh ar an toinn*, out at sea.

tor, (tur), a. 1. Neat, dry, without condiment. (a) *Tae ~*, tea without any food. *Mug tae ~ a d'ól se anis M. N'i: e:təŋʃə ʃe: toɾ o:l | kahə m'e rud ə'k'i:nɪ' ə v'eh am f'ej M ní*

- fhéadthaimse tae ~ a ól, caithidh mé rud eicint a bheith am leis.* (b) **isə tu: fəti:** **torə** P *íosaidh tú fataí tora* (as warning against marriage). (Fig) **isə mid' fəti:** **tor ə'n iʃ'** M *íosaidh muid fataí ~ anois*, 'the good (television programme) is over now.' 2. Stingy (with food). **nax tor ə f'æ:x ə da:n'ək' tu a:n** M *nach ~ an teach a dtáinig tú ann* (since the visitor refused everything except a cup of tea). *Ba ~ an áit e le ghoil* S. 3. Profitless. **bə tor ən tæ:ʃt'ər'** (-r recorded on original slip) e, n' i: **ro tæ:də gə: wə:r æ:d** S *ba ~ an t-aistir é, ní raibh tada dhá bharr a'd.* 4. Purposeless. **əs tor ə xa:n't' i:** S *is ~ an chaint í.* 5. (In phrase) **tor tar**, completely neat, dry, without condiment. *Fataí ~ tar, 'rán ~ tar* S. *D'íosá ~ tar iad* S (of good food).
- torachán**, m. Stout, round object, (explained in) **torəxə:n rud raunə:l' ə rā:vər, ~ gə v'ehiəx, gə yin' ə** S '-v' rud rabhnáilte ramhar, ~ dhe bheithíoch, dhe dhuine.
- toradh**, m. Vegetable (apart from potatoes) (examples in pl). *Cén chaoi bhfuil na torthaí a'd?* (heard from a middle-aged man in Maínis 1985).
- tórainn**, (teorainn). f. Boundary. *Mac a bheadh a'd tao' 'muigh gon tórhainn* SM (illegitimate).
- tórainneach**, (teorantach). a. 1. Contiguous. **ta m'e f'i:s to:rhə'n' əx l'əf** S *tá mé síos ~ leis.* 2. Intransigent about boundaries of land. **ta je sa:x to:rhə'n' əx, sa:x g'ər er' ə to:rhə'n'** S *tá sé sách ~, sách géar ar an tórhainn.*
- tóraíocht**, f. Searching. *Ar thóraíocht*, searching for, in pursuit of. *-Mo chrábh, a deir sé, lá is bliain sa lá inniubh, a deir sé, a d'imigh mo dhreatháir is sine, ar th~ leigheas m'athar, a deir sé.* 11Ctn.
- toras**, (turas), m. 1. Fool's errand. **xir je toras er' he:n' 50N** *chuir sé ~ air héin.* 2. Religious visit to, or circuit of, holy well, church, etc. *Mór an t-íontas nach dtug B. ~ ar an tine. Thugadh na seanndaoiní ~ ar an tine* S. *Ag tóigeál ~is. Chuadar go Cill Chiaráin tabhairt ~is* S.
- Torcach**, m. (Turcach). Turk. (In phrases expressing pity) *Ghoilltheadh se ar an ~ 01J. Scrúidthat se an ~ M.*
- formach**, m. (As VN) Springing (swelling in cow's udder). Gathering (of rain clouds). *Tá se ag ~, ag ~ anis go díreach* M.
- tornáil¹**, **taurna:l'**. v. Tack. Move in a zigzag. *Duine ag ~ in aghaidh cruic* S.
- tornáil²**, **taurna:l'**. f. (As VN) Emit (much) smoke. *Tá se ag ~ tobac* S.
- tornog**, f. (Puff of) smoke. *Tá ~ as a chíonn* S (of person smoking tobacco).
- torrachán**, (cp. torchaire, TORACHÁN) m. (Term of abuse; in) *Is shoraigh dhíot, a thorracháin, ó chuaidh tú mholadh an Speedwell*, !SÓC1.83 (from a song in praise of a boat).
- tórramh**, m. Wake. (a) *Bhí mé ar a thórrtha, bhí tórrtha' mór air* SM. **xir' m'e torh er'** Pt *chuir mé ~ air.* (b) *B'fhearr dhuit a bheith ar thórrtha gadhar (ná ag an (b)peairtí sin, damsá, spraoi ...)* S. (c) *Tórrtha' Mheireacá a bhíodh acub an oíche roimhe* S.
- torriall**, **toriəl**, n. (tarríall < tarr+i-iall). Strip of leather. (In following context, spoken by bull in tale) *-Bain ~ dhen chraiceann díom ó mo smut siar chaon taobh dhe chráimh mo dhrama siar go barr mo dhriobail. ... an dá iall sin ... an ~.* 35E.
- tortán**, m. Clump. **wuəl' m'e mə xəf fi: hortə:n f l'æ:gu: m'e** M87 *bhuail mé mo chois faoi th~ is leagadh mé.*
- tórtúil**, **to:rhui:l'**, (tóiriúil) a. Fond of. *An ~ ar imirt chártaí ariamh* 899N.
- tosach**, m. 1. *I dt~ ar*, before. **re:f'oməd' ə wo: ə dosəx er' x'a:n** M *réiteoidh muid an bhó i dtosach ar Sheán.* 2.(a) *Un tosaigh, teighre un tosaigh*, Progress. **nar hai je n tosə yə:b'** M *nár thé sé un tosaigh dhóib!* may they not benefit from it. (b) *Teighre un tosaigh ar*, surpass. N' i: **ro tæ:də gəl' ən tos er' ə v'ietil' l'ehi: d'æ:su:** S *ní raibh tada ag goil un tosaigh ar an bhfiatail le haghaidh deasú.* 3. (Shoe-making), front piece of leather, etc., on shoe. *Chuir se ~ nua ar mo bhróig, pl tosaí* S.
- tosáí**, n. VN. Beginning (of song). (a) *Seod é a thosaí.* (b) *An chéad ~*, beginning. **b'in' e x'ed tosi: xur je er' | ta f'k'e:l** ... P *ab in é an chéad ~ a chuir sé air, 'Tá scéal ... '? did he start it (song) with ...?*
- tósta**, m. Toast (of praise). *Chuir mé féin an ~ sa gCapall SeolG20*, I praised, toasted the Capall (boat).
- trá**, f. Strand. *Dheamhan blas aithne air nach ar th~ fheamainne atá se* M (of person in a terrible hurry).

trácht, m. *Béal do thráicht*, instep. *Tá an treabhsar ag goil síos go dtí béal do thráicht* S.

tráchtáil, f. (As VN) Carry cargo, freight. *Bhídís ag ~ go Gaillimh* S.

tradlocht, 'tradloxt', m. Large, great load. *Bhí ~ inti mar bhí sí* 01C6544 (of boat full of fish).

traein, f. Row, line (of lobster pots). *Tá costas deabhálta ... sála mbeidh ~ mhaith potaí curtha amach a'd.* 35E.

traet, **tre:t**. n. Treat, round of drink. *Sé mo th~sa* e S.

traeteáil, **tre:t a:l**, v. Treat, buy round of drinks (for others). *I dteach an ósta ... ag ~ S.*

traíáil¹, (trial¹ 1.), f. 1. Attempt, chance at, 'go'. *Ba mhaith liom ~ a fháil air.* 2. Respite. *Tabhair ~ dó, ní raibh ~ a bith a'm é a dhíonamh, má bhíonn an ~ a'm,* **tor: tri:a:l um 11C** *tabhair ~ dhom. Ní: wuər' m'é mə ɣo:hən tri:a:l* S *ní bhfuair mé mo dhóthain ~.* 3. Opportunity, chance. **ga wə:d'i:f tri:a:l ə b'i** S *dhá bhfaighidís ~ ar bith.* 4. Patience. **b'i:x tri:a:l ə:d** M *bíodh ~ a'd!* wait (up) a while! **n'i:l' ~ ə b'i eɟə** M *níl ~ ar bith aige.*

traíáil², (trial²) v. 1. Try. **e: hri:a:l** 897St *é a th~. ~ anis e, Tá me ag cheapadh go draíála' me síos í M* (try to put an infant to bed). 2. (Used by younger generation for *ag iarraidh* of older generation) **tri:a:l' i' xi:n a:l ən a:t** 80A *ag ~ í a choinneáil in áit.*

traíáil le, 1. Try. **xuə fe tri:a:l' l'ej ə d'i:n' er ə ɣod'** 897St *chuaigh sé ag ~ leis an dinnéar a ghoid.* 2. 'Try it on'. **ka.ə m'é tri:a:l' el' v'e am l'æt** 897St *caithidh mé ~ eile a bheith a'm leat, ... another attempt at catching you out. fe' əŋ fa: wil' m'é ga hri:a:l' l'æt ... gə v'ik'ə m'é ə wil' e:m wā: ə t'ær l'æt 897St *sé an fáth a bhfuil mé dhá th~ leat ... go bhfeicthidh mé an bhfuil aon mhaith i t'fhear leat.**

traifis, f. (Small) rubbish. **gl:n suəs ə træ:f əf' fín', l:n l'e ~ br'e:ntəs əs ..., ~ v'og himpəl ə t'i:** S *glan suas an ~ sin, lán le ~ bréantás is... , ~ bheag thimpeall an tí.*

traim, f. Trammel(-net).

traimeáil, f. (As VN) Fishing with trammel. **v'i: mid' ə træ:m'a:l' ə'n'uw,**

[-u: in original note] ~ **e:fk'** S *bhí muid ag ~ inniu, ag ~ éisc.*

traipisí, pl, Objects strewn about, clutter (that might trip one up). **ta gə l'or: træ:p'əf'i: ə'mu n'fo ə'n'ij, træ:p'əf'i: sə m'æ:ləx** M *tá go leor ~ amuigh anseo anois, ~ sa mbealach.* (In explanation) **træ:p'əf'i: ka:t'ə hært ə'n'fín', kosu:l' l'e træ:p'əni: e** S *'~ caite thart ansin', cosúil le 'traipeannaí' (< trap) é.*

tráithnín, m. 1. (Dry) grass-stalk. 2. *Tráithnín dubh (na moinge)* (type of grass used in rope making). *Na tráithníní dú ~ dú'a* 869P5, *insan aimsir fadó roimhe sin, bhíodar ag lígean súgáin agus ag díona rópaí, leihí téadracháí báa, agus téadracháí potaí gliomacha, is achuile chionál rópa gá raibh ag tastáil uathub, bhíodar gá ndíonamh sin as tráithníní dubha na moinge, agus as fíogaí.* 11C.

trálaíos, pl. Goods. *Cheannaigh mé ~ bheaga sa siopa* M.

trangáilte, a. 1. Tangled. *Tá an rópa sin ~ M.* 2. Cluttered. Entrapping. **n'il' tu nan də v'æ:ləx ji:nə ən, ta fe trə:ŋgə:l' ə S** *níl tú i ndan do bhealach a dhéanamh ann tá sé ~.* 3. Enmeshed, caught. *Tá an breac ~ san eangach* S. 4. Hemmed in. **v'i: tu ~ S** *bhí tú ~. Tá tú ~ a'd héin istigh ansin* S.

transam, m. 1. ~ an bháid = *deireadh an bháid* S. 2. (Transferred meaning) (a) Back part. **hiər er' ə trə:nsəm thiər ar an ~.** (b) Backside. **er' də hr~, ~ də hu:nəx** S *ar do th~, ~ do thónach.*

traoigh, (traoith) v. 1. Reduce. **hri: f'i: n or'əd, v'i: f'i: glə:s** S *th~ sí an oiread, bhí sí glas* (sedge). 2. (Transitive) take exercise to promote digestion. (a) **trin fe e he:n', ta fe ga hri:w he:n', fu:l ha:rt ga hri:w he:n'** S *traonn sé é héin, tá sé dhá thraobh héin, ag siúl thart dhá thraobh héin.* (b) (With *bolg* as object) **trin fe wələg** S *traonn sé a bholg. ga dri:hə m'é mə wələg* M *go draoithidh mé mo bholg. tri:v də welf'əɟ' M* *ag traobh do bhoilg.* (c) (Used without specific object) digest one's food. **ga dri:hə fe** S *go draoithidh sé. ta fe tri:t' ə S* *tá sé traoite, he has digested his food.* 3. Exercise oneself (and promote digestion). (**əɟ' im'əxt ə fu:lə:d'**) **ga tri:w he:n'** M *ag imeacht ag siúlóid dhá traobh héin.*

trap, m. 1. Thing likely to ensnare. *Is úthasach an ~ e sin* (e.g. old bicycle). 2.

- Hazard. **-mo:tər baɪsɪk'ɪl tɑː ʃe ɑ:l** M *Mótar-baidhsaicil tá sé a fháil. -ta ʃe fa:l* trap S *tá sé ag fáil ~.*
- trapáil**, v. **1.** Trap, set trap. **2.** Ensnare, corner. **hrapɑ:l ʃe e, v'i: m b'ehiəx kɪ'n'i:** S *th-~ sé é, bhí an beithíoch coinnithe. v'i: xil'ə ɣin'ə trapɑ:l'ə hɪ:m pəl er' ə maurd* S *bhí chuile dhuine ~te thimpeall ar an mbord.* **3.** Block hazardingly. **ta n ɑ:t ʃɪn' trapɑ:l'ə** S *tá an áit sin ~te, of gap (closed with hazardous objects).*
- trasna**, a. **1.** Crosswise. *Ní bhead sé éasca a oibriú, bhead sé ag pléascadh, níl sé éasca é a ghearradh, bhuel adhmad ~ é, déarthá 'tá an iomarca adhmad ~ ann' ... níl an grán fada ann* **21Ptq.** **2.** Contrary. *Bhí cuide dhá chuid, u-, dánta agus amhráin bhíodar roinnt ~.* **11C.**
- tráth**, n. **1.** ~ is uain, once upon a time. **tra: suən' v'i: ri: ɡɪs bɑ:ndrɪən ə n'e:r'ən' fado** **11Ct** *Tráth is uain bhí rí agus banníon in Éirinn fadó (beginning of tale).* **2.** Prayers (in traditional run, glossed by narrator). **du:rɪ ʃe hrɑ: ʃɪn' e xud' pɑ:dr'əxi:** Pt *dúirt sé a th-~, [added in explanation] sin é a chuid paidreachaí.*
- tráthúil**, a. Timely. **xə trɑ:hu:l' ɪ'əf ə lɑ:, mɑr ʃu:rɑ:l'ə ɪ'ikə n lɑ:** S *chomh ~ leis an lá, (in explanation) mar siúrúilte tíocthaidh an lá. Chomh ~ le Mac Dé* **05M.**
- tréan**, a. **1.** Quick. **xə tr'e:n/luə ɪ'əf ə ɲi:hə wɑ:rtə, ... ɪ'əf ə ɲi:/ɲi:hə** SM *chomh ~ / luath leis an ngaotha Mháirta, ... leis an ngaoth.* **2.** (Financially) well off. **bə ɪ'æ:x 'æ:n'tr'e:n ə'r'iəw ɛ** **12J** *ba teach an~ ariamh é. Siopa maith ~ a bhí ann* S. **3.** Violent, irascible, easily angered. *'Thug sé glafar as,' sin tafann nó cáint ~, gearr* S. **4.** Abundant. **(a) Tá fataí ~ ann. (b) (Of hair) thick, (of plants) rank. gruəɡ' hr'e:n** **45P** *gruaig th-~.*
- treasfhaobhar**, m. Third edge (sharpening; in narrative run). **fɪ:vər æs k'i:n fɪ:vər əɡəs 'tr'æ:s i:vər** **11Ct** *faobhar as cionn faobhar agus ~.*
- tréipléiseach**, (tréipéiseach). a. Forward, assertive, M.
- treisiúnta**, a. Rich, well off. *Fear saibhir, 'duine ~,' fear a mbeadh achuile shórt aige* S.
- tréismint**, (téiscim). n. (As VN) Prepare for. *Tá mé ag ~ aige / go dtí é* S.
- tréith**, n. Characteristic. *Sé do th-~ bheith bradach* S85. In plural. **ʃe tr'iarhi: e, ʃe hr'iarhi: e, ʃe tr'iarhi: wɑ:k v'ik'əl' v'e ʃi:nɪ' er' ə ɡrukɑ:n, tɑ: ɡə l'ɔ:r ɡɑ: dr'iarhi: æd** S *sé a ~rí é, sé a thréarthaí é, sé ~rí mhac* M *bheith ar an genocán, tá go leor dhá dtréithrí a'd.*
- treoir**, n. Guidance, direction. *Gach ~ !39D, every direction. I dtreoir = i dtreo. Shiúil sé in mo th-~ agus chraith sé liom láimh !21Pt, in mo th-~sa !39D.*
- treolaí**, (treoraí). m. Person who can make his way, person with good sense of direction. **tr'ɔ:li: mɑ: ɡə wɪl' ʃe ɡə mɑ: əɡ' im'əxt** M *'~ maith,' go bhfuil sé go maith ag imeacht.*
- treolaigh**, v. **1.** Guide. **ɡɑ hr'ɔ:lu: S dhá threolú. hr'ɔ:lə ʃe ɡə mā:** M *th-~ sé go maith.* **2.** Make one's way. **ə tr'ɔ:lu: ɪ'ɔ:həb, ɡ' im'əx ɪ'ɔ:həb, ɡə dɑ:n'ək' ʃiəd ɡə ...** M *ag treolú leothub, ag imeacht leothub, go dtáinig siad go*
- treolaíthe**, a. Neat, trim (in one's person). **'æ:n'tr'ɔ:li:hə ... er' he:n', 'æ:m'-f'uki:hə** M *an-~ ... air héin, an-phioc-thaíthe.*
- treoraíocht**, f. Guidance, making one's way S.
- trian**, n. **1.** Portion. **wɑ:n' m'e tr'i:n ɡən lɑ: əmɑ:x** S *bhain mé ~ dhen lá amach.* **2.** (In idiomatic use) ~ síos upset. **xuə tr'i:n/ɣɑ: tr'i:n/ɣɑ: hr'i:n/tr'i: hr'i:n ʃi:ʃ tr'i:m** S *chuaigh ~ / dhá ~ / trí th-~ síos tríom. xuə ʃe tr'i:n suəs əɡəs tr'i:n ʃi:ʃ tr'i:m* S *chuaigh sé ~ suas, ~ síos tríom.*
- trinseáil**, v. **1.** Beat, 'kill'. **stɒp nu' tr'i:nʃɑ:lə m'e hu', du:n də v'e:l nu ...** S *stop nó trinseáilthaidh mé thú, dúin do bhéal nó... .* **2.** Mould (potatoes). (As noun) (potato-)mould.
- trioblóid**, f. Trouble. **1. Tá mé fághail [fáil] trioblóid leis an scríobh tá na pianta cnáimh ag cur isteach orm** Mlt. **2.** (Of) childbirth, labour. **tɑ ʃi hæ'r ə tr'iblə:d** S *tá sí thair a ~, she (woman) has been delivered of child.*
- triollús**, (treallús). m. Industry, keenness (= FGB 1.). (According to speaker Seán ~ does not mean 'assertion', nor does TRIOLLÚSACH mean 'assertive', but cf. *triollúsach* FFG19.)
- triollúsach**, (treallúsach). a. Industrious, energetic at work. Cf. TRIOLLÚS.
- triomach**, m. Dryness. **tr'uməx ən æ:tə**

- 20My** ~ *an fhata*. **wil' e:n tr'uməx er' M** *an bhfuil aon ~ air?* (of potato).
- triomaíoch, tr'umiəx**. n. (For common TRIOMACH). Drying. *Go dtugainn lá ~ ansin dó*. **01P** (only example). (Perhaps influenced by *triomaí(the)*, genitive of *triomú*.)
- triopálach**, a. Variant of TRIOPALLACH¹, **din'ə tr'ipələx S duine** ~.
- triopallach¹**, a. Eager, keen, industrious (in doublet) ~ **trapallach**, eager, etc. **ta fe tr'ipələx tra:pələx SM tá sé ~ trapallach**.
- triopallach²**, m. Keen person, good worker. **s mah ə tr'ipələx e M is maith an ~ é**. (In doublet) ~ **trapallach SM**.
- triopallaí**, m. Variant of TRIOPALLACH², **tr'ipəli: mah e M ~ maith é**.
- triopás**, m. (driopás). Keenness, industry. **N'i:l' e:n tr'ipəs ə:n S níl aon ~ ann**.
- triuch**, m. Whooping-cough, pertussis. **nə gə:sur' nə lai sə tr'ox 11Ct na gasúir ina loighe sa ~, ... infected with whooping-cough**.
- trócaire**, n. Mercy. (a) (In blessing) **gə dugə d'ia trəkər'ə ɣit' S go dtuga Dia ~ dhuít ... solace**. (b) (In malediction) **nə:r (nə:r ?) ə: tu trəkər'ə S Nár fhaighe tú ~! nə:r (nə:r ?) ə: m'e trəkər'ə marər f'iar dum e S nár fhaighe mé ~ marar fíor dom é**. (c) **Bosca an ~**. alms box. **Níl tada gá chuir i mbosca an ~ S, money is not given to charity**.
- troid**, v. Endure. **hrod' m'e e gən e:n' tʃə:bfəts, hrod' m'e mə:x e M throid mé é gan aon teabliúts throid mé amach é**.
- troigh**, f. ~ *do chois*, foot. **Troitheachaí do chos SM**.
- troim**, (genitive of *trom¹*), n. (In phrase) **ma'd'ə n tri:m' 21J maide an troim**, elder. **Coill mhaide an troim 21J**.
- troimse, tri:mʃə**. n. **1**. Distension, bloat- edness (from food), drowsiness from (heavy) food. **Chuiridís ~ ort M (her- rings)**. **Bhí mé i ndan titim i mo chodladh ag an mbord as ~ fataí S. Cosúil le duine thú a mbeadh ~ curtha díot S, you look as though you have had a nap (perhaps including the meaning) after a heavy meal**. **2**. Surfeit (and nausea). **Tá ~ tobac air**. **3**. Faintness, weakness. **Tá ~ codlata orm**. Fainting fit. **Tháinig ~ orm le donacht**.
- troisleánach**, (Cf. n. *trilseán*) a. Cable- stitched. **g'æ:nsi: traifl'ɑ:nəx M geansaí ~**.
- tról**, m. Trawl(-net) S.
- tróláil**, v. Trawl S.
- trom¹**, n. (With *codlata / codladh*) ... **rabhdar ina dtrom codlata insa mbád 894C4 ... fast asleep**. **v'i: maik'il' s e: nə hru:m kolətə S bhí Maidheil is é ina thr-- codlata. v'i: fji nə tru:m kolətə SM bhí sí ina ~ codlata. ta fe nə hru:m kolə S tá sé ina th-- codladh**.
- trom²**, a. **1**. Heavy. **ta fe xə tru:m l'ef ə luəi / l'e luəi S tá sé chomh ~ leis an luai / le luai, ... l'ef nə kloxə glə:sə M ... leis na clocha glasa**. **2**. Having feeling of heaviness or lack of appetite. **Tá mo ghoile chomh trúm M, cf. TROMGHOILE**. **3**. (Too) profound. **fokəl tru:m l'e rə: v'i: ə:n, n'umərkə m'i:n'əl' ə:n S focal ~ le rá bhí ann, an iomarca míneáil ann**. **4**. Tired (with *tuirseach*). **ta: m'e: tru:m turfəx he:ʃ ə le: S tá mé ~ tuirseach théis an lae**. **5**. (Of colour) deep. **ma v'i: fe bi: s bi: gə mā: v'i: dæ: tru:m er' S má bhí sé buí is buí go maith bhí dath ~ air**.
- tromas**, n. Fatigue. **truməs ə le: Mq ~ an lae. T-- agus tuirse Clad167, Mq**.
- tromchodladh**, m. Nightmare, sleep- walking. **Nuair a bhí ~ ort SM. Deir siad go bhfuil tú i ndan siúl ar an uisce nuair atá ~ ort S**.
- tromchroíoch**, a. **1**. Heavy-hearted, distended. **D'ith me cáca is tae. Tá me chomh trúmchroíoch is gá mbeadh fataí ite a'm S**. **2**. (Of weather) heavy, oppressive.
- tromfhascadh, tru:mə:skə S, ə drumaskə S i d-, 'tru:m,ə:skə M**. n. Trouble, affliction.
- tromghoile, 'tru:m,ɣel'ə**. m. Loss of appetite. (Explained as) **bheadh sórt ocras ort ach ní bheadh aon fhúinn ort é ithe M**.
- tromlach**, n. (In phrase) 'heavy sleep'. **ə'n'ju:d ə hi:n' ə'n' in ənə dru:mləx suən' er' ə tra: ... ənə hru:mləx suən' 04B1 ansíúd a shín an Fhionn ina d- suaín ar an trá ... ina th-- suaín**.
- tromlacht**, f. Large quantity. **v'i: trumləxt wə:r jih ə:n S bhí ~ mhór dhe ann. tru:mləxt wə:r di:n'ə S ~ mhór daoine**.
- truai**, f. Pity. **Tá sé chomh mór an ~ leat héin S, he is just as much to pity ...**
- truailleach**, a. Thin, wretched (as

TRUAILLÍTHE) SM. **ta sə br'æ:hu:**
truæl'əx S *tá sé ag breathnú* ~.
truailíoch, a. Pitiab. (Equated with TRUAÍOCH), S.
truailíthe, a. **1.** Thin, gaunt, emaciated. **ta fe truəl'i:hə** **23M** *tá sé ~. b'ehiəx truəl'i:hə suət'ə* M *beithíoch ~ suaite*. **2.** Wretched, pitiable. **bə truəl'i: n rud ə v'e br'æhu: orhəb** S *ba ~ an rud a bheith ag breathnú orthub*.
truaióch, a. **1.** Pathetic, pitiable. **2.** Compassionate. **v'i: fe 'a:n'truəiəx** M *bhí sé an~*.
truamhéalach, a. Pitiab. **xə truəv'eləx** P *chomh ~*.
trucaíl, f. (As VN) Carry. *Chaith mé an lá inné ag ~ málaí suimint amach as leoraí, Bhí mé ag ~ leis* S (of potatoes on back).
truipisí, (In phrase) **trip'əfi: (s) trə:p'əfi:** S ~ (is) *traipisí*, objects likely to ensnare, hazardous objects.
truslóg, f. Trip. *Bhain se ~ asam*, he tripped me up.
truspas, (treaspás), **truspas 892M, 11C.** n. Fine for trespass. *Agus ~ a íoc ... ar an ngarraí arbhair a bhí millte.* **892M2893.** *Bhí baintreach ina cónaí fadó ... an Leath-Mhás ... agus ní raibh dhe mhaoin an tsaol ag an mbaintreach ach chúig chaora. 'Gus bhí tiaránach mór san áit, agus níl aon lá sa mbliain nar raibh sé ag baint ~ dhith ar na chúig chaora.* **11C.**
trust¹, m. Credit. **v'i:tʃ fe mu nə hrist a'kəb, er' hrust** S *bhíodh sé amuigh ina th~ acub, ar th~*.
trust², v. Trust. **(a)** (With adverbs) **n'i: hrustə fi: f't'æ:x e gə wi: fi: 'p'i:lə't'i:** S *ní thrusthaidh sí sin isteach go bhfuighidh sí piolóití*, (original note has **hrusto: thrustóidh**, perhaps my error) she (boat) will not be confident coming in without a pilot. **(b)** (With adverbs of distance describing degrees of trust or confidence) *Ní thrusthainn orlach thú, ... amach go dtí an bóthar e, ... fad méire thú*, cf. TEIGHRE. *Thrusthainn tíompall an domhain thú* S.
trustaí, m. Trustworthy person. *Go ra' trustaíthe díonta aige seo dhínn* **894C9.**
tséas, m. (< chase), cp. SÉAS. Bustle, hurry. **æ'n ffe:s er' M an~ air.**
tsiubaí, m. (cp. 'chubby' EDD and *siubaí* FFG). Long-haired cat. **fʃubi: gə xut ~ dhe chat**, explained as *fionnfach mór fada*

air Mq.

tuairgín, n. **1.** Pestle, pounder. **l'ik'ə m'ifə tuər'əg'i:n' ort** M *ligthidh mise ~ ort*, 'I will scold you'. **2.** (Of woman) battleaxe. **tuər'əg'i:n' gə v'æ:n, b'æ:n xrostə, v'ex gə də wuələ, b'ei fi gə də faundəl', b'æ:n'i:n' v'og i:fəl drox-u:nt'** P '~ *dhe bhean,*' *bean chrosta, bheadh dho do bhualadh, beidh sí dho do phabhaindeáil, beainín bheag iséal droch-mhúinte.*
tuairisc, f. Account. **1.** (Example of pl) **tə:sti:n tuər'əfk'əxi: wət' əs tu: ə də hi: sə f'æ:ləx** M *tastáinn tuairisceachaí uait is tú i do shuí sa teallach*. **2.** **Cuir ~ ar dhuine**, inquire of someone about. **v'i f'iəd ə kur tuər'əfk' orəm' p'e:n ə, f'aint' ə rə e:m fə:kə robər' ...** Pt *bhí siad ag cuir ~ orm héin, féachaint an raibh aon phaca robair...* **3.** **Cuir ~ le duine**, have someone inquire about, look into. **n a:t' ə rə din'ə k'i:nt' (ə ?) kir' ə huər'əfk' f'ej** M *an áit a raibh duine eicint (ag) cuir a th~ leis*, 'as somebody wanted his assessment of a house that was on the market.' **4.** **Cuir ~ ar rud le duine**, inquire about something of someone **kir'hə m'e tuər'əfk' orhə f'e fə:n** M *cuiridh mé ~ uirthi le Seán*, I'll ask S. as to its whereabouts (of scythe the stone).
tuairt, f. Thrashing. **hug m'e tuər't' wa: wuəl't' er' M thug mé ~ mhaith bhualite air.** Cp. TÓIRT.
tuamba, tumba, m/f. Tomb, grave-stone, fencing on grave. **wil' tu:mbə hi:mpəl er' | tu:mb iərən'** M *an bhfuil ~ thimpeall air, ~ iarainn?*
tuar, m. **1.** (In saying) **fin' e n a:t' ə wil' nə hə:nəmnəxi: boxtə ed'ər' huər əgəs i:m'l'əx** S87 *sin é an áit a bhfuil na hanamnachaí boхта eidir th~ agus imleach* (of purgatory). **2.** Clothes out (drying and whitening). *Tá ~ breá éada' amuth aici* M (clothes hanging on line to dry). **3.** (In context) wetting (from dew, which would wash salt off drying seaweed) *Tá sé an-dona aici [coirleach] ~ a bith fháil. Ní thioctha an salann cáile ortha. Ní hanann í le carraigín ... Cailte tú i shábháil is gan ~ a bith fháil, ná uisce a bith.* **889P.** **4.** Mess. **ta n a:t' fin' həl nə huər a:ku'** M *tá an áit sin thall ina th~ acú*.
tuarastal, m. **1.** Church dues. **tuərəstəl**

hugad'ijf er', ær'ag'ad nã sʃe:ʃõns ẽ
v'i: ẽn S ~ *thugaidis air, airgead na stẽiseans (na Cásca, na Nollag, etc.) a bhí ann.* **2.** Salary. (*Buachaill*) *an tuarastail bhig* (of person receiving little or no recompense). **gohã buãxãl' ẽn tuãrãstãl' v'ig' jis ẽn S** *gabhthaidh buachaill an ~il bhig síos ann.*

tuartha, a. Uprooted (and manured ?) by (confined) cattle. *Tã se ~ ag beithí S.*

tuataí, m. Niggard, churl. **s i:ntãx ẽ tuãti: e M** *is iontach an ~ é.*

tubaiste, n. Tragedy. **(a)** (In maledictions) **tubãʃʃ' ẽ nã bl'ian ort S** ~ *na bliana ort!* **mã xid' tubãʃʃ' ort/ʃ'æt S** *mo chuid ~ ort!* **leat! mã xu tubãʃʃ' ẽ agãs a:nãxãn' nã bl'ian ort S** *mo chuid ~ agus anachain na bliana ort!* ~ **n tru:mp ort S** ~ *an trumpa ort!* (explained as 'jew's harp', *an teanga bheith briste ann, níor fhan aon mhaith ann*). ~ **Ń' d'aul' ort ~ an deabhail ort!** **mulãx ẽ ~ ʃ'æt S** *mullach an ~ leat!* **mulãx ẽ ~ ort mullach an ~ ort!** **(b)** (In phrase) *sé an ~ é nó, surely.* **wel' ʃe:n tubãʃʃ' e nu: ta: ge:lg' ẽ dã ʃo:hãn' fi: ʃoh æ:d 53H** *Bhuel sé an ~ é nó tá Gaeilge do dhóthain faoi seo a'd.*

tufóg, f. (In figures of speech of) worthless thing. *Níl luach ~ circe dhá bharr a'm S.* **Ń'i: f'u: tufõg' ʃiŋk'e:r e SM** *ní fiú tufóig tincéara é.*

tufóigin, f. **1.** Small wretched female. **õ: uʃ'ã hufõg' in' M** *ó uise a th--!* **2.** Small wretched thing, S.

tugthaí, a. (Vadj of *tug* 'give'). *Tugthaí le*, given to, prone to. **bã din' ẽ m'ijã v'i: tuki: ʃ'õ:hãb v'i:dãr orãm ẽ gu:ni: 20M** *ba duine mise a bhí ~ leothub bhíodar orm i gcónaí. v'i: m'e tuki: ʃ'ej' ẽ v'f'u: M bhí mé ~ leis an bhflíú.*

tuí, f. Straw. **(a)** ~ *bhuailte*, threshed straw (in contrast with *tuí ar a ceann*, unthreshed, cf. CEANN). ~ *bhuailte níl mórán maitheasa inti dho bheithí. Thug me ~ ar a ceann dóib S.* **(b)** ~ *churtha*, pinned thatch (in contrast with loose thatch tied by cross-ropes and net). (Not necessarily with straw) *Deasaí le ~ churtha cib a bhí aige S*, scollop-thatch using sedge. *Cuireann siad an ~ as na dornáin froisin S*, pinned thatching is done with sheaves too.

tuicéad, m. Ticket. (Fig) *Tã ~ an bhóthair*

faighte a'm, I have been given my cards, expelled, sacked. (Also) *Tã mo th-- faighte a'm.*

tuige, adv. **1.** Why. **(a)** **-tig' ẽ --? -xul' ẽ hig' ẽ S** *-Chuille th--!* that's the why! **(b)** **tig' ẽ na:x wa:kã ʃi: ŋ kut gã mã xrũ:kã:l' 08B** ~ *nach bhfaca sí an cat dho mo chrúcaíl!?* sure you'd think she'd be so bold as to claim she had seen the cat claw me. **2.** 'Is it how', really. ~ *nach gcuala tú cheana e? 14M*, did you really not ...? **3. Chuile** 's ~, as an insolent or 'clever' reply, 'I won't say'. A. **-k'e rã tu re:r' Cé raibh tú aréir?** B. **-xul' ẽ s tig' ẽ M** *Chuile is ~!* A. **-ka:l' tu: gõl' Cá bhfuil tú ag goil?** B. **-xul' ẽ s tig' ẽ M** *Chuile is ~!*

tuile, f. Flood. *Tã daoíní ann ansin, gá n-iompódh an ~ mhór isteach orthub bheidis mar a chéile S*, no matter what happened.

túin, v. **1.** Offer. **hu:n' ʃe ʃum S th-- sé dhom.** **2.** Press upon. *Th-- mé air é SM.*

tuineanta, a. Pleasant. (In phrase) *Lách ~ réidh S.*

tuirne, m. Spinning wheel. ~ *Mháire*, scolding. ' *Bhfuil se ag fáil ~ Mháire?* M (verbal scolding).

tuirse, n. Fatigue. *Sin é an chaoi a ligeann siad amach a d~ S*, refresh themselves (of horses frolicking).

tuirseach, a. Tired. **(a)** **tã' m'e xã torʃãx ʃ'e ʃã:ŋxã:pãl 47P** *tã mé chomh ~ le seanchapall.* **(b)** (Fig) **v'i: m' kir' æ:ti: gã rã ŋ' ʃr'ian tirʃãx ẽ da:hlã M** *bhí mé ag cuir fhataí go raibh an ghrian ~ i dtalamh, ... long after sunset. v'i: ŋ' ʃr'ian tirʃãx ẽ da:hlã nuãr' ẽ xu' m'e mã:x SM* *bhí an ghrian ~ i dtalamh nuair a chuaigh mé amach.*

túisce, adv. Sooner. *Go mba ~ leat héin é*, 'may you catch it first' (of anything bad). **ʃen x'ẽ:d rud eʃ' e | ẽs gã mã tu:ʃk'ã ʃ'æt hem' e S** *sé an chéad rud eile é is go mba ~ leat héin é. Más liomsa is ~ ná raibh mé fuaraí rútsa! 19B* (of death).

tulánach, a. (Of land) strewn with little mounds. *Áit ~ S, talamh ~.*

tultán, m. (More often *tulán*) mound. *Bhí mar bheadh ~ istigh i lár an gháirdín a bhí árd thar a' gcuid eile. 864M*DT50.

tuncaisí, m. Thrashing. **ʃu:r'hã m'ijã tuŋkãʃi: mã: ʃõ: nuãr' ẽ x'ukã ʃe, tuŋkãʃi: buãl' ẽ M** *túirthaidh mise ~*

maith dhó nuair a thiocthaidh sé, ~ buailte.

tús, m. Beginning. **1. Tús ná deireadh**, (a) Of confusion. *Deabhal ~ ná deireadh orub sin S* 'they are very disorganised'. *Níl tús ná: d'ér er' a ḡænsi/er' a snachá fo M níl ~ ná deireadh ar an ngeansaí/ar an snáithe seo.* (b) Meaningless, nonsensical. *Níl tús ná: d'ér er' a xid' ka:n' a 43M níl ~ ná deireadh ar a chuid cainte.* (c) Of bad weather. *Níl tús ná: d'ér er' an æmfær M níl ~ ná deireadh ar an aimsir.* **2. Ó thús deireadh**, firstly, anyway. *Ní raibh aon solas air ó th~ deireadh S. Ó th~ deireadh go tosaí, from beginning to end. Siad héin is ciontaí ó th~ deireadh go tosaí S.*

tuspáint, (taispeáint), f. Sensibility, civility, presence (of appearance, personality), agreeable appearance. *din' a nax m'ox mo:ra:n tispá:n' eg' a S duine nach mbeadh mórán ~ aige. Níl m'ox tispá:n' an/i:n' a/ek' a M níl mórán ~ ann/inti/aici, 'he/she is no good.'* Also used for *tuspánadh*. *Déarthadh duine eile taobh thall dhe chlaí 'fuair se ~', (ach) 'tuspánadh' déarthainnse S.*

tutaíl, f. **1.** As *TUTÁIL*. **2.** Say *tu, tu, tu* in anger, etc. *Cén sórt ~ í sin ort, ~ chainte S.*

tutáil, f. (As VN) (Rushed) gabble. *Ag imeacht ag ~ S. ~ chainte M.*

tútaíl, (tútachas), f. **1.** Ignorance of how to behave. *Sin í an ~.* **2.** Meanness. *v'i: n tu:tí:l' a ba:n' a'r' iaw f'ef 43M bhí an ~ ag baint ariamh leis.*

tuigeáil, *t'wig' a:l'*, (< twig). v. **1.** Perceive, discern. *~ mise ar an bpointe an dtigeann tú go raibh rud eicint suas 43M. Tá sé sin ~te a'msa le seachtain.* **2.** Wonder, doubt. *Bhí mé héin ag ~ meas tú an gceannóidh, mar ... M.*

U

uafásach, a. (Used adverbially) terribly, very. *ta fe ... u:hæsax dahu:l' M tá sé... ~ dathúil, ... terribly good-looking.*

uaigh, f. Cave. *u a:há:l'u:nə Sq ~ thalúna.*

uaigneas, m. Loneliness. *Ta an t~ agam ina dhiaidh S, I am lonely now he's gone. nax mo:r a tuægn'as i M nach mór an t~ í, isn't it lonely now she's gone.*

uallfirt, **uallfairt**, f. **1.** Yelling, S. **2.** Ranting. *Ag uallfairt tímpeall an tí, ag imeacht*

i ndiaidh do chinn rúit — ag uallfirt S.

uair, f. Time. **1.** *Ag an ~ chéanna*, for all that, even. *b'e:d'ar' gə wil' fi: gol' fi:n ta:l'hə eg' an uər' x'e:nə 32J b'fhéidir go bhfuil sí ag goil faoin talamh ag an uair chéanna.* **2.** Weather, (in phrase) *~ agus aimsir. Nach beag an dochar dhon ~ agus dhon aimsir an chaoi a bhfuil sí S.*

uais, f. **1.** Upset. *Choinic mé beithíoch ghá bhá' is chuir se an~ orm. 'Tá ~ ag mo chroí duit.'* Sc162.5. **2.** Curious sensation. *Chuir se ~ orm. Bhearr me mo mhéir is chuir se ~ orm.* **3.** Shame. *Chuirthead se ~ ort! SM. Cf. ÚIS.*

ualach, m. **1.** Load. *~ asail*, very much, a large amount. *ta uələx æ:səf' fkr' i:f eg' a S tá ~ asail scríofa a'd.* **2.** (Fig) burden. *d'e:ta: ra: gər' air' uələx gə mə xri: 16B d'fhéadthá rá gur éirigh ualach dhe mo chroí. Charge. Nach fada ó bhaile d'fhág sí a h~ S (home and children). **3.** Heap (of sleeping person). *Caitheadh mise ghoil siar agus an t~ sin thiar a dhúiseacht M.* **4.** Large thing. *A' chéad rud eile ~ dhe bhroim S.**

uallfirt: UALLFIRT.

uan, m. Lamb. (In saying) *Sé an t~ ag goil ag múnadh méileach dhá mháthair é 19B.*

uasal, a. Noble. *~ ann héin*, conceited, arrogant. *ta fe 'a:n'uəsəl an he:n' S tá sé an~ ann héin*, he is full of himself.

uascán, m. **1.** Yearling ram. *u:n bl'ionə f'er'an, wa:rə m'e n tuəskə:n fin' M uan bliana fireann, 'mharaigh mé an t~ sin'.* **2.** Large thing. *~ gə li, s i:n'təx a t~ e, ri:n' a m'e ~ gə vri:m' M ~ dhe lao, is iontach an t~ é, rinne mé ~ dhe bhroim.*

ubh, f. Egg. **1.** (In comparison) *ta' n din' a fin' xə he:drəm er' a xof ga: fu:l'ət fe er' nə hi:v'əxi: f' n'i: vr' i:fət fe iəd M tá an duine sin chomh héadrom ar a chois dhá siúileadh sé ar na huibheachaí is ní bhristheadh sé iad.* **2.** (In figures of restlessness) (a) *Chaithead sé go bhfuil ~ i do thúin a'd M.* (b) *Ubh ag, (i) restless. hi:l' ha: gə wil' uw eg' a fin' S shúltheá go bhfuil ~ aige sin*, he seems very restless, apprehensive. *v'i: uv a:m nax d'ukət fi: M bhí ~ a'm nach dtiocthadh sí. v'i: uv a:m a fa:r' er' M bhí ~ a'm ag faire air.* (ii) Impatient, 'dying for'. *ta uw æ:msə n'if' gə gahə tu wet' a L'aur fin' S tá ~ a'msa anois go gcaithidh tú uait an leabhar sin. ta uw æ:d gə n'im'i: tu: S tá*

~ a'd go n-imí tú. v'i: uv a:m gə m'ex ə
la: gə br'a: M bhí ~ a'm go mbeadh an lá
 go breá.

ucastóir, m. Swindler, thief. s i:ntəx ə
tukəstə:r' e jin' S is iontach an t-~é sin.

ucastóireacht, f. (As VN) Swindling,
 chicanery, theft, S.

ucht, m. Chest. (In compound prp) *in* ~,
 near. ən ɔxt ən wə:f, ən ɔxt bə:s a:l Mq
in ~ an bháis, in ~ bás a fháil.

úchta, f. Will. (In interjection) **der' mu:xtə**
gə rə, der' ~ d'e:, ... ~ n le: gə rə, ... ~
N' f'ik'i:n', ... ~ n sp'irəd ni:w a:x gə ...
 M doir m'~ go raibh, doir ~ Dé, ... an lae
 go raibh, ... ~ an tsicín, ... ~ an Spiorad
 Naomh ach go ... ; ... nə f'ir'ə'n'ə S ... ~
 na f'irinne.

údar, m. 1. Authority. **gohə ji: gə b'e:l ən**
u:dər ə'noxt M gabhthaidh sí go béal an
 údair anocht, ... the highest authority in
 the case. 2. Essential meaning. **N'i:l' fə:kəl**
ə t'ixt ə:s mə v'e:l nax wul tu' bə:n't
u:dər ə:s S níl focal ag tíocht as mo
 bhéal nach bhfuil tú ag baint ~ as.¹ Sense.
 ~ a bhaint as rud, A' mbaineann tú héin
 aon ~ as? Cén t-~ a bhaintheá as sin? 3.
 Cause. **Údar dho**, cause of animosity. (a)
 Cén t-~ a bhí a'd dhon chréatúr? S, what
 had you against ... (that caused you to
 strike ...)? **N'i hə:hə m'e' e: | n'i:l' an**
(en ?) u:dər am yə: 64M ní sháithidh mé
 é, níl aon ~ a'm dhó. (b) ~ ná ábhar, **N'i:**
ná u:dər nə: ə:vər æ:d dum M ní raibh ~
 ná ábhar a'd dom. v'i: **fe t'red' l'um ʃ**
gən u:dər nə: ə:vər eg'ə yum M bhí sé
 ag troid liom is gan ~ ná ábhar aige
 dhom. 4. Reason. (a) (In phrase
 introducing explanation) *Mar sé sin an t-*
~, i Sasana a bhí mé, ... 16St. (b) ~ ...
ábhar, harən tu ma:x orəm gən u:dər
nə: ə:vər S tharrainn tú amach orm gan
 ~ ná ábhar. **d'im'ə fe gən u:dər nə:l**
gən ə:vər M d'imigh sé gan ~ ná l gan
 ábhar. **p'e:b'i: sə d'aul k'en tu:dər e nu**
k'en tə:vər e M péibi sa deabhal cén t-~
é nó cén t-ábhar é. Cén t-~? why. 5.
 Sufficient amount for, makings of, enough
 for. **wil' u:dər kor el' æd P' Bhfuil ~ cor**
eile a'd? have you (enough rope) for
 another twist? 6. Stock. **hə:n'ək' fe ə:**
u:dər ma, tə' u:dər mah ə:n | b'ehiəx

¹ The speaker is referring to my collection of
 dialect material.

nu: di:n'ə S 'tháinig sé ó ~ maith,' 'tá ~
 maith ann,' beithíoch nó daoine (in
 explanation **jin' gə rə u:dər mā: nə**
wā:hər' nu: ... S sin go raibh ~ maith ina
 mháthair nó ...).

údragáil, údramáil (FGB), **údramháil,**
dúdramháil, iúdramáil, ghiúdragáil,
 (údramáil seems most common). f. 1.
 Apparent disagreement, argument. **k'e:n**
sə:rt u:d'rə:mə:l' tə: ed'ər' iəd jin' ə'mih
eg' ə ŋ'ætə S cén sórt ~ é sin atá eidir
 iad sin atá amuigh ag an ngeata? v'i:
u:d'rə:mə:l' ək'ixt'əxt ed'ər' iəd jin' S
 bhí ~ eicínacht eidir iad sin. v'i: **mid'**
əg' u:d'rə:mə:l' l'e x'e:l'ə S bhí muid ag
 ~ le chéile. Údragáil chainte CAR. 2.
 Lumbering. **Údramáil anúnn 's anáil SM.**
b'e'i m'e g u:d'rə:mə:l' l'um gə wi: m'e
ŋ' k'an əs ə:r er' S beidh mé ag ~ liom
 go bhfuighidh mé an ceann is fhearr air,
 l'il go lumbering (in and out) until A
 -b'e m'e g u:d'rə:mə:l' ə'mə:x *Beidh mé*
ag ~ amach. B -is b'e:r' gə d'ukəx əŋ
 xə:r suəs l'æt S *Is b'fhéidir go*
d'tiocthadh aon charr suas leat. 3. Gad-
 ding about. **g u:d'rə:mə:l' s gən əŋ**
γruhə e:n ə:l' æd S ag ~ is gan aon
 ghnotha aon áit a'd.

ugach, m. Slightest encouragement,
 slightest coaxing. Hint. *Dheamhan an t-~*
héin a fuair mé. e:n ugəx er' ə f'k'e:l,
N'ir hug fe e:n ~ um, ər wə'n' tu en ~
ə:s S aon ~ ar an scéal, níor thug sé aon
 ~ dhom, ar bhain tú aon ~ as? (Perhaps
 (also) **ogəx**, as indicated in FFG20 s.v.
 ogach.)

uilig, a. (In adverbial use) Altogether. *Bhí*
bean eile lena taobh, bhí cupla bean ~
ann M. (Also) ~ is ~. *Ná rígh ro-láidir ~*
's ~ é S 'do not tighten it as tight as you
 possibly can'.

úim, n. (In phrase) **ge:n u:m' ə'wə:n'**
dh'aon ~ amháin, at one fell swoop.
hə:n'ək' fe ge:n u:m' ə'wə:n' əgəf
l'æg fe m'e M tháinig sé dh'aon ~
 amháin agus leag sé mé.

úireadas, m. Freshness, S.

uirnéis, f. (Collective noun) Tools. ... *i*
gcíonn an ouirnéis ... 894C9. A *chuid*
ouirnéis héin !894C9.

úis, f. 1. Nausea. **xir'ət fe u:f ort** S
chuirtheadh sé ~ ort. 2. Disgusting sight,
 distasteful thing. **bə wə:r ən u:f ə xumə**
v'i: er' n'ir v'ar fe e he:n l'e ra:hə S

ba mhór an ~ an chuma a bhí air níor bhearr sé é héin le ráithe. 3. Terrible loss, injury. bə wɔr ən u:f nə fə:ti: lofə S ba mhór an ~ na fataí lofa. xuə fe gər gə v'ɛ n 'a:n'u:f S chuaigh sé gar dho bheith ina an~. u:f wɔr ə v'i: ən | gə: muəl'əx ɣa: xɑ:r fi: x'e:l'ə S ' ~ mhór a bhí ann,' dhá mbuaileadh dhá charr faoi chéile. Cp. ta u:f wɔr gə ʃam aɡəm !(Abó)898P tá ~ mhór dho Team agam, (perhaps) bad tidings, distressing news. Cf. UAIS.

uisce, m. Water. **1.(a)** hju:l'həd fe jin' er' ən iʃk'ə ə d'e:rhə: l'e æ:səl ə v'ox gə mæ: gɔf hri: wogəxi: M 'shiuiltheadh sé sin ar an uisce,' a déarthá le asal a bheadh go maith ag goil thrí bhogachaí. **(b)** xæ: fe ma:x ə tiʃk'ə sa:ləx iʃ n'i: rə n tiʃk'ə glə:n əʃt'ih eg'ə S chaith sé amach an t~ salach is ní raibh an t~ glan istigh aige (getting rid of one thing without having a replacement). **(c)** xu:ns ə v'eis iʃk'ə ri:x əs f'e:r ə fə:s S chúns a bheidheas ~ ag rith is féar ag fás (forever). **2.** (In figures of speech) worthless. n'i: f'u: iʃk'ə nə niv'əxi: hu: SM ní fiú ~ na n-uibheachaí thú. **3.** Hot water. Bhí a dhinnéar coinní dhó as cionn ~ te **43M** (on a pot). (Of hot water bottle) Cuir braon ~ te i do leaba M. Cuirthidh tú héin ~ in do leaba M. **4.** Amniotic fluid, 'waters'. ha:n'ək' iʃk'ə m fə:ʃt'ə l'e'hə M tháinig ~ an pháiste léithi. vr'ij' ən tiʃk' orhə M bhris an t~ uirthi. Tháinig ~ an tsearraigh leis an láir M. Bhí an t~ briste M. a'l' ə m'e:rhə ʃi: n li: br'ij'ə ʃi: n tiʃk'ə S sula mbéarthaidh sí an lao bristhidh an t~. **5. Teighre / imigh ar an uisce bruíte**, become thin, emaciated. o: nax i: ... ta: gɔf' er' ən iʃk' brif'ə M Ó! nach í ... atá gaibhte ar an ~ bruíte. ta tu m'i:hə er' ən iʃk'ə brif'ə l'ig' M tá tú imithe ar an ~ bruíte uilig. **6. Uisce faoi thalamh**, intrigue. Níl ann ach ~ faoi thalamh dhe dhuine, he is nothing but an intriguer, he is a schemer. Séard thú héin ~ faoi thalamh dhe dhuine.

